
Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

codema
Dublin's Energy Agency



COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

# PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON ATHRÚ AERÁIDE

## 2019-2024

D'fhorbair gníomhaireacht fuinnimh Bhaile Átha Cliath, Codema, an Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide seo thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall, le cúnamh agus tacaíocht ón gCoiste Beartais Straitéisigh (CBS) Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil. Is é Cathaoirleach an CBS an Comhairleoir Paul Donnelly.

Ullmhaíodh an Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide agus aird, chomh maith, ar *Straitéis i dtreo Pleananna Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide d'Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath*, a foilsíodh in 2017.

**Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta (TMO)**
Ullmhaíodh an Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide i gcomhréir le ceanglais na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta), 2004 agus Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE. Chinntigh an próiseas MST agus TOMO, ar tugadh faoi i gcomhthráth le hullmhú an Phlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide, go ndearnadh comhtháthú agus breithniú iomlán ar shaincheisteanna comhshaoil i gcaitheamh phróiseas ullmhaithe an phlean gníomhaíochta. Moladh roinnt de na gníomhartha lena maolú trí na próisis mheasúnaithe seo, agus déanfar iad a chuimsiú isteach sa phlean seo. Féach, le do thoil, Caibidil 8 de thuarascáil chomhshaoil an MST chun teacht ar fhaisnéis ar na bearta seo.

Tá Tuarascáil Chomhshaoil agus Ráiteas Scagtha an MST, a thacaíonn leis an Tuarascáil TMO agus an Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura ar fáil mar cháipéisí aonair, agus tá siad le léamh i gcomhar leis an bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide.

# CLÁR ÁBHAR


ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN 4

RÉAMHRÁ 8

GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE – OIRIÚNÚ AGUS MAOLÚ 12

COMHTHÉACSANNA DOMHANDA, NÁISIÚNTA AGUS ÁITIÚLA 13

PRÓISEAS AN PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 18

GARSPRIOC 1: TOSÚ 20

GARSPRIOC 2: TAIGHDE 21

FEASACHT PHOIBLÍ 22

BONNLÍNE OIRIÚNAITHE 26

BONNLÍNE MHAOLAITHE 48

GARSPRIOC 3: PLEAN 53

GNÍOMHARTHA A BHAILIÚ AG TÁSCAIRÍ A FHORBAIRT 53

LIMISTÉIR GHNÍMH 55

FUINNEAMH AGUS FOIRGNIMH 56

IOMPAR 66

ATHLÉIMNEACHT TUILTE 74

RÉITIGH DHÚLRABHUNAITHE 82

BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ 90

GARSPRIOC 4: CUR I bhFEIDHM 96

GARSPRIOC 5: MONATÓIREACHT AGUS ATRIALL 97

AGUISÍNÍ 98

# BROLLACH




## TEACHTAIREACHT Ó MHÉARA AN CHONTAE, ANTHONY LAVIN

Tugtar aghaidh go gníomhach i bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide Chomhairle Contae Fhine Gall chun an pobal a chur ar an eolas agus a ghníomhú trí réimse cláir agus comhpháirtíochtaí nuálacha agus, nuair is féidir, éascóidh sí réitigh faoi stiúir an phobail ón mbun aníos.

Tá a bPleananna Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide á bhforbairt go comhoibritheach trí Codema, Gníomhaireacht Fuinnimh Baile Átha Cliath ag ceithre Údarás Áitiúla áitiúla Bhaile Átha Cliath - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Tá na pleananna seo á bhforbairt ar threallús Choistí Beartais Straitéisigh na n-údarás áitiúil faoi seach.

Cabhróidh Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide Chomhairle Contae Fhine Gall le réigiún atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a dhéanamh d'Fhine Gall agus cosnóidh sé a phríomhbhonneagar tríd an tionchar a imríonn imeachtaí reatha agus amach anseo a bhaineann le hathrú aeráide a laghdú trí oibriú i ndlúthchomhar le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath eile, údaráis réigiúnacha agus comhlachtaí náisiúnta.

Déanfaidh foireann thiomnaithe gníomhaithe ar son na haeráide monatóireacht leanúnach ar na gníomhartha sa phlean seo a bheidh ag oibriú ar fud gach Rannóige sa Chomhairle. Táimid ag tnúth le hoibriú le hOifig Réigiúnach Cathrach Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar Son na hAeráide nuabhunaithe, a chinnteoidh go ndéantar an plean foriomlán a nuashonrú go hiomlán gach cúig bliana leis an mbeartas, teicneolaíocht agus tionchar a bhaineann leis an aeráid a chuimsiú ann.





## TEACHTAIREACHT ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH, PAUL REID


Tá athrú aeráide ar cheann de na dúshláin dhomhanda bheartais phoiblí is mó atá roimh rialtais inniu agus tá tús áite tugtha ag Comhairle Contae Fhine Gall dó ina clár.

Leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide Chomhairle Contae Fhine Gall conas a fheabhsóidh an Chomhairle éifeachtúlacht fuinnimh agus conas a laghdóidh sí astaíochtaí gás ceaptha teasa ina foirgnimh agus ina hoibríochtaí féin, agus réigiún á dhéanamh d'Fhine Gall i gcomhthráth ina bhfuil saoránaigh níos eolaí agus atá níos athléimní don aeráid.

Sainaithníodh cúig phríomhlimistéar sa Phlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide, atá foilsithe anois mar chomhthionscnamh idir ceithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath, agus beidh Comhairle Contae Fhine Gall meáite ar an tionchar a imríonn an athraithe aeráide a laghdú.

Tá an sprioc á baint amach ag Comhairle Contae Fhine Gall cheana féin chun sprioc uaillmhianach a bhaint chun a hídiú fuinnimh a laghdú 33% faoin mbliain 2020, i ndiaidh gur baineadh coigilteas mór amach le hocht mbliana anuas. Ó 2010 ar aghaidh, bhain Comhairle Contae Fhine Gall éifeachtúlachtaí fuinnimh 30.3% amach. Rinneadh 2,950 tonna d'astaíochtaí $CO_2$ a choigilt go dtí seo mar chuid den iarracht chun an cuspóir seo a bhaint.

Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ag oibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun tionchar a imirt ar agus tacú le tionscnaimh laghdaithe carbóin ar fud earnálacha iompair, tráchtála agus cónaithe an Chontae.



# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

**Tá na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath ag oibriú as lámh a chéile den chéad uair chun Pleananna Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide a fhorbairt mar fhreagairt chomhoibritheach don tionchar a imríonn athrú aeráide, agus a leanfaidh sé ag imirt, ar Réigiún Bhaile Átha Cliath agus a shaoránaigh. Cé go mbaineann gach plean go huathúil lena limistéar feidhme, glacann siad an cur chuige céanna i dtaobh oiriúnú d'athrú aeráide agus athrú aeráide a mhaolú, agus tá gach ceann díobh tiomanta do cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla chun dul i ngleic leis an tsaincheist dhomhanda seo.**

**Tá sa Phlean Gníomhaíochta d'Athrú Aeráide seo réimse gníomhartha i measc cúig phríomhlimistéar - Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Athléimneacht do Thuile, Réitigh Dhúlrabhunaithe agus Bainistíocht Acmhainní - a théann i ngleic, i dteannta a chéile, leis na ceithre sprioc sa phlean seo:**

- **Feabhsú 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoin mbliain 2020**
- **Laghdú 40% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoin mbliain 2030**
- **Réigiún atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath, tríd an tionchar a imríonn athrú aeráide amach anseo seo a laghdú**
- **Saoránaigh a ghníomhú agus a chur ar an eolas ar athrú aeráide go gníomhach**

**Chun go mbaineann Comhairle Contae Fhine Gall na spriocanna seo amach, leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide an tionchar reatha a imríonn athrú aeráide agus gás leibhéil astaíochtaí ceaptha teasa sa Chontae, trí bhonnlínte oiriúnaithe agus maolaithe a fhorbairt. Scrúdaítear ann, chomh maith, an tionchar a d'fhéadfadh athrú aeráide a imirt ar an réigiún agus leagtar amach ansin an chéad leagan de ghníomhartha a úsáidfear chun foinse agus éifeachtaí an tionchair seo a laghdú.**

**Shainaithint an bhonnlíne oiriúnaithe go bhfuil tionchar á imirt cheana féin ag éifeachtaí an athraithe aeráide ar cheantar Fhine Gall ar ráta suntasach agus is rídhóchúil go dtiocfaidh méadú air i dtaobh minicíochta agus déine. Is cosúil go bhfuil leibhéal farraige Chuan Bhaile Átha Cliath Measartha ag ardú níos tapúla ná mar a rinneadh a thuar i dtosach agus tá ardú dhá uair ní b'airde tagtha air ná an meán domhanda le 20 bliain anuas. Tá méadú tagtha, chomh maith, ar an líon laethanta inar thit báisteach throm agus ar thuile mhór sa Chontae le 10 mbliana anuas. Tugadh teochtaí as cuimse faoi deara i bhFine Gall, chomh maith, a dhéanaí le 2018, agus d'eisigh Met Éireann a chéad rabhadh Stádais Dhearg riamh i dtaobh sneachta i bhFeabhra, agus lean ceann de na samhraí ba theo a cuireadh i gcuntas riamh anall i rith Mheithimh agus Iúil. Tugann na teagmhais adhaimsire go léir seo chun solais go soiléir an gá atá leis an tionchar a imríonn athrú aeráide ar an timpeallacht, an geilleagar agus saoránaigh Bhaile Átha Cliath a laghdú.**



*Foinse an ghrianghraif: Tourism Ireland / Brendan Lyon*

**Déanann an bhonnlíne mhaolaithe na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh do ghníomhaíochtaí féin na Comhairle agus do Chontae Fhine Gall trína chéile (miondealú san áireamh ar na hearnálacha cónaithe, iompair agus tráchtála). Dheimhnigh sé gur tháirg Comhairle Contae Fhine Gall 12,620 tonna de $CO_2$ in 2017 agus gur laghdaigh sí a cuid astaíochtaí 19% le 10 mbliana anuas. Anuas air sin, d'fheabhsaigh an Chomhairle a héifeachtúlacht fuinnimh 30.3% agus tá an chuma air faoi láthair go mbainfidh sí a sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 33% faoin mbliain 2020.**

**Bailíodh na gníomhartha sa phlean seo chun an bhearna a dhúnadh atá idir an bhonnlíne reatha agus na spriocanna a luaitear, agus déanfar iad a nuashonrú go rialta agus a chur le hardán Athraithe Aeráide Bhaile Átha Cliath (www.dublinclimatechange.ie). Is iomaí comhthairbhe a chruthaíonn na gníomhartha seo, ar nós sláinte fheabhsaithe trí aer níos glaine agus taisteal gníomhach, timpeallacht níos fearr trí ghnáthóga a chosaint, agus geilleagar níos láidre mar gheall ar mhargaí nua agus deiseanna poist.**

**Nuair a chuirtear san áireamh, áfach, gurb ionann foirgnimh, oibríochtaí agus tithíocht shóisialta na Comhairle agus níos lú ná 2% de na hastaíochtaí iomlána i bhFine Gall, tugann sé an gá chun solais chun dul i ngleic leis an 98% eile d'astaíochtaí a tháirgtear ar fud an Chontae. Agus an dúshlán seo á aithint, oibreoidh Comhairle Contae Fhine Gall le príomhpháirtithe leasmhara chun tionchar a imirt ar agus tacú le tionscnaimh laghdaithe carbóin ar fud earnálacha iompair, tráchtála agus cónaithe an Chontae.**

**Anuas air sin, mar gheall go mbaineann páirt lárnach ag feasacht phoiblí maidir le hoiriúnú d'athrú aeráide agus é a mhaolú, geallann Comhairle Contae Fhine Gall, tríd an bplean seo, chun dul i ngleic leis an mbearna reatha eolais agus spreagfaidh sé saoránaigh chun gníomhú i leith athrú aeráide trí réimse gníomhartha feasachta agus athraithe iompraíochta.**

**D'fhorbair gníomhaireacht fuinnimh Bhaile Átha Cliath, Codema, an Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide seo thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall, i ndiaidh próiseas forleathan taighde, anailís bheartais, cruinnithe aghaidh ar aghaidh agus ceardlann leis an bhfoireann agus grúpaí oibre réigiúnacha. Leanann sé foilsiú Straitéis i dtreo Pleananna Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide d'Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath, a foilsíodh in Eanáir 2017.**

**Pointe tosaigh a bheidh sna gníomhartha sa phlean seo agus déanfaidh foireann thiomnaithe Gníomhaithe ar son na hAeráide monatóireacht agus nuashonrú rialta orthu, a bheidh ag oibriú le Grúpa Stiúrtha Idir-Roinne a dhéanann ionadaíocht do na Ranna go léir sa Chomhairle. Cabhróidh Oifig Réigiúnach Cathrach Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar Son na hAeráide nuabhunaithe leo, a chinnteoidh go ndéantar an plean foriomlán a nuashonrú go hiomlán gach cúig bliana leis an mbeartas, teicneolaíocht agus tionchar a bhaineann leis an aeráid a chuimsiú ann. Oibreoidh an oifig nua le Codema, mar chomhpháirtí tacaíochta agus taighde theicniúil, lena chinntiú go leanann dea-chleachtas idirnáisiúnta agus institiúidí taighde réigiúnacha le heolas a chur ar fáil do na pleananna.**

**D'aithin an tOireachtas tromchúise an cháis i ndiaidh gur dhearbhaigh Dáil Éireann go bhfuil Éigeandáil Aeráide ann.**



# EOLAS FAOIN bPLEAN



Leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide Chomhairle Contae Fhine Gall conas a fheabhsóidh an Chomhairle éifeachtúlacht fuinnimh agus conas a laghdóidh sí astaíochtaí gás ceaptha teasa ina foirgnimh agus ina hoibríochtaí féin, agus réigiún á dhéanamh d'Fhine Gall i gcomhthráth ina bhfuil saoránaigh níos eolaí agus atá níos athléimní don aeráid. Bainfear seo amach trí réimse gníomhartha leanúnacha agus beartaithe i gcúig phríomhlimistéar, a ndéanfar monatóireacht, meastóireacht agus nuashonrú leanúnach orthu a fhad le 2030 agus ina dhiaidh sin.

# PRÍOMHSPRIOCANNA

Feabhsú

**33%**

ar **éifeachtúlacht fuinnimh** na Comhairle faoin mbliain 2020





**Réigiún atá seasmhach ó thaobh na haeráide** de a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath, tríd an tionchar a imríonn athrú aeráide amach anseo seo a laghdú

Laghdú

**40%**


ar **astaíochtaí gás ceaptha teasa** na Comhairle faoin mbliain 2030






**Saoránaigh a ghníomhú agus a chur ar an eolas** ar athrú aeráide go gníomhach

# LÉARGAS GINEARÁLTA AR FHINE GALL



**SAMPLAÍ DE NA PRÍOMH-AIBHNEACHA**

AN BARDA
AN AILBHNE
AN CHORR DHUBH
BAILE BACHAILLE
ABHAINN GHABHRA
SEANTRABH
AN TULCHA
AN LIFE
AN CHOMHAIL
AN MHAIGHIN

**PRÍOMHLIMISTÉIR RIOSCA:**

TUILE

ARDÚ AR LEIBHÉAL NA FARRAIGE

TEAGMHAIS ADHAIMSIRE ar nós stoirmeacha, tréimhsí fuara, tonnta teasa


DAONRA
**296,020**

**104,851**
LÍON NA DTEAGHLACH

IMEALLBHORD
**88 km**
CILIMÉADAR

# LIMISTÉIR GHNÍMH

Eagraíodh na gníomhartha sa phlean seo faoi na limistéir ghníomhaíochta a thaispeántar thíos, a léiríonn réimse seirbhísí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Fhine Gall.



# RÉAMHRÁ

Tá athrú aeráide ar cheann de na dúshláin bheartais phoiblí atá le díriú ar ag rialtais inniu.



## IS IAD CEITHRE PHRÍOMHSPRIOC AN PHLEAN SEO:

Feabhas
**33%**
ar **éifeachtúlacht fuinnimh** na Comhairle faoi 2020

**Réigiún atá seasmhach ó thaobh na haeráide de** a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath, tríd an tionchar a imríonn teagmhais a bhaineann le hathrú aeráide amach anseo seo a laghdú

Laghdú
**40%**
ar **astaíochtaí gás ceaptha teasa** na Comhairle faoin mbliain 2030

GHG

Ár **saoránaigh a ghníomhú agus a chur ar an eolas** ar athrú aeráide go gníomhach

Tá athrú aeráide ar cheann de na dúshláin dhomhanda bheartais phoiblí is mó atá roimh rialtais inniu. Tá iarmhairtí forleathana geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil á dtabhairt faoi deara cheana féin ag a thionchar. Forbraíodh comhaontuithe idirnáisiúnta, Comhaontú 21 Chomhdháil na bPáirtithe (CNP) i bPáras ina measc arbh é ba dhéanaí a comhaontaíodh, chun rialtais náisiúnta a aontú i dtiomantas chun na cúiseanna daonna a bhíonn le hathrú aeráide a laghdú.

D'fhoilsigh Rialtas na hÉireann *an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin, 2015* [1], *an Plean Maolaithe Náisiúnta* [2], *an Creat Oiriúnaithe Náisiúnta* [3] agus *Tionscadal Éireann 2040 (an Creat Pleanála Náisiúnta* [4] *agus an Plean Forbartha Náisiúnta)*. Leagtar amach iontu seo conas a bhainfidh Éire a gealltanais idirnáisiúnta agus Eorpacha amach, agus Éire a aistriú chuig sochaí ísealcharbóin. Chun tacaíocht a sholáthar d'údaráis áitiúla agus a bPleananna Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide (PGAAanna) á bhforbairt, d'fhorbair an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (an RCGAC) *Treoirlínte maidir le Straitéis Oiriúnaithe a Fhorbairt d'Údaráis Áitiúla 2018* [5]. Anuas air sin, bhunaigh an rialtas ceithre Oifig Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGAanna), a bhfuil gach ceann faoi stiúir údarás áitiúil.

Tá a bPleananna Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide á bhforbairt go comhoibritheach trí Codema, Gníomhaireacht Fuinnimh Baile Átha Cliath ag ceithre Údarás Áitiúla áitiúla Bhaile Átha Cliath (ÚÁanna BÁC) - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Tá na pleananna seo á bhforbairt ar threallús Choistí Beartais Straitéisigh (CBSanna) Comhshaoil faoi seach na gComhairlí.

Tá an chuma air go mbainfidh Comhairle Contae Fhine Gall (CCFG) a sprioc earnála poiblí amach ina gcuirfear feabhas 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2020. Is ionann seo agus meanfheabhas thart ar 3% sa bhliain ar fhoirgnimh agus oibríochtaí féin na Comhairle. Sínitheoirí iad na ÚÁanna BÁC go léir le tionscnamh Aeráide agus Fuinnimh Chonradh Méaraí an AE, ar gealltanas deonach é a thug baill chun Pleananna Gníomhaíochta Fuinnimh agus Aeráide Inbhuanaithe (PGFAIanna) a fhorbairt agus gáis cheaptha teasa (GCTanna) a réigiún a laghdú 40% faoin mbliain 2030. Cuirfidh CCFG an sprioc seo i bhfeidhm ar a hoibríochtaí féin ach imreoidh sí tionchar, chomh maith, ar laghdú ar GCTanna ar fud an chontae, trí cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus oibriú le príomhpháirtithe leasmhara agus cinnteoirí.

Cabhróidh CCFG, chomh maith leis sin, le réigiún atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a dhéanamh d'Fhine Gall agus cosnóidh sé a phríomhbhonneagar tríd an tionchar a imríonn imeachtaí reatha agus amach anseo a bhaineann le hathrú aeráide a laghdú trí oibriú i ndlúthchomhar le ÚÁanna eile i mBaile Átha Cliath, ORGA Bhaile Átha Cliath, údaráis réigiúnacha agus comhlachtaí náisiúnta.

Aithníonn an Chomhairle an Éigeandáil Aeráide faoi mar a dhearbhaigh an Dáil agus geallann sí sa phlean seo chun tús áite a thabhairt d'athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó i measc a cuid feidhmeanna. Ar aon dul leis an stádas éigeandála sin, áireofar leis an gcéad athbhreithniú bliantúil a dhéanfar ar an bplean (faoi mar a dtagraítear dó ar leathanach 97) breithniú a dhéanamh ar na gníomhartha a chuimsítear sa phlean chun spriocanna an Chonartha Méaraí um an Aeráid agus Fuinneamh a chomhlíonadh, ar aon dul le beartas rialtais atá á fhorbairt (na pleananna earnála a bheidh ag teacht aníos ina measc) agus brath ar chúnamh na hOifige Réigiúnaí um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Is gá na gealltanais seo chun cúiseanna agus tionchar an athraithe aeráide a laghdú a chomhtháthú isteach sa chinnteoireacht do phleanáil, beartais agus próisis oibríochtúla laistigh den údarás áitiúil. Is féidir é seo a bhaint amach tríd an oiliúint agus na huirlisí a sholáthar don fhoireann a theastaíonn chun roghanna feasacha a dhéanamh.

Ar deireadh, mar gheall go mbaineann ríthábhacht le saoránaigh chun réitigh a fháil ar athrú aeráide, déanfaidh CCFG an pobal a chur ar an eolas agus a ghníomhú go gníomhach trí réimse cláir agus comhpháirtíochtaí nuálacha agus, nuair is féidir, éascóidh sí réitigh faoi stiúir an phobail ón mbun aníos.

# NA CÚIG PHRÍOMHLIMISTÉAR GNÍMH DEN PHLEAN SEO

## FUINNEAMH AGUS FOIRGNIMH

*An méid seo a leanas san áireamh:*

- Uasghráduithe ar shoilsiú poiblí
- Iarfheistiú a thógáil a bhfuil ráthaíochtaí feidhmíochta acu
- Máistirphleanáil fuinnimh

## BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

*An méid seo a leanas san áireamh:*

- Tabhairt faoi thionscnaimh um chosc ar dhramhaíl leis an bhfoireann agus an pobal
- Tacaíocht do ghrúpaí pobail áitiúil
- Feachtais um stop a chur le cur amú bia

## IOMPAR

*An méid seo a leanas san áireamh:*

- Comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar phleanáil iompair agus úsáide talún
- Bealaí iompair phoiblí a fhorbairt
- Sráideanna a thacaíonn le coisithe a chruthú
- Saoráidí rothair phoiblí a mhéadú

## RÉITIGH DHÚLRABHUNAITHE

*An méid seo a leanas san áireamh:*

- Speicis dhúchasacha a chosaint
- Páirceanna poiblí a chothabháil
- Bonneagar glas agus glasbhealaí a fhorbairt

## ATHLÉIMNEACHT DO THUILTE

*An méid seo a leanas san áireamh:*

- Dearadh uirbeach atá athléimneach do thuilte
- Bainistíocht tuilte trasteorann
- Córais rabhaidh tuilte a fhorbairt
- Plean bainistíochta crios cósta a chur i bhfeidhm

## DEISEANNA CHUN CONTAE ÍSEALCHARBÓIN ATÁ SEASMHACH Ó THAOBH NA HAERÁIDE DE A DHÉANAMH D'FHINE GALL

### GEILLEAGRACH

1. Trí oiriúnú d'athrú aeráide anois, is féidir linn a chinntiú go ndéantar gach plean amach anseo seasmhach ó thaobh na haeráide de agus go n-uasmhéadaítear gach deis ghaolmhar
2. Trí bheith mar cheannairí aeráide, meallaimid infheistíocht dhíreach eachtrach ó chuideachtaí a bhfuil clár corparáideach glas acu
3. Trí réitigh áitiúla a úsáid chun athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, is féidir linn uasoiliúint a chur ar ár n-oibrithe agus fostaíocht a ghiniúint
4. Trí réitigh nuálacha a chur i bhfeidhm, is féidir linn deontais a bhaineann leis an aeráid ón AE a fháil agus fíneálacha amach anseo a laghdú
5. Trí fhoinsí dúchasacha inbhuanaithe a úsáid dár riachtanais fuinnimh, is féidir linn ár mbrath ar mhargaí breoslaí iasachta iontaise a laghdú

### COMHSHAOIL


1. Trí réitigh dhúlrabhunaithe a úsáid chun oiriúnú do rioscaí athraithe aeráide, is féidir linn bonneagar glas na Cathrach a mhéadú
2. Trí fheabhas a chur ar ár ngréasáin iompair phoiblí agus rothaíochta, laghdaímid úsáid gluaisteán príobháideach, GCTanna agus truailliú
3. Trí athléimneacht a mhéadú, is féidir linn ár bhflóra agus fána dúchasach a mhéadú
4. Trí gníomhartha maolaithe agus oiriúnaithe a chur i bhfeidhm anois, laghdaímid an tionchar féideartha ar an gcomhshaol amach anseo
5. Trí úsáid a bhaint as réitigh dhúlrabhunaithe le, nó in ionad, crua-innealtóireacht, is féidir linn costais ghaolmhara an ghníomhaithe ar son na haeráide a laghdú

### SÓISIALTA

1. Trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh ár stoic thithíochta sóisialta, is féidir linn billí fóntais tionóntaí a laghdú agus bochtaineacht bhreosla a laghdú
2. Trí rothaíocht agus siúl a spreagadh, is féidir linn feabhas a chur ar shláinte ár saoránach
3. Trí chosaint in aghaidh rioscaí aeráide, is féidir linn an tionchar ar shaoránaigh, a réadmhaoin agus ár seirbhísí a laghdú
4. Trí shaoránaigh a chur ar an eolas ar thionchar an athraithe aeráide agus réitigh fhéideartha ina gceantair, is féidir linn gréasáin de chomharsanachtaí atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú
5. Trí réitigh dhúlrabhunaithe a mhéadú, is féidir linn áit níos sláintiúla agus níos inmhianaithe le cónaí agus le hoibriú inti a dhéanamh den cheantar

# GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE – OIRIÚNÚ AGUS MAOLÚ

Díríonn an plean seo ar an dá chur chuige a theastaíonn chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Is éard atá i gceist leis an gcéad chur chuige, maolú, ná gníomhartha a laghdóidh astaíochtaí GCT reatha agus amach anseo a laghdú; áirítear le samplaí díobh seo laghduithe ar úsáid fuinnimh, aistriú chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite agus linnte carbóin a fheabhsú. Is éard atá i gceist leis an dara cur chuige, oiriúnú, ná gníomhartha a laghdóidh an tionchar atá á imirt cheana féin anois mar gheall ar ár n-aeráid athraitheach agus iad siúd a thuartar a tharlóidh amach anseo. Áirítear leo seo cosaint ar thuile, tionchar laghdaithe ag leibhéil na farraige atá ag ardú, athléimneacht mhéadaithe an bhonneagair, agus pleanáil freagartha éigeandála. Tá an cur chuige idirnasctha agus ba cheart iad a phleanáil le chéile. Tá gníomhartha maolaithe agus oiriúnaithe sa phlean seo bunaithe ar an gcás reatha faoi mar a shainítear sna bonnlínte, sna tuartha riosca amach anseo agus i sainchúram Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath.




*Fíor 1 Samplaí de roinnt Réitigh Mhaolaithe agus Oiriúnaithe agus a nAistrithe*

# AN COMHTHÉACS DOMHANDA

Tá tús áite á thabhairt ag rialtais fud fad na cruinne de réir a chéile d'fhreagairt d'athrú aeráide. Déanann a thionchar bagairt ar shlite maireachtála, an timpeallacht, slándáil, agus borradh geilleagrach. Léirítear tiomantas rialtas náisiúnta chun gníomhú i leith athrú aeráide sa chomhaontú nach ndearnadh a leithéid riamh roimhe seo a rinne 195 stát chun Comhaontú Pháras COP21 a shíniú. Leagadh an bhéim i dTuarascáil Speisialta an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (an PIRAA) a foilsíodh le déanaí ar an ngá atá le Comhaontú Pháras a chomhlíonadh agus a shárú agus laghduithe bríocha ar astaíochtaí a bhaint amach roimh 2030.

> **Theastódh aistrithe mear agus forleathana ó bhealaí a chuireann cosc ar théamh domhanda anuas go dtí 1.5 °C… i bhfuinneamh, talamh, uirbeach agus bonneagar (iompar agus foirgnimh ina measc) agus córais thionsclaíocha... Níor tugadh a leithéid de na haistrithe córais seo faoi deara roimhe seo i dtaobh scála, ach seans gur tugadh aistrithe ar an luas céanna faoi deara cheana féin, agus baineann laghduithe doimhne ar astaíochtaí i ngach earnáil, punann fhairsing roghanna maolaithe agus scálú aníos suntasach ar infheistíochtaí sna roghanna siúd…**
> - Tuarascáil Speisialta an PIRAA 2018 [6]

## RIOSCAÍ AGUS TUARTHA DOMHANDA

Léirigh an Eagraíocht Mheitreolaíochta Dhomhanda (an EMD) gurbh é 2017 an bhliain [7] ba mheasa a bhfuil cuntas uirthi i dtaobh teagmhais aeráide as cuimse. Is ar chathracha cósta a imríonn na stoirmeacha seo an tionchar is mó agus bíonn costais fhorleathana athshlánaithe le híoc acu dá réir sin. Ní hiad stoirmeacha atá ag neartú an t-aon chineál d'adhaimsir; cruthaíonn triomaigh, báisteach mhéadaithe, agus aimsir sheaca agus sneachta rioscaí, chomh maith, do cheantair uirbeacha agus thuaithe.

Ina Thuarascáil Speisialta 2018, luann an PIRAA:

> **Tuartar go dtiocfaidh méadú ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid i leith sláinte, slite maireachtála, slándáil bhia, soláthar uisce, slándáil dhaonna, agus borradh geilleagrach agus tá téamh domhanda le méadú 1.5 °C agus tá méadú breise 2°C le teacht air.**
> - Tuarascáil Speisialta an PIRAA 2018 [6]

Leagtar béim i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe (CFNA) [8] ar an tábhacht a bhaineann le hathrú aeráide do shochaí chothrom agus chóir. Is féidir le gach ceann de na 17 sprioc a bheith bainteach le tionchar agus deiseanna an athraithe aeráide, agus baineann Sprioc 7 *Fuinneamh Glan Inacmhainne* agus Sprioc 13 G*níomhú ar son na hAeráide* go mór le hábhar.

> **Is í an fhís atá againn d'Éirinn sa bhliain 2030 ná tír: a bhfuil dul chun maith á dhéanamh aici chun aistriú a bhaint amach chuig geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoin mbliain 2050, agus dul i ngleic i gcomhthráth le saincheist na bochtaineachta fuinnimh, a dtacaíonn infheistíocht i bhfuinneamh in-athnuaite agus iompar inbhuanaithe leis, anuas ar fheabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh na timpeallachta tógtha;**
> - Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, Plean Náisiúnta um Chur i bhFeidhm 2018-2020 [9]

Agus sinn ag dul i ngleic leis an tionchar seo ar athrú aeráide, teastaíonn uainn na rioscaí a thuiscint. I dTuarascáil 2017 an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda ar Riosca Domhanda [10], bhain ceithre cinn de na cúig riosca dhomhanda ba mhó le hathrú aeráide - teagmhais adhaimsire, géarchéimeanna uisce, tubaistí nádúrtha móra agus teip ar mhaolú agus oiriúnú d'athrú aeráide. Leagann seo béim air nach díreach saincheist comhshaoil é athrú aeráide, ach gur saincheist shóisialta agus gheilleagrach í, chomh maith, a bhfuil freagairtí comhtháite agus comhoibritheacha ag teastáil uaidh.



# AN COMHTHÉACS NÁISIÚNTA - ÉIRE

D'aithin an AE na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide agus, dá éis sin, leagadh spriocanna náisiúnta amach d'Éirinn faoi threoracha éagsúla AE a rinneadh a thrasuí mar ionstraimí reachtúla. Teastaíonn uathu seo go mbaintear spriocanna áirithe amach d'éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite agus laghduithe ar GCT faoin mbliain 2020, is é sin:

- Laghdú 20% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa nach mbaineann leis an scéim trádála astaíochtaí maidir le leibhéil 2005
- Sciar ídiú fuinnimh an AE a ardú a tháirgeann acmhainní in-athnuaite aníos go dtí 20% (arna choigeartú anuas go dtí 16% d'Éirinn)
- Feabhsú 20% ar éifeachtúlacht fuinnimh an AE
- Ar aon dul leis *an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh* (an PGNÉF), tá ÚÁanna BÁC tiomanta d'fheabhsú 33% a bhaint amach ar éifeachtúlacht fuinnimh dá n-oibríochtaí féin


Leagadh spriocanna nua amach do laghdú ar astaíochtaí don bhliain 2030, agus is ionann iad go fóill agus thart ar 20% d'Éirinn. Forbraíodh an Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide agus aird ar na comhaontuithe, treoracha, reachtaíocht agus rialacháin idirnáisiúnta, Eorpacha, agus náisiúnta seo. Áirítear leo seo *an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin, 2015*, *an Plean Maolaithe Náisiúnta* (an PMN), *an Creat Oiriúnaithe Náisiúnta* (an CON), agus *an Creat Pleanála Náisiúnta* (an CPN). Pleananna trasearnála iad na pleananna éagsúla seo agus baineann comhoibriú leo idir comhlachtaí iolracha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla; léirítear an caidreamh seo i bhFíor 2.

Faoin gCreat Oiriúnaithe Náisiúnta, is gá pleananna oiriúnaithe earnála a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialtais lena bhfaomhadh faoin 30 Meán Fómhair 2019.

Ullmhófar pleananna oiriúnaithe do na hearnálacha seo a leanas:

- Bia Mara - an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Talmhaíocht - an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Foraoiseacht - an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Bithéagsúlacht - an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
- Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta - an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
- Bonneagar Iompair - an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- Líonraí Leictreachais agus Gáis - an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
- Líonraí Cumarsáide - an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
- Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte - Oifig na nOibreacha Poiblí
- Cáilíocht an Uisce - an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- Bonneagar Seirbhísí Uisce - an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- Sláinte - an Roinn Sláinte

Beidh cur i bhfeidhm, monatóireacht agus leaganacha amach anseo ar an bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide ar aon dul le pleananna oiriúnaithe earnála faofa agus oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le hearnálacha chun na pleananna earnála a bhaint amach agus a sholáthar. Tabharfar aird, chomh maith, sna pleananna maidir leis an tuarascáil 'Athrú Aeráide: comhdhearcadh traspháirtí faoi ghníomhú ar son na haeráide' de chuid an Oireachtais (Márta 2019), prionsabal aistrithe chóir agus an Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide 2019 chun Cliseadh na hAeráide a Chomhrac ina measc.




*Fíor 2 Comhthéacs Institiúide agus Beartais*

# AN COMHTHÉACS RÉIGIÚNACH

Aithnítear go domhanda gurb iad rialtais áitiúla an leibhéal rialtais is mó is oiriúnaí chun dul i ngleic le hathrú aeráide, mar gheall ar an ról atá acu i ngníomhaíochtaí laethúla daoine. D'aithin rialtas na hÉireann é seo, agus tá údaráis áitiúla ag oibriú go gníomhach i gcomhairle leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (an RCGAC) chun cur chuige réigiúnach a fhorbairt i leith gníomhú ar son na haeráide trí cheithre Oifig Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGAanna) a bhunú. Déanann an cur chuige a bheartaítear údaráis áitiúla a ghrúpáil bunaithe ar shaintréithe tíreolaíocha atá ag gach ceann chun gur féidir leo dul i ngleic leis na bagairtí agus an tionchar a chruthaíonn teagmhais drochaimsire agus rioscaí a chruthaíonn athrú aeráide leanúnach laistigh dá réigiún. Díreoidh ORGA Bhaile Átha Cliath ar rioscaí a bhaineann go sonrach le ceantair uirbeacha.

## RÓL AGUS SAINCHÚRAM CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

Mar gheall ar fhorálacha san *Acht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin, 2015*, caithfidh údaráis áitiúla aird a thabhairt ar *an gCreat Oiriúnaithe Náisiúnta agus an Plean Maolaithe Náisiúnta* nuair a bhíonn seirbhísí agus oibríochtaí á soláthar, agus pleananna oiriúnaithe a tháirgeadh i gcomhréir le treoir a sholáthraítear sna *Treoirlínte maidir le Straitéis Oiriúnaithe Údaráis Áitiúil a Fhorbairt 2018*. Anuas air sin, iarrtar orthu glacadh le ról ceannaireachta laistigh dá bpobail áitiúla chun athrú cuí iompraíochta a spreagadh. I gcomparáid le tíortha eile, áfach, tá údaráis áitiúla in Éirinn teoranta i dtaobh a soláthair seirbhíse agus a gcumais dhírigh dhlíthiúil, agus is minic go ndéantar príomhchinntí ar leibhéal náisiúnta seachas ar leibhéal áitiúil. Dá ainneoin sin, tá ról tábhachtach comhordaithe ag údaráis pleanála áitiúla trí bheartais agus cuspóirí plean forbartha a chruthú, agus trí thionchar a imirt, ach go háirithe, ar fhorbairt san earnáil phríobháideach tríd an bpróiseas bainistíochta forbartha. Go héifeachtach, cabhraíonn an próiseas seo le dul i ngleic le riachtanais mhaolaithe agus oiriúnaithe mar gheall go gcuirtear beartais agus cuspóirí i bhfeidhm i bhforbairtí nua de bhun ceadanna. Is féidir le pleananna forbartha contae, pleananna ceantair áitiúil agus scéimeanna pleanála Crios Forbartha Straitéisí (CFS) dul i ngleic le saincheisteanna maidir le hathrú aeráide ar leibhéal áitiúil.

Bailíodh na gníomhartha sa phlean seo bunaithe ar an sainchúram seo. Díríonn CCFG ar na ceantair a dhéanamh díonach ar an aeráid a bhfuil freagracht dhíreach air astu. I limistéir lasmuigh dá shainchúram, oibreoidh CCFG chun tacú leis na pleananna oiriúnaithe agus maolaithe earnála a chur i bhfeidhm a fhorbraíonn, ach gan bheith teoranta dóibh siúd a fhorbraíonn, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (RTPRÁ), an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (an RITS), Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (an RTBM), agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (an RCGAC), agus tacófar, leis sin, leis an gcur chuige uile-rialtais i leith gníomhú ar son na haeráide. Agus a ról a aithint mar cheannaire aeráide, tá CCFG tiomanta do cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla; tá baint lárnach ag an bplean seo a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú trí ORGA Bhaile Átha Cliath leis seo a dhéanamh.

## AN OIFIG RÉIGIÚNACH UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE (ORGA)

Tá Oifig Réigiúnach Cathrach Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar Son na hAeráide atá nuabhunaithe ar cheann de cheithre oifig réigiúnacha um athrú aeráide a bunaíodh mar fhreagairt do Ghníomh 8 den *Chreat Oiriúnaithe Náisiúnta (an CON)* 2018 – *Pleanáil d'Éirinn atá Seasmhach ó Thaobh na hAeráide de*. Faoin CON, tá pleananna oiriúnaithe earnála le forbairt agus le cur i bhfeidhm a dhéanfaidh difear d'obair ÚÁanna BÁC. Mar dhea, déanfaidh ORGA Bhaile Átha Cliath idirchaidreamh leis na ranna rialtais faoi seach chun gníomhartha a ailíniú faoina dtugann ÚÁanna BÁC le pleananna oiriúnaithe earnála.

**Is é ról ORGA Cathrach Bhaile Átha Cliath chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Cabhrú leis na húdaráis áitiúla laistigh den réigiún chun a bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide a ullmhú
- Tionscnaimh oideachais agus feasachta a fhorbairt don phobal, scoileanna, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaireachtaí eile a thugann faoin gclár um athrú aeráide a thabhairt chun cinn agus cur leis an bPlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide (an PNGA) ar bhonn áitiúil agus réigiúnach
- Nasc a dhéanamh le hinstitiúidí tríú leibhéal chun ionad sármhaitheasa a fhorbairt do rioscaí ar leith – i gcás an Réigiúin Chathrach, déanfar seo i dtaobh éifeachtaí aeráide uirbí
- Idirchaidreamh agus idirghníomhú a dhéanamh le gníomhaireacht fuinnimh Bhaile Átha Cliath, Codema



*Foinse an ghrianghraif: Tourism Ireland / Brian Morrison*

# PRÓISEAS AN PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA



## THE ACTION PLAN PROCESS

Bunaíodh an mhodheolaíocht a úsáideadh don phlean seo ar Chur Chuige Cúig Gharsprioc na Comhairle Idirnáisiúnta um Thionscnaimh Comhshaoil Áitiúla (an CITCÁ) [11], a forbraíodh mar threoir chun cabhrú le baill den CITCÁ chun a bPleananna Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide a scríobh. Próiseas 'pleanáil, seiceáil, gníomhaigh' é a dearadh go sonrach chun PGAAanna a fhorbairt. Rinneadh na Garspriocanna a oiriúnú ní ba mhó chun freastal ar riachtanais ar leith Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath (Fíor 3) agus bhí siad ar aon dul leis an bpróiseas faoi mar a ndéantar cur síos air sna *Treoirlínte maidir Straitéis Oiriúnaithe Údaráis Áitiúil a Fhorbairt 2018*. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuimsítear sa phróiseas reatha Garspriocanna 1 go 3 chun an plean seo a chur le chéile, agus baineann Garspriocanna 4 agus 5 le cur i bhfeidhm agus monatóireacht an phlean; déanfar forbairt bhreise air seo i leaganacha ina dhiaidh seo.




*Fíor 3 Cur Chuige Cúig Gharsprioc an CITCÁ, arna oiriúnú do Chomhthéacs Bhaile Átha Cliath*

## MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA AGUS TÁSTÁIL I LEITH MEASÚNÚ OIRIÚNACHTA

Próiseas reachtúil is ea Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) ina ndéantar meastóireacht chórasach ar an tionchar dóchúil suntasach comhshaoil a imríonn an Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide a chur i bhfeidhm sula ndearnadh cinneadh chun glacadh leis. Baineann MST le measúnacht timpeallachta a dhéanamh ar phleananna agus gníomhartha straitéiseacha a imríonn tionchar ar an gcreat do thionscadail agus a leagann amach iad. Ceanglaítear sa Treoir maidir le Gnáthóga ón AE (92/43/CEE) (an Treoir maidir le Gnáthóga), faoi mar a trasuíodh í isteach i ndlí na hÉireann trí the Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. 477 de 2011) go ndéantar measúnacht ar cé acu an dóchúil nó nach dóchúil go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag plean a chur i bhfeidhm ar aon suíomh(anna) Natura 2000.

Rinneadh an PGAA a scagadh lena dheimhniú an imríonn sé aon tionchar suntasach ar shuíomh Natura 2000. Dheimhnigh an scagthástáil seo gur theastaigh Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta (TMO) Chéim 2. Ba cheart a thabhairt faoi deara, cé gur próiseas ar leith ó MST ó thaobh cúrsaí reachtúla é TMO, próiseas comhthreomhar é, i bhfírinne agus, mar dhea, chuir torthaí TMO leis an bpróiseas MST a dtugtar cuntas air thuas agus chuir sé eolas ar fáil dó. D'oibrigh na próisis MST agus TMO le chéile chun tionchar a imirt ar ullmhú do phlean agus leagtar béim sa phróiseas MST nuair a thagann íogaireacht chomhshaoil ar leith chun solais. Déantar moltaí ann, chomh maith, maidir le conas a d'fhéadfaí gníomhartha beartaithe a fheabhsú chun a bhfeidhmíocht chomhshaoil a mhéadú.

Rinneadh athruithe a bheartaítear ar an PGAA trí Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a scagadh do MST agus TMO lena dheimhniú dtiocfadh nó nach dtiocfadh éifeachtaí suntasacha comhshaoil nó éifeachtaí suntasacha ar shuíomhanna Eorpacha chun solais.

Shainaithin an dá phróiseas bearta breise maolaithe don PGAA agus déantar soláthar san MST, chomh maith, do chóras monatóireachta, atá san áireamh laistigh den PGAA seo. Cloífear le agus cuirfear gach beart maolaithe a sainaithníodh don PGAA trí na próisis MST agus TMO i gcaitheamh an phlean.

# GARSPRIOC 1: TOSAIGH

## TIONCHAR AGUS RIOSCAÍ ATHRAITHE AERÁIDE A SHAINAITHINT

Tá tionchar á imirt ag aeráid athraitheach ar fholláine chomhshaoil, shóisialta agus gheilleagrach an réigiúin; baineann na rioscaí a thagann roimh Fhine Gall lena shaintréithe geografacha agus déimeagrafacha. Tugann tuartha amach anseo i dtaobh athrú aeráide le fios go mbeidh rioscaí méadaitheacha roimh an gContae a bhaineann le teochtaí atá ag dul in airde, ardú ar leibhéal na farraige, tuile agus méadú ar mhinicíocht agus déine theagmhais adhaimsire.

Teastaíonn measúnú bonnlíne agus measúnú riosca ar oiriúnú d'athrú aeráide le minicíocht agus déine teagmhais agus treochtaí adhaimsire a dheimhniú, agus chun béim a leagan cén earnálacha i bhFine Gall is mó is leochailí do rioscaí amach anseo a chruthaíonn aeráid athraitheach.

Is féidir teacht ar anailís níos doimhne faoin tionchar a imríonn agus na rioscaí a chruthaíonn athrú aeráide sa Bhonnlíne Oiriúnaithe (faoi Gharsprioc 2 - Taighde) agus in Aguisín I - Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide.

## STRAITÉIS ATHRAITHE AERÁIDE A FHORBAIRT

I ndiaidh gur sainaithníodh na rioscaí ardleibhéil seo, rinne Codema agus Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath *Straitéis i dtreo Pleananna Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide d'Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath*, a fhoilsiú, agus áiríodh próiseas comhairliúcháin phoiblí leis, chomh maith. D'aithin seo an gá atá le gach ceann de na ceithre ÚÁ in BÁC chun gníomhú i leith rioscaí reatha agus tionchar tuartha rioscaí amach anseo a íoslaghdú trí ghníomhartha maolaithe agus oiriúnaithe. Sainaithníodh limistéir ghníomhartha a bhaineann le sainchúraim na ÚÁanna in BÁC chun tosú le sonraí agus gníomhartha a bhailiú, agus leagadh amach iontu conas a d'fhorbrófaí na pleananna.



# GARSPRIOC 2: TAIGHDE

## CASADH LEIS AN bhFOIREANN AGUS CEARDLANNA A SHOCRÚ

Chun na bonnlínte oiriúnaithe agus maolaithe a fhorbairt, d'fhostaigh Codema foireann CCFG trí chruinnithe aghaidh ar aghaidh, agus d'éascaigh sé réamhcheardlann chun tús eolais a thabhairt don fhoireann faoi phróiseas an phlean, rioscaí agus tionchar a fhorbairt, agus sonraí bonnlíne a bhailiú.

Bhí breis agus 60 ball foirne i measc na gceithre ÚÁ páirteach sna cruinnithe aghaidh ar aghaidh seo agus sa chéad cheardlann. Thug an cheardlann an deis ar fáil don fhoireann chun comhoibriú lena chéile. Iarradh ar an bhfoireann chun tuilleadh sonraí a thabhairt ar an bpríomhleochaileacht i leith athrú aeráide atá ar Réigiún Bhaile Átha Cliath, agus chun tús a chur le gníomhartha a bhailiú a theastaíonn chun dul i ngleic leis na limistéir seo.



## SONRAÍ BONNLÍNE A BHAILIÚ

Thug Codema faoi mheasúnú riosca i leith oiriúnú thar ceann CCFG, ina sainaithnítear agus ina ndéantar measúnú ar na rioscaí reatha i leith athrú aeráide atá roimh Fhine Gall. Le tacaíocht ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI), d'fhorbair Codema bonnlíne fuinnimh agus astaíochtaí, chomh maith, a léiríonn an leibhéal reatha astaíochtaí agus éifeachtúlachta fuinnimh d'oibríochtaí féin CCFG agus astaíochtaí d'Fhine Gall iomlán. Úsáideadh taighde ar mheonta agus feasacht daoine chun eolas a chur ar fáil do ghníomhartha rannpháirteachais le páirtithe leasmhara de chuid an phlean. Taispeántar sa mhír seo a leanas na bonnlínte seo.

# FEASACHT PHOIBLÍ



## FEASACHT PHOIBLÍ

Ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh dhul i ngleic le hathrú aeráide tá glacadh poiblí leis na rioscaí agus an t-éileamh gaolmhar ar réitigh chun na rioscaí seo a laghdú trí bheartas agus seirbhísí. Tá dhá shaghas réitigh ann - réitigh ón mbarr anuas, ar nós beartas agus rialacháin rialtais, agus réitigh ón mbun aníos, atá faoi stiúir éilimh i measc saoránach ar athrú. Chun bealach rathúil a bhaint amach chun riosca aeráide a laghdú, beidh orainn dul i ngleic leis an dá leibhéal de réiteach.

Rinne tuarascáil speisialta Eurobharaiméadar in 2018 [12] suirbhé ar gach ballstát i measc grúpaí éagsúla sóisialta agus déimeagrafacha agus rinne sé meonta poiblí i leith athrú aeráide a chur i gcuntas. Dheimhnigh an suirbhé seo gur mheas 94% d'fhreagróirí Éireannacha gur ghníomhaíocht dhaonna ba chúis iomlán nó pháirteach le hathrú aeráide, agus chomhaontaigh 86% díobh gurb athrú aeráide is cúis le teagmhais adhaimsire (ar nós tonnta teasa agus fíor-fhuachta, tuilte agus stoirmeacha troma báistí) go pointe áirithe. I dtaobh an tionchair a imríonn athrú aeráide, mheas 64% d'fhreagróirí Éireannacha go mbeadh ganntanais mhéadaithe uisce agus bhia ann faoin mbliain 2050. Anuas air sin, chomhaontaigh 97% gur cheart bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn a chur i bhfeidhm mar réiteach ar athrú aeráide, agus chomhaontaigh 90% gur cheart fóirdheontais do bhreoslaí iontaise a laghdú. Anuas air sin, chomhaontaigh 89% d'fhreagróirí Éireannacha gur féidir le dul i ngleic le hathrú aeráide deiseanna a chruthú do phoist agus an geilleagar a bhorradh, agus tugann seo chun solais go bhfuil fonn ar dhaoine chun tabhairt faoi athrú agus tá comhdhearcadh ann faoi thromchúise an tionchair amach anseo.

I gcaitheamh dhá dheireadh seachtaine ag deireadh 2017, phléigh Tionól na Saoránach *Conas is féidir leis an stát ceannaire a dhéanamh d'Éirinn i dtaobh dul i ngleic le hathrú aeráide* [13]. Rinne réimse saineolaithe i limistéir ar nós eolaíocht an athraithe aeráide agus beartas idirnáisiúnta cuir i láthair don Tionól. Fuarthas breis agus 1,200 aighneacht ón bpobal i gcoitinne, grúpaí abhcóideachta, gairmithe agus acadóirí. Ag deireadh an phróisis, chaith an Tionól vóta ar 13 mholadh, agus rinne an tromlach comhaontú ar gach ceann díobh. Éilíonn na moltaí gníomh ón mbarr anuas ón rialtas, chun gníomhartha ón mbun aníos i measc saoránaigh Éireannacha a spreagadh agus a éascú. Trí thús áite a thabhairt d'iompar poiblí seachas gréasáin bhóithre, cánacha carbóin níos airde, forálacha d'fhorbairtí fuinnimh atá faoi úinéireacht an phobail agus praghsanna ionfhotha i dtaobh fuinneamh baile a tháirgeadh, bheadh na coinníollacha i bhfeidhm lena cheadú réitigh ón mbun aníos a fhás. Leag an Tionól an bhéim, chomh maith, gur gá do chomhlachtaí poiblí glacadh le ról ceannaireachta trína saoráidí féin a dhéanamh díonach ar an aeráid, úsáid fuinnimh a laghdú agus réitigh ísealcharbóin a chur i bhfeidhm ina seirbhísí. Anuas air sin, measadh go raibh príomhbhonneagar bunriachtanach chun athléimneacht an stáit a mhéadú i leith drochthionchar aeráide.

Tá aird ag an PGAA seo ar an ról is gá do ÚÁanna BÁC a ghlacadh chun feasacht agus rannpháirtíocht saoránach a mhéadú maidir le réitigh aeráide agus an suíomh uathúil atá ag rialtas áitiúil maidir le hidirghníomhú lena shaoránaigh. Tá príomhbhonneagar a chosaint, réitigh ón mbun aníos a éascú agus rialacháin a chur i bhfeidhm, sa chás gur féidir, ag croílár an phlean seo agus neartófar iad i leaganacha amach anseo.

Aithníonn an Chomhairle ról an phobail ghnó maidir le dul i ngleic le hathrú aeráide. Nuair a bheidh an PGAA á chur i bhfeidhm agus á nuashonrú amach anseo, déanfaidh an Chomhairle idirchaidreamh leis an bpobal gnó agus le comhlachtaí ábhartha ar nós an Chumainn Tráchtála, tríd an Oifig Fiontair Áitiúil, etc. Is féidir a áireamh leis seo líonraí reatha a neartú agus naisc nua le hathrú aeráide a chruthú, le gach páirtí leasmhar sa phobal gnó a spreagadh chun tabhairt faoi ghníomh i leith athrú aeráide agus feabhas a chur ar thionscadail agus tionscnaimh reatha. D'fhéadfaí a áireamh le limistéir spéise bearta éifeachtúlachta fuinnimh, deiseanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, oiriúnú don aeráid agus bearta athléimneachta, rochtain ar fhoinsí cistithe, etc. Tá scóip ann, chomh maith, chun fiosrú breise a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí i measc earnálacha chun éascú a dhéanamh ar thionscadail um ghníomhú ar son na haeráide a sholáthar.

Aithníonn an Chomhairle, chomh maith, an tábhacht a bhaineann le rannpháirteachas poiblí agus le páirtithe leasmhara chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Le roinnt míonna anuas, tugadh faoi réimse tionscnaimh shaoránach agus phobail idir leibhéal náisiúnta agus leibhéal áitiúil. Bhunaigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil an Plé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide (an PNGA) chun rannpháirtíocht saoránach a chur chun cinn i ngníomhú ar son na haeráide ar fud na hÉireann. Tá an plé á chomhordú ag an GCC, agus is iad cuspóirí an Phlé ar Ghníomhú ar son na hAeráide chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Feasacht, rannpháirtíocht agus spreagadh a chruthú chun gníomhú (go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta) maidir leis na dúshláin a chruthaíonn athrú aeráide;
- Struchtúir agus sreafaí faisnéise a chruthú chun daoine a éascú chun bailiú thart ar a chéile agus plé agus scagadh a dhéanamh ar fhreagairtí cuí do na dúshláin seo agus an comhdhearcadh a uasmhéadú ina leith, agus le gníomh cuí a chumasú;
- Líonraí cuí a bhunú, ar bhonn fadtéarmach, inar féidir le daoine casadh ar chéile go tréimhsiúil chun breithniú a dhéanamh ar ionchur fianaisebhunaithe ar ghnéithe geilleagracha, sóisialta, iompraíochta, comhshaoil agus poiblí de bheartas aeráide agus fuinnimh; agus
- Ionchur rialta a sholáthar, tríd an PNGA, ar bheartú tosaíochta agus cur i bhfeidhm beartas aeráide agus fuinnimh, ar féidir tuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh air ar leibhéal áitiúil/réigiúnach/náisiúnta.

Go dtí seo, tugadh faoi dhá cheardlann réigiúnacha den PNGA i mBaile Átha Luain (Meitheamh 2018) agus Trá Lí (Samhain 2018). Amach ón PNGA, tugadh faoi réimse tionscnaimh áitiúla agus phobail, chomh maith, fud fad na tíre, Ambasadóirí Aeráide, Scoileanna Glasa, EcoMerit, ECO-UNESCO, etc.

Aithnítear gur gá móiminteam a chothú agus a fhorbairt maidir le rannpháirtíocht níos fairsinge saoránach in athrú aeráide, i measc na n-aoisghrúpaí go léir. Tá taithí nach beag ag údaráis áitiúla i dtaobh saoránaigh a fhostú trína bhfeidhmeanna reatha, pleanáil úsáid talún, tithíocht, fostaíocht, iompar agus éifeachtúlacht agus feasacht comhshaoil. Fostaítear údaráis áitiúla, chomh maith, i struchtúir agus cur chuige reatha rannpháirtíochta poiblí ón mbun aníos, dírithe ar an bpobal áitiúil agus dírithe ar thoradh. Áirítear leo seo na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí, Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), Bailte Slachtmhara, Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe, etc.

Ghlac saoránaigh níos óige páirt sa chlár athraithe aeráide, chomh maith, trí pháirt a ghlacadh san fheachtas #FridaysForFuture, slógaí ina measc lasmuigh de thithe an rialtais. Tá de chuspóir ag an gComhairle naisc bhreise a fhorbairt le saoránaigh níos óige maidir le feabhas a chur ar fheasacht ar athrú aeráide agus tionscnaimh oideachais a fhorbairt i gcomhar le scoileanna, agus eagraíochtaí óige, ar nós Chomhairle na nÓg agus Foróige.

Meastar, tríd an PGAA a chur i bhfeidhm agus a nuashonrú amach anseo, líonraí reatha a neartú agus naisc nua le hathrú aeráide a chruthú, go ndéanfaidh seo gach saoránach, pobal agus páirtí leasmhar eile a chur ar an eolas agus a spreagadh de réir a chéile chun teacht níos mó a bheith acu ar fhaisnéis agus comhairle. D'fhéadfaí a áireamh le limistéir spéise bearta ábhartha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, gníomhartha fuinnimh in-athnuaite, bearta oiriúnaithe don aeráid agus athléimneachta a shainaithint agus a chur i bhfeidhm, rochtain ar fhoinsí cistithe, ar nós scéimeanna deontais an SEAI, an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, etc.

Ba cheart don Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus páirtithe leasmhara ábhartha eile tacú le hiarrachtaí údaráis áitiúil i rannpháirtíocht saoránach agus phobail. Tá sé mar chuid de shainchúram an ORGA chun an Plé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide a ghníomhú agus tacú leis ar bhonn áitiúil agus réigiúnach, agus chun tionscnaimh oideachais agus feasachta a fhorbairt don phobal, gairmithe, scoileanna, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaireachtaí eile a thugann faoin gclár um athrú aeráide a thabhairt chun cinn.






## IMEACHTAÍ RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ #COUNCILS4CLIMATEACTION

Le go mbeidh sé ar siúl an tráth céanna le tréimhse chomhairliúcháin phoiblí Dhréachtphleananna Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath 2019-2024, d'oibrigh Codema leis na ceithre Chomhairle agus le hOifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA) Bhaile Átha Cliath chun roinnt imeachtaí rannpháirtíochta poiblí a chur ar siúl i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Bhí an tréimhse chomhairliúcháin phoiblí ar siúl ón 11 Feabhra go dtí an 25 Márta 2019. Ar an gcéad lá den chomhairliúchán poiblí, sheol Codema an láithreán gréasáin www.dublinclimatechange.ie, a ghníomhaigh mar an t-ardán lárnach ar líne a óstálann an fhaisnéis go léir faoi na pleananna, na sonraí go léir faoi conas aighneacht a dhéanamh, feidhm scagaire d'úsáideoirí chun gur féidir na gníomhartha a fheiceáil sna pleananna gan stró de réir limistéar téamach agus/nó de réir limistéar údaráis áitiúil, limistéar cás-staidéir do thionscadail ar éirigh le hiad a chríochnú, etc.

Chuir Comhairle Contae Fhine Gall a himeacht faisnéise poiblí #Councils4ClimateAction ar siúl an 18 Feabhra 2019 in Áras an Chontae, Sord, ó 5.30 go 8.30pm. Rinne Codema agus foireann um ghníomhú ar son na haeráide de chuid na Comhairle é a eagrú, agus bhí réimse seastáin faisnéise poiblí san fheachtas seo, a chomhfhreagraíonn do chúig limistéar gnímh an Phlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide, chun go bhféadfadh saoránaigh idirchaidreamh a dhéanamh le foireann na Comhairle maidir leis an obair atá á déanamh acu nó a bheartaíonn siad a dhéanamh sna limistéir seo a leanas: Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Athléimneacht Tuilte, Réitigh Dhúlrabhunaithe agus Bainistíocht Acmhainní. Bhí baint ag roinnt páirtithe leasmhara seachtracha, chomh maith, san imeacht seo, ar nós comhairle ar dheontais agus uasghráduithe baile ón SEAI (Fuinneamh agus Foirgnimh), faisnéis ar scéim GoCar BleeperBike agus turais trialach i ngluaisteán leictreach le BMW (Iompar) agus comhairle ó chlár Máistir-Mhúiríneoirí an GCC ar do chur amú bia a laghdú (Bainistíocht Acmhainní), chomh maith le limistéar súgartha inbhuanaithe le Recreate.

Bhí freastal maith ar an imeacht i measc cónaitheoirí agus grúpaí pobail áitiúla, bhaill thofa na Comhairle agus grúpaí gnó agus fuair Comhairle Contae Fhine Gall 120 aighneacht bhailí i rith an phróisis chomhairliúcháin phoiblí.


Anuas air sin, chuir Comhairle Contae Fhine Gall roinnt imeachtaí satailíte faisnéise poiblí ar siúl i rith na comhairliúcháin phoiblí sna láithreacha seo a leanas:

- An 20 Feabhra: Óstán an Bracken Court, Baile Brigín
- An 25 Feabhra: Óstán an Crowne Plaza, Baile Bhlainséir
- An 28 Feabhra 2018: Óstán an Marine, Cill Fhionntain

Ina theannta sin, thug an Chomhairle faoi chúig cheardlann ar athrú aeráide le scoláirí Meánscoile na hIdirbhliana sna scoileanna seo a leanas, agus a fuarthas aighneachtaí ó 4 cinn de na 5 scoil:

- An 12 Márta: Coláiste Loreto, Gleann na hAbhann, Sord
- An 13 Márta: Pobalscoil Mhullach Íde
- An 15 Márta: Pobalscoil Bhaile an Bhlácaigh, Baile Blainséir
- An 19 Márta: Meánscoil Loreto, Baile Brigín
- An 21 Márta: Coláiste Pobail Fhine Gall, Sord

# BONNLÍNE OIRIÚNAITHE



## BONNLÍNE OIRIÚNAITHE

Rinne gníomhaireacht fuinnimh Bhaile Átha Cliath, Codema, an bhonnlíne oiriúnaithe seo a tháirgeadh ar aon dul leis na treoirlínte a chuimsítear sna Treoirlínte maidir le Straitéis Oiriúnaithe a Fhorbairt d'Údaráis Áitiúla 2018 agus sa Chreat Oiriúnaithe Náisiúnta. Rinneadh athbhreithniú piaraí ar an bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide i leith na riachtanas sna Treoirlínte maidir le Straitéis Oiriúnaithe a Fhorbairt d'Údaráis Áitiúla 2018.

Is é cuspóir na bonnlíne seo chun tarlú imeachtaí aeráide roimhe seo, a minicíocht, na limistéir ar leith i bhFine Gall is mó is leochailí agus na rioscaí a bhaineann leis na himeachtaí siúd a dhoiciméadú. Tugtar chun solais sa bhonnlíne oiriúnaithe seo an gá atá le pleanáil éigeandála a nuashonrú go leanúnach ar aon dul le teagmhais adhaimsire.

Ón mbonnlíne oiriúnaithe, is féidir linn measúnú a dhéanamh ar na rioscaí reatha agus amach anseo a dhéanfaidh difear d'Fhine Gall. Déantar na rioscaí seo a mheasúnú agus téitear i ngleic leo trí ghníomhartha a chur i bhfeidhm chun Contae níos athléimní a thógáil atá daingean, seiftiúil agus atá in ann oiriúnú mar fhreagairt d'athruithe ar an aeráid i dtráthanna géarchéime. Meascán de réitigh liatha agus ghlasa, a dhéanann iarracht chun réitigh ar a ndearnadh innealtóireacht a chothromú le hathléimneacht dhúlrabhunaithe. Is féidir teacht ar liosta níos críochnaithí de na gníomhartha go léir, gníomhartha oiriúnaithe ina measc, i ngach ceann de na limistéir ghníomhaíochta a chuimsítear sa Phlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide seo.

## CÚLRA AGUS MODHEOLAÍOCHT

chiliméadar den chósta; laistigh den líon seo, cónaíonn 40,000 níos lú ná 100 méadar amach ón bhfarraige [14]. Tá roinnt dúshláin aeráide roimh Éirinn, ar nós tuile cósta, ardú leibhéal na farraige, creimeadh cósta, tuile bháistiúil, teagmhais adhaimsire agus teochtaí as cuimse. Mar gheall gur ceantair uirbeach é Réigiún Bhaile Átha Cliath, tá dúshláin agus rioscaí éagsúla ina leith i gcomparáid le ceantair níos tuaithe.

Tá achar 456 ciliméadar cearnach i bhFine Gall, agus cuimsítear ann imeallbhord a shíneann ar feadh 88 ciliméadar, a ghabhann ó Cheann Bhinn Éadair a fhad le Baile Brigín, ina gcuimsítear sráidbhailte, limistéir áineasa agus gnáthóga luachmhara nádúrtha faoi chosaint, ar nós Inbhear Bhaile Roiséir. Meascán de thalamh arúil, talamh féaraigh, fálta sceach, gleannta abhann agus ceantair uirbeacha atá saintréitheach sa Chontae níos faide istigh ón gcósta. I measc na n-aibhneacha móra sa Chontae, tá Abhainn an Bharda, an Ailbhine, Abhainn Ghabhra, Abhainn na Comhla, Abhainn na Maighne, Abhainn na Tulchann, Abhainn Sheantraibh, agus Abhainn na Life. Is tábhachtach, chomh maith, a thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt sruthchúrsaí ann, a sreabhann an chuid is mó díobh go díreach isteach i Muir Éireann nó trí inbhir.

De réir an Daonáirimh is déanaí (2016) [14], tá daonra 296,020, agus 104,851 teaghlach, i bhFine Gall faoi láthair, agus tá súil leis go dtiocfaidh ardú ar na figiúirí seo amach anseo. Tugtar chun solais i nDaonáireamh 2016 go dtiocfaidh méadú beagán de bhreis ar 400,000 ar dhaonra Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MCBÁC) faoin mbliain 2031, agus gurbh ionann an méadú seo agus dhá thrian den bhorradh tuartha ar dhaonra in Éirinn. [14]. Méadóidh ardú ar an daonra an tionchar a imríonn athrú aeráide mar gheall ar an mbrú breise a chuirtear ar chórais draenála atá ag oibriú beagnach a mhéid agus is féidir leis cheana féin. Chomh maith leis sin, meastar go dteastóidh 550,000 teach breise ó Éirinn in 2040, i gcomparáid le 2017 [4], agus tiocfaidh laghdú ar dhromchlaí tréscaoilteacha nó glasa, a chuireann le tuile mar gheall ar rith chun srutha mhéadaithe.


Faoi mar a míníodh sa mhír roimhe seo, leanann an plean seo Cur Chuige Cúig Gharsprioc an CITCÁ. Mar chuid den dara garsprioc (Taighde), bailíodh faisnéis ó réimse ranna chun gníomhartha a bhailiú i ngach limistéar, trí shraith cruinnithe idir Codema agus an fhoireann ó gach roinn inmheánach i gComhairle Contae Fhine Gall. Ina theannta sin, cuireadh sraith ceardlanna comhoibritheacha ar siúl leis an bhfoireann i measc ceithre ÚÁ BÁC go léir. Bailíodh sonraí agus faisnéis bhreise, chomh maith, ó roinnt foinsí náisiúnta, Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), Met Éireann agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC) ina measc.

## BONNLÍNE

Tugtar achoimre i dTábla 1 ar an gcéad leathanach eile ar theagmhais aeráide a chuir Met Éireann i gcuntas a thit amach i Réigiún Bhaile Átha Cliath le 32 bliain anuas. Cuireadh na teagmhais seo i gcuntas mar gheall ar a ndéine uathúil agus a bpatrúin neamhghnácha aimsire. Níl éifeacht gheilleagrach amháin ag na héifeachtaí móra seo (féach an cur síos); déanann siad tionchar agus leochaileacht shóisialta agus chomhshaoil a thabhairt chun solais, chomh maith, faoi mar a ndéantar cur síos breise air sna míreanna thíos.

**Tábla 1 Teagmhais Mhóra Aeráide i mBaile Átha Cliath (Foinse: Met Éireann agus Flooding.ie)**

| SAGHAS | DÁTA | CUR SÍOS |
|---|---|---|
| **Spéirling Charley** | Lúnasa 1986 | Báistiúil – an tuile ba mheasa i mBaile Átha Cliath le 100 bliain anuas. |
| **Gaotha Báistiúla agus Láidre** | Feabhra 1990 | Báisteach throm agus tuile dá réir sin, le tréimhsí fada de ghaotha láidre. Thug gach stáisiún aimsire séideáin ghála le fios. |
| **Báistiúil/Abhann** | Meitheamh 1993 | Thit 100 mm de bháisteach i mBaile Átha Cliath agus Cill Dara (breis agus trí huaire an ghnáthmhéid). |
| **Teochtaí as Cuimse** | Meitheamh - Lúnasa 1995 | An samhradh ba theo a cuireadh i gcuntas, agus bhí na meánteochtaí aeir breis agus dhá chéim os cionn a ngnáth-theochtaí i bhformhór na n-áiteanna. Bhain na teochtaí thart ar 30°C amach roinnt laethanta agus d'fhan an teocht ab ísle istoíche os cionn 15°C ar feadh go leor seachtainí. |
| **Stoirm ghaoithe** | Nollaig 1997 | Bhí an aimsir dian in go leor áiteanna i Laighin, go háirithe an deisceart agus an t-oirthear. Cuireadh na séideáin ab airde 150 ciliméadar san uair i gcuntas i gceantar Bhaile Átha Cliath, agus mhair na gaotha ba mheasa ar fórsa stoirme 10 nóiméad. |
| **Abhann** | Samhain 2000 | Fágadh 250 réadmhaoin i mBaile Átha Cliath faoi uisce i ndiaidh gur thit 90.8 mm de bháisteach. Rinneadh cur isteach agus díobháil mhór, go háirithe i ndobharcheantar na Tulchann Íochtaraí. |
| **An Cósta** | Feabhra 2002 | An dara taoide ab airde a cuireadh i gcuntas riamh. Sáraíodh na cosaintí farraige dá bharr. Fágadh 1,250 réadmhaoin i mBaile Átha Cliath faoi uisce, agus rinneadh díobháil ar luach €60 milliún. |
| **Abhann** | Samhain 2002 | Cosúil le tuile na bliana 2000, thit 80 mm de bháisteach i mBaile Átha Cliath. Bhain an Tulcha ardleibhéil amach dá bharr, agus bhí seo ina chúis le tuile fhorleathan feadh an dobharcheantair. |
| **Teochtaí as Cuimse** | Samhradh 2006 | An samhradh ba theo a bhfuil cuntas air ón mbliain 1995. |
| **Báistiúil** | Lúnasa - Meán Fómhair 2008 | Thit 76 mm de bháisteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tuile throm i gceantair, nár tharla a leithéid de go ler den tuile riamh roimhe sin iontu le stair anuas. Bhí breis agus 150 réadmhaoin chónaithe, áitribh thráchtála, foirgnimh phoiblí, bóithre móra etc. faoi uisce. |
| **Báistiúil** | Iúil 2009 | Ba theagmhas é seo a thit amach uair amháin le 50 bliain anuas. Rinneadh difear do roinnt limistéar laistigh de Réigiún Bhaile Átha Cliath. |
| **Fíor-Fhuacht** | Nollaig 2010 | Ba í an mhí ab fhuaire le 50 bliain anuas ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Thit an teocht ag Aeradróm Mhic Easmainn go dtí -15.7°C ar Lá Nollag, go dtí an teocht ab ísle a cuireadh i gcuntas riamh Réigiún Bhaile Átha Cliath. |
| **Báistiúil/Abhann** | Deireadh Fómhair 2011 | Ba theagmhas é seo nach dtiteann amach ach idir gach 50 agus 100 bliain trasna thromlach Bhaile Átha Cliath. Fágadh réadmhaoin agus bóithre faoi uisce agus ní raibh soláthar cumhachta ag roinnt custaiméirí leictreachais sa Chontae. |
| **An Cósta** | Eanáir 2014 | Cuireadh an taoide ab airde riamh i gcuntas - cuireadh airde 3.014 méadar ODM i gcuntas ag Báisín Alexandra. |
| **Stoirm Darwin** | Feabhra 2014 | Ba theagmhas é seo nach dtiteann amach ach gach 20 bliain, agus cuireadh séideáin 100-110 ciliméadar san uair i gcuntas i mBaile Átha Cliath. Rinneadh díobháil shuntasach do thithíocht agus foirgnimh eile. Rinneadh díobháil do 8,000 heicteár d'fhoraois. Stádas: Buí. |
| **Stoirm Ophelia** | Deireadh Fómhair 2017 | Ba é seo an chéad stoirm a tháinig aneas, agus cuireadh séideáin dhíobhálacha idir 120 agus 150 ciliméadar san uair i gcuntas. Leag an ghaoth 100 crann mór i Réigiún Bhaile Átha Cliath agus rinneadh díobháil shuntasach d'fhoirgnimh ar fud na tíre. Stádas: Dearg |
| **Fíor-Dhrochaimsir ón Oirthear agus Stoirm Emma** | Feabhra – Márta 2018 | D'eisigh Met Éireann a chéad rabhadh Stádais Dhearg atá i gcuntas i dtaobh sneachta. Dúnadh gach scoil sa tír, rinneadh difear do go leor gnólachtaí agus bhí srianta ar uisce agus cumhacht nó thit bristeacha amach. Stádas: Dearg |
| **Teochtaí as Cuimse** | Samhradh 2018 | Bhí an aimsir ní ba thirime agus níos ba theo ná mar ba ghnách ar fud na hÉireann, agus bhí aimsir thriomaigh ann in go leor ceantar, Baile Átha Cliath ina measc. Bhain na teochtaí 28oC amach, agus bhí ní ba mhó gréine ann ná an mheánmhéid agus bhí aimsir thonn teasa ann. Bhí srianta uisce i bhfeidhm don tír ar feadh thromlach an tsamhraidh. Stádas: Buí |
| **Stoirmeacha Ali agus Bronagh** | Meán Fómhair 2018 | Shéid gaoth shuaiteach le linn Stoirm Ali, agus cuireadh moill ar nó cealaíodh formhór na n-eitiltí chuig agus ó Aerfort Bhaile Átha Cliath dá bharr. Thaistil Stoirm Bronagh trasna oirthear na hÉireann agus thit báisteach throm lena linn. Idir 65 agus 80 ciliméadar san uair a bhí meánluas na gaoithe agus idir 110 agus 130 ciliméadar san uair a bhí na meánséideáin. Stádas: Oráiste |




*Fíor 4 Amlíne na dTeagmhas Mór Aeráide i mBaile Átha Cliath*

## TEAGMHAIS, TREOCHTAÍ AGUS RIOSCAÍ AERÁIDE

Tá Fine Gall leochaileach do rioscaí áirithe mar gheall ar a shaintréithe geografacha agus déimeagrafacha. Mar thimpeallacht tuaithe, tá talmhaíocht, gairneoireacht, tionscail eachaí, ionaid táirgthe bia agus gnólachtaí agraibhia ann. Féadfaidh méadú ar theagmhais aeráide bheith mar thoradh ar aeráid athraitheach agus cuirfidh siad timpeallacht tuaithe Fhine Gall i mbaol. Agus mar thimpeallacht uirbeach, cruthaíonn Réigiún Bhaile Átha Cliath a mhiocraeráid féin uathúil agus is féidir leis seo tionchar aeráide reatha agus amach anseo a dhéanamh níos measa. Sampla de seo atá san iarmhairt teasoileáin uirbigh, a dhéanann áit níos teo de ná na ceantair leathuirbeacha agus thuaithe timpeall air. Is é is príomhchúis leis seo ná ionsú teasa ó cheantair thógtha sa timpeallacht uirbeach, teas dramhaíola a ghin gníomhaíochtaí uirbeacha agus easpa brat crann, ar féidir leis teochtaí a laghdú i gceantar Fhine Gall trí scáthú. Tá rioscaí tuile níos airde, chomh maith, i gceantair uirbeacha mar gheall ar an méid dromchlaí neamh-thréscaoilteacha agus easpa fásra (dromchlaí tréscaoilteacha); is éard a eascraíonn as seo ná rith chun srutha barrfheabhsaithe, a bhféadfadh tuile a bheith mar chúis leis.


**Is féidir rioscaí a chatagóiriú mar seo a leanas:**

1. **Caillteanas** geilleagrach, lena n-áirítear díobháil do bhonneagar agus cur isteach ar ghníomhaíochtaí laethúla
2. **Caillteanas** sóisialta, díobháil ina measc do shaol daoine, an tsláinte, don phobal agus do shaoráidí sóisialta
3. **Caillteanas** comhshaoil agus oidhreachta, a chuireann san áireamh íogaireacht na timpeallachta (an timpeallacht nádúrtha, chultúrtha agus stairiúil), gnáthóga agus speicis.

Déantar rioscaí i dtimpeallachtaí uirbeacha a ghéarú, a chiallaíonn gur gá dúinn measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn tionchar ní hamháin adhaimsir agus teagmhais aeráide, ach teochtaí aeráide, chomh maith, ar nós tuile uirbeach, ardú leibhéal na farraige agus teochtaí méadaitheacha. Níor cheart a mheas go bhfuil na teagmhais agus treochtaí seo neamhspleách, mar gheall go n-imríonn siad tionchar ar a chéile. Cuirfidh an méadú mall agus de réir a chéile ar theochtaí agus ardú leibhéal na farraige le minicíocht agus déine mhéadaithe teagmhais adhaimsire agus tuile.

Léirítear i dTábla 2 thíos léargas ginearálta 30 bliain ar athróga éagsúla aeráide (tréimhsí fuara, tonnta teasa, borrthaí stoirme, creimeadh cósta, etc.), a ghrúpáiltear isteach i dtrí shaghas teagmhais agus treochtaí (teagmhais adhaimsire, ardú leibhéal na farraige agus tuile). Tugtar achoimre sa tábla seo ar éifeachtaí reatha athróga athraithe aeráide, athruithe tuartha sna chéad 30 bliain eile amach romhainn, agus muinín as na tuartha seo.


**Is iad na teagmhais agus treochtaí aeráide a bhfuil Fine Gall thíos leo:**



**Tábla 2 Tuar ar Athróga Aeráide: Léargas Ginearálta 30 Bliain**

| TEAGMHAIS AGUS TREOCHTAÍ AERÁIDE | PARAIMÉADAR | BREATHNAITHE | MUINÍN | ATHRUITHE TUARTHA |
|---|---|---|---|---|
| **Teagmhais Adhaimsire** | Tréimhsí Fuara | Féadfaidh laghdú ar mhinicíocht tréimhsí fuara bheith mar thoradh ar mheánteochtaí aeir atá ag dul i méid | Meánach | Tugann réamh-mheastacháin don bhliain 2050 méadú ar mheánteocht bhliantúil, sa réimse 1-1.6 °C. Beidh teochtaí níos cineálta agus laghdú ar mhinicíocht tréimhsí fuara mar thoradh air seo |
| | Tonnta Teasa | Tá meánteochtaí aeir ag dul i méid agus féadfaidh méadú ar mhinicíocht agus déine thonnta teasa bheith mar thoradh orthu | Ard | Cuireadh ocht dtonn teasa i gcuntas in Éirinn le 30 bliain anuas (breis agus 5 lá ar theochtaí os cionn 25°C). Tuarann réamh-mheastacháin don bhliain 2050 meánmhéadú 1-1.6°C ar an teocht bhliantúil, a dhéanfaidh an teocht agus fad tonnta teasa a dhianú |
| | Tréimhsí Tirime | Tá frasaíocht ag éirí níos séasúraí agus is dóchúil go mbeidh sí ina cúis le tréimhsí níos tirime sa samhradh | Ard | Beidh samhraí tirime samhraí ar fud na hÉireann, agus tiocfaidh laghdú a mhéid le 20% sa samhradh ar fhrasaíocht faoi chás ardastaíochtaí. Beidh tréimhsí níos faide gan bháisteach mar thoradh air seo, a dhéanfaidh difear do réigiúin agus earnálacha atá íogair i dtaobh uisce |
| | Báisteach Throm | Tá méadú de réir a chéile ag teacht ar an líon laethanta ina dtiteann báisteach níos mó ná 0.2 mm agus 10 mm | Meánach | Meastar go leanfaidh méadú ag teacht ar mhinicíocht bháistí troime le himeacht na mblianta, go háirithe san fhómhar agus sa gheimhreadh |
| | Luasanna Gaoithe | Tá luasanna gaoithe ag méadú beagán sa gheimhreadh agus ag laghdú sa samhradh | Íseal | Ní féidir treochtaí fadtéarmacha a dheimhniú go cruinn; ach meastar go n-athróidh luas na gaoithe beagán, meastar go méadóidh minicíocht stoirmeacha gaoithe sa gheimhreadh agus go laghdóidh sí sa samhradh |
| **Ardú ar Leibhéal na Farraige** | Ardú ar Leibhéal na Farraige | Tá na farraigí agus na haigéin timpeall ar Éirinn ag ardú agus leanfaidh an t-ardú sin ag teacht orthu | Ard | Tugann réamh-mheastacháin amach anseo le fios go dtiocfaidh meánardú 3-4 mm in aghaidh na bliana ar fud an domhain, ach cuireadh ardú 6-7mm in aghaidh na bliana i gCuan Bhaile Átha Cliath idir 2000 agus 2016 |
| | Airde Thoinne | Deimhníonn luas agus treo na gaoithe tonnta farraige agus airde thoinne. De réir mar a éiríonn luasanna gaoithe agus stoirmeacha gaoithe níos minice, tiocfaidh méadú ar airdí toinne, chomh maith | Meánach | Ní fios athruithe tuartha ar airdí toinne go fóill. Léiríonn airdí suntasach toinne (meánairde an tríú cuid is airde de thonnta) treocht mhéadaitheach 14 cm gach deich mbliana, áfach |
| | Taoidí | Tá na hardtaoidí ba mhó a cuireadh i gcuntas riamh mar thoradh ar leibhéil na farraige atá ag dul in airde (os cionn 2.9 méadar) | Ard | Leanfaidh leibhéil na farraige ag dul in airde agus beidh leibhéil mhéadaithe de lán mara mar thoradh orthu |
| | Creimeadh Cósta | Is dóchúla go méadóidh leibhéil farraige atá ag ardú agus borradh stoirme creimeadh cósta | Meánach | Tá 20% d'imeallbhord chósta na hÉireann á chreimeadh faoi láthair, agus is iad na cóstaí thoir agus theas is leochailí |
| | Borradh Stoirme | Féadfaidh borradh stoirme tarlú níos minice de réir mar a tharlaíonn teagmhais adhaimsire, ar nós báisteach throm agus ardluasanna gaoithe, níos minice | Íseal | Meastar go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht chioclón dian agus ghaoth láidir san Atlantach thoir thuaidh. Faoin mbliain 2050, is dóchúil go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht airdí borradh stoirme idir 50 agus 100 cm |
| **Tuile** | Cósta agus Taoide | De réir mar a thagann méadú ar ardú leibhéal na farraige agus ar airdí toinne, tagann méadú ar mhinicíocht tuile cósta agus taoide, chomh maith | Ard | Tuartar go dtiocfaidh méadú ar ardú ar leibhéil na farraige agus airdí toinne, agus tiocfaidh méadú ar thuile cósta mar thoradh air sin |
| | Abhann | Cuireann déine mhéadaithe bháistí, ardsreafaí abhann agus lán mara le méadú ar thuile bháistiúil | Ard | Tugann réamh-mheastacháin le fios go bhfuil méadú ag teacht ar lán mara agus ar dhéine laethanta báistí, agus beidh méadú ar thuile abhann mar thoradh air seo, ar a uain sin |
| | Báistiúil | Is dóchúil go n-eascróidh méadú ar thuile bháistiúil as déine mhéadaithe bháistí | Meánach | Tuartar go dtiocfaidh méadú ar an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhais tuilte agus go dtiocfaidh méadú, chomh maith, ar an líon laethanta trombháistí sa bhliain, agus cruthófar riosca níos mó i dtaobh tuile bháistiúil dá bharr. Cuireann pleanáil úsáide talún leis seo, spásanna tréscaoilteacha a chlúdach, i.e. gairdíní tosaigh réadmhaoin chónaithe ina measc |

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a imríonn rioscaí aeráide amach anseo ar Fhine Gall, sainaithníodh cúig limistéar tionchair, lena n-áirítear gach ceann de na hearnálacha éagsúla sa Chontae. Is iad seo:




Roghnaíodh iad seo chun na limistéir ghnímh a léiriú a úsáideadh ar fud an Phlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide seo (Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Réitigh Dhúlrabhunaithe, Bainistíocht Acmhainní agus Athléimneacht Tuile), a léiríonn sainchúram CCFG. Rinneadh measúnú ar thionchar rioscaí amach anseo ar na limistéir ar imríodh tionchar orthu trí úsáid a bhaint as maitrísí riosca. Ríomhann maitrísí riosca an riosca foriomlán amach anseo a mbíonn na hearnálacha éagsúla i mBaile i bhFine Gall thíos leis. Tugtar léargas ginearálta sna hathruithe tuartha (Tábla 2) ar riosca amach anseo is dóchúil a bheith roimh Fhine Gall sna blianta amach romhainn. D'fhéadfaí riosca amach anseo a shainmhíniú mar tháirge dóchúlachta agus mar iarmhairt:

**Riosca Amach Anseo = Iarmhairt x Dóchúlacht**

Tá idir iarmhairtí criticiúla agus fánacha i gceist leis na hiarmhairtí a bhíonn ag rioscaí amach anseo (an leibhéal díobhála is cúis le teagmhas nó treocht aeráide):

Is í an dóchúlacht ná a dhóchúla atá sé go dtarlóidh na rioscaí seo amach anseo, agus idir cinnte, dóchúil, féideartha, mídhóchúil agus annamh:

Bronntar réimse rátálacha ar an dóchúlacht agus iarmhairtí idir a haon agus a cúig agus is é a dtoradh an riosca amach anseo, agus is féidir le hardriosca (an riosca is mó is práinní a bhfuiltear le dul i ngleic leis), meánriosca nó ísealriosca:

| Iarmhairt | |
|---|---|
| Criticiúil | 5 |
| Mór | 4 |
| Measartha | 3 |
| Beag | 2 |
| Fánach | 1 |

**x**

| Dóchúlacht | |
|---|---|
| Beagnach Cinnte | 5 |
| Dóchúil | 4 |
| Féideartha | 3 |
| Mídhóchúil | 2 |
| Annamh | 1 |

**=**

| Riosca Amach Anseo | |
|---|---|
| Ardriosca | [15-25] |
| Meánriosca | [7-14] |
| Ísealriosca | [1-6] |

Is féidir teacht ar mhaitrísí riosca do theagmhais éagsúla aeráide sa mhír 'riosca' de theagmhais adhaimsire, ardú leibhéal na farraige agus tuile. Is féidir teacht ar anailís bhreise faoi mhaitrísí riosca agus an modh a ríomhtar iad in Aguisín I. Tabharfar faoi anailís níos doimhne ar na rioscaí seo agus a n-iarmhairtí i leith sheirbhísí agus fheidhmeanna an údaráis áitiúil. Bainfidh leaganacha amach anseo den Phlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide tairbhe ón measúnú seo agus is féidir an fhaisnéis seo a bhailiú trí cheardlanna riosca i leith athrú aeráide a éascú d'Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath.

## TEAGMHAIS ADHAIMSIRE

Thug ceantar Fhine Gall méadú faoi deara ar theagmhais adhaimsire, agus is léir seo ón Amlíne de Theagmhais Mhóra Aeráide (a léirítear níos luaithe sa chaibidil seo i bhFíor 4). Cé nach féidir linn a rá gurb athrú aeráide is cúis leis na teagmhais seo go léir, is iad an iarmhairt is soiléire a bhaineann le hathrú aeráide.

Tá a n-éifeachtaí i bhfoirm tréimhsí fada d'fhíor-fhuacht nó d'fhíor-theas, is cúis le sneachta agus tonnta teasa, séideáin spéirlinge mar gheall ar ghaotha foréigneacha, agus báisteach throm is cúis le tuile.


Tá teochtaí ag méadú go domhanda agus tá súil leis go leanfaidh siad ag dul i méid i rith an tsamhraidh, agus tréimhsí an-fhuara a bheith ann i míonna an gheimhridh. I dturas an ama, meastar go laghdóidh meánbháisteach i rith thréimhse an tsamhraidh agus an fhómhair, agus go mbeidh báisteach throm ann sa gheimhreadh. Ina theannta sin, meastar go rachaidh minicíocht ghaoithe an-láidir, go háirithe i rith an gheimhridh, i méid.

### MEASÚNÚ BONNLÍNE

Thit teagmhais adhaimsire amach i gceantar Bhaile Átha Cliath le 15 bliana anuas; tugtar achoimre ar go leor díobh seo i dTábla 1 thuas sa chaibidil seo.

Thit an tsneachta ba mhó ó bhí geimhreadh 1982 ann i mBaile Átha Cliath i bhFeabhra agus Márta 2018, agus thit a airde le 55 cm de shneachta. Bhí sé fíor-fhuar agus bhuail síobadh sneachta an tír, mar thoradh ar Stoirm Emma ag teacht ón Atlantach, agus an 'Fíor-Dhrochaimsir on Oirthear', a d'imir tionchar ar an gcuid ba mhó den Eoraip. D'eisigh Met Éireann a chéad rabhadh Stádais Dhearg riamh don tsneachta ar fud na tíre, agus cuireadh isteach go mór ar an gContae ar feadh tréimhse fhada dá bharr. Mar thoradh ar an tsneachta throm agus na ráthanna doimhne sneachta a thit go leanúnach, dúnadh scoileanna ar fud na tíre. Cuireadh brú ar go leor gnólachtaí i bhFine Gall chun dúnadh, agus bhí roinnt tithe agus gnólachtaí thíos le bristeacha cumhachta, chomh maith. Cuireadh ardéilimh ar líonra uisce na tíre, agus bhí a mhéid le 1.2 milliún teaghlach agus gnólacht i mBaile Átha Cliath agus timpeall Bhaile Átha Cliath thíos le bristeacha uisce nó le ciorrú uisce sna laethanta i ndiaidh Stoirm Emma [15].


Tá báisteach Bhaile Átha Cliath ag athrú, chomh maith - tá an líon laethanta inar thit báisteach breis agus 0.2 mm ag dul i méid de réir a chéile, agus tá na laethanta a thiteann báisteach breis agus 10 mm ag dul i méid, chomh maith. Is féidir é seo a fheiceáil i bhFíor 5 thíos. De bhreis air sin, léiríonn sonraí ó Met Éireann gur tháinig méadú 5% sa tréimhse ó 1961 go 2010 ar an meánbháisteach bhliantúil [16, 17].





*Fíor 5 Báisteach Bhliantúil (1941-2010) (Foinse: An GCC / Dwyer)*

Faoi mar a thugtar faoi deara i bhFíor 6 thíos, shainaithin Met Éireann cheana féin méadú 0.5ºC ar theocht, bunaithe ar shonraí atá ar fáil ó 1961 go 2010, agus tá na harduithe seo ar theocht le leanúint ag dul i méid. Bunaithe ar chásanna idir astaíochtaí meánacha agus ísle agus ardastaíochtaí, *"Tugann na tuartha méadú 1-1.6°C le fios ar mheánteochtaí bliantúla, agus tugadh na méaduithe is mó faoi deara in oirthear na tíre."* [18]. Cruthóidh seo dúshláin nua d'Fhine Gall i dtaobh na hiarmharta teasoileáin uirbigh agus caillteanas bithéagsúlachta. Anuas ar theocht dromchla, tiocfaidh méadú, chomh maith, ar theocht na farraige, agus imreoidh sé éifeacht dhíobhálach ar an timpeallacht mhuirí.

Tá luas agus treo mar shaintréithe den ghaoth, agus cuireann seo ar ár gcumas láidreacht agus minicíocht chórais aimsire a thomhas fad a bhogann siad trasna na hÉireann. Níl sonraí comhsheasmhacha faoi luas gaoithe ar fáil ach le 15-20 bliain anuas, mar gheall ar athruithe ar threalamh agus teicnící tomhais, mar sin, ní féidir treochtaí fadtéarmacha a dheimhniú go cruinn [19].




*Fíor 6 Meánteocht Aeir Dromchla (1900-2011) (Foinse: An GCC / Dwyer)*




*Fíor 7 Treochtaí Gaoithe Aerfort Bhaile Átha Cliath (1944-2010) (Foinse: An GCC / Dwyer)*

## RIOSCAÍ TEAGMHAIS ADHAIMSIRE

Tá teochtaí Fhine Gall ag dul i méid cheana féin, agus tugtar iarmhairtí teasoileáin uirbigh in áiteanna i bhFine Gall mar gheall ar a saintréithe (e.g. leitheadúlacht foirgnimh choincréite a choimeádann teas) agus easpa fuaraithe agus scáthaithe ó fhásra nádúrtha. Imríonn teochtaí ardaithe tionchar ar cháilíocht aeir an Chontae, a dtagann díghrádú air fad a théann dlús na dtruailleán i méid. Tugadh teochtaí as cuimse faoi deara le déanaí, i samhradh 2018, a chruthaigh aimsir thonn teasa agus thriomaigh, agus cuireadh toirmeasc ar phíobáin uisce a úsáid ar feadh go leor den samhradh dá bharr, mar gheall ar ghanntanais uisce ar fud na tíre.

### TEASOILEÁIN UIRBEACHA

Titeann teasoileáin uirbeacha amach mar thoradh ar ardtoilleadh teirmeach foirgneamh. Thug taighde le fios go gcoimeádann ceantair uirbeacha teas ar feadh tréimhsí níos faide ná mar a choimeádann ceantair thuaithe; is minic go mbíonn ceantair uirbeacha idir 5 agus 10 gcéim níos teo ná ceantair thuaithe dá réir sin.

Faoi mar a léirítear in Amlíne na dTeagmhas Mór Aeráide (Fíor 4), tá méadú tagtha ar thréimhsí fada fíor-fhuara in Éirinn, agus cruthaítear rioscaí breise i Réigiún Bhaile Átha Cliath mar gheall ar na teochtaí fíor-fhuara seo. Tarlaíonn go ndéantar píopaí a reo mar thoradh ar thréimhsí fada fuachta agus go bpléascann siad ina dhiaidh sin nuair a thagann ardú ar na teochtaí, agus d'fhéadfadh tuile agus cur isteach ar sholáthar uisce, faoi mar a tugadh faoi deara i rith Stoirm Emma, bheith mar thoradh air, nuair a fágadh tithe in áiteanna i bhFine Gall, ar nós an Rois, na Sceirí, Lusca agus na hAille, gan uisce.

Cruthaíonn na teagmhais adhaimsire seo rioscaí suntasacha do shócmhainní criticiúla, ar nós bonneagar leictreachais. Rinne séideáin fhíor-láidre ghaoithe i rith Stoirm Ophelia díobháil do líonraí cumhachta, agus fágadh 385,000 teach agus gnólacht gan leictreachas ar fud na hÉireann dá bharr. Chruthaigh na gaotha láidre siúd baol d'Fhine Gall, chomh maith, i leith tuile cósta, mar gheall ar bhorradh farraige mar gheall ar ardú leibhéal na farraige agus adhaimsir araon. Mar gheall ar shaintréithe Fhine Gall, is gnách go mbíonn tuile uirbeach mar thoradh ar theagmhais fhada bháistí troime, agus is é is príomhchúis leis seo ná easpa dromchlaí tréscaoilteacha. Cruthaíonn tuile baol do sholáthairtí screamhuisce, chomh maith, mar gheall gur féidir iad seo a bheith éilithe mar gheall ar insíothlú uisce tuile.

## RIOSCAÍ AMACH ANSEO

Tuarann Met Éireann go mbeidh Éire ina hiomláine thíos le geimhrí níos teo agus níos cineálta, agus go dtiocfaidh méadú 10-15% ar bháisteach, agus go mbeidh samhraí níos tirime ann [16, 17]. 'Tugann na tuartha le fios go leanfaidh meánteochtaí ag dul i méid, agus go rachaidh téamh i méid ar fud na séasúr go léir. B'fhéidir go gcuirfidh aeráid atá ag éirí níos teo brú ar dhaonraí leochaileacha, ar nós leanaí agus daoine breacaosta. Meastar go dtiocfaidh an méadú is mó ar cheantair san oirthear sna blianta amach romhainn.' [17] I dturas an ama, tugann tuartha frasaíochta le fios go dtiocfaidh méadú a mhéid le 20% ar bháisteach throm i rith shéasúir an gheimhridh agus an fhómhair [17].

Cé nach féidir treocht fhadtéarmach luas na gaoithe a dheimhniú go cruinn, tuaradh go dtiocfaidh méadú ar luasanna gaoithe láidre i rith thréimhse an gheimhridh [17]. D'imreodh seo tionchar mór ar phríomhbhonneagar, ar nós cumarsáide agus iompair, a bhféadfadh na gaotha fíor-láidre cur isteach orthu. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh airdí méadaithe toinne agus caillteanas agus díobháil do ghnáthóga mar gheall ar chreimeadh cósta agus ithreach a bheith mar thoradh ar an an méadú seo ar theagmhais ghaoithe láidre, anuas ar ardú leibhéal na farraige agus stoirmeacha cósta.

## EGNÍOMHARTHA OIRIÚNAITHE D'ADHAIMSIR

Is é is cuspóir ag gníomhartha oiriúnaithe d'adhaimsir a chur le chéile ná éifeachtaí na n-imeachtaí seo a laghdú. Téitear i ngleic le roinnt de na gníomhartha oiriúnaithe seo, chomh maith, i míreanna eile (Tuile agus Ardú Leibhéal na Farraige).

**Áirítear le roinnt de na ngníomhartha ar ghlac Comhairle Contae Fhine Gall leo an méid seo a leanas:**

- Cumarsáid ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil leis an bpobal i gcoitinne, iompar agus gníomhartha cuí a chur chun cinn a bhfuiltear le tabhairt fúthu chun srian a chur ar thionchar i rith teagmhais adhaimsire
- Straitéisí pleanála éigeandála, a dhéantar a ailíniú go leanúnach le teagmhais adhaimsire
- Monatóireacht agus tuar a dhéanamh ar theagmhais adhaimsire, lena n-áirítear foláirimh chruinne agus thráthúla a bhaineann leis an aimsir, faireachas fíor-ama, measúnú agus monatóireacht ina measc.
- Réitigh dhúlrabhunaithe a úsáid (SuDS) a úsáid chun an riosca méadaithe a chruthaíonn tonnta teasa agus tuile a laghdú
- Foirgnimh atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh lena chinntiú go bhfuiltear ullamh do theochtaí as cuimse. Tá ar gach forbairt nua in Éirinn a bheith tíosach ar fhuinneamh, agus caithfidh siad caighdeáin Foirgnimh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (nZEB) a chomhlíonadh i ndiaidh an 31 Nollaig 2020 agus caithfidh comhlachtaí earnála poiblí a bheith comhlíontach faoin 31 Nollaig 2018 i gcás gach foirgnimh nua.

## MAITRÍS RIOSCA

**Tábla 3 Maitrís Riosca Teagmhais Adhaimsire**

| LIMISTÉIR THIONCHAIR | CUR SÍOS | PARAIMÉADAR | IARMHAIRT | DÓCHÚLACHT | RIOSCA AMACH ANSEO |
|---|---|---|---|---|---|
| **Príomhbhonneagar agus an Timpeallacht Thógtha** | Cuirfidh méaduithe tuartha ar theocht, luasanna gaoithe, tréimhsí fuara agus báisteach brú ar an timpeallacht thógtha, go háirithe ar phríomhbhonneagar (ar nós líonraí leictreachais agus cumarsáide) agus forbairtí cónaithe (is iad na daonraí is leochailí is mó atá i mbaol) | Tréimhsí Fuara | 4 | 3 | 12 |
| | | Tonnta Teasa | 2 | 4 | 8 |
| | | Tréimhsí Tirime | 3 | 5 | 15 |
| | | Báisteach Throm | 4 | 3 | 12 |
| | | Luasanna Gaoithe | 5 | 2 | 10 |
| **Iompar** | Cuirfidh méaduithe ar luasanna gaoithe, tréimhsí fuara agus báisteach brú ar ghréasán iompair, agus d'fhéadfaí cur isteach ar sheirbhísí iompair i rith drochtheagmhas | Tréimhsí Fuara | 5 | 3 | 15 |
| | | Tonnta Teasa | 2 | 4 | 8 |
| | | Tréimhsí Tirime | 2 | 5 | 10 |
| | | Báisteach Throm | 3 | 3 | 9 |
| | | Luasanna Gaoithe | 4 | 2 | 8 |
| **Bithéagsúlacht** | Cuirfidh tuartha méaduithe ar theocht, luasanna gaoithe, tréimhsí fuara agus báisteach brú méadaithe ar an mbithéagsúlacht, trí bheith mar chúis le díobháil, caillteanas gnáthóige agus leitheadúlacht speiceas ionrach a mhéadú | Tréimhsí Fuara | 5 | 3 | 15 |
| | | Tonnta Teasa | 4 | 4 | 16 |
| | | Tréimhsí Tirime | 4 | 5 | 20 |
| | | Báisteach Throm | 3 | 3 | 9 |
| | | Luasanna Gaoithe | 3 | 2 | 6 |
| **Bainistíocht Dramhaíola** | D'fhéadfadh méaduithe tuartha ar theocht, tonnta teasa agus triomaigh an riosca i leith dóiteán a mhéadú i láithreáin líonadh talún agus d'fhéadfaidís leitheadúlacht míolra agus boladh a mhéadú, chomh maith | Tréimhsí Fuara | 2 | 3 | 6 |
| | | Tonnta Teasa | 4 | 4 | 16 |
| | | Tréimhsí Tirime | 4 | 5 | 20 |
| | | Báisteach Throm | 5 | 3 | 15 |
| | | Luasanna Gaoithe | 1 | 2 | 2 |
| **Acmhainní Uisce** | Imreoidh méaduithe tuartha ar theocht, tréimhsí fuara agus báisteach tionchar ar shreafaí agus cáilíocht acmhainní uisce. Laghdófar an fháil atá ar acmhainní uisce mar gheall ar mhéaduithe ar theocht agus tréimhsí fuara, agus is féidir le tréimhsí fuara bheith mar chúis le cur isteach ar sheirbhísí uisce | Tréimhsí Fuara | 5 | 3 | 15 |
| | | Tonnta Teasa | 4 | 4 | 16 |
| | | Tréimhsí Tirime | 5 | 5 | 25 |
| | | Báisteach Throm | 5 | 3 | 15 |
| | | Luasanna Gaoithe | 1 | 2 | 2 |

## ARDÚ AR LEIBHÉAL NA FARRAIGE

Is é is príomhchúis leis an ardú ar leibhéil na farraige in Éirinn ná athrú aeráide, agus tá ardú thart ar 35 mm gach deich mbliana ag teacht ar na farraigí agus na haigéin timpeall ar ár n-oileán [20]. Is é príomhchúis ardú leibhéal na farraige an méadú ar theochtaí; fad a thagann méadú ar na teochtaí seo, súnn ár n-aigéin níos mó den teas seo agus tagann fairsingiú orthu. De réir mar a éiríonn na haigéin níos teo, tosaíonn oighearshruthanna agus oighearchaidhpeanna ag leá agus seo is cúis le hardú leibhéil na farraige.

Imríonn ardú leibhéal na farraige tionchar ar thuile cósta, agus mar gheall gur Contae cósta é Fine Gall, d'imreodh arduithe ar leibhéal na farraige agus taoidí cósta tionchar mór ar an gContae agus a bhonneagar. Déanfaidh ardú buan ar leibhéil na farraige agus an méadú ar mhinicíocht, méid agus déine stoirmeacha cósta castacht tuile, creimeadh cósta agus sil-leagain a dhéanamh níos measa.

Imríonn ardú leibhéal na farraige tionchar mór ar thuile cósta agus inbhearach. Mar gheall ar athruithe ar leibhéil na farraige, tiocfaidh méadú ar mhéid inbhear agus déanfar taoidí a insíothlú dá bharr níos faide suas an abhainn in aibhneacha. Bheadh baol ní ba mhó roimh ardú leibhéal na farraige i gceantair feadh aibhneacha atá i mbaol tuile cheana féin mar gheall air seo. Cuireann leibhéil na farraige atá ag ardú bonn níos airde ar fáil do bhorradh stoirme, agus méadaíonn seo a ndéine.


Tá thart ar 20% d'imeallbhord na hÉireann á chreimeadh [20]. Tá na córstaí seo i bhfad níos tugtha do chreimeadh, mar gheall gur gnách gur dríodair neamhdhlúite a bhíonn i gceist leo, faoi mar a bhíonn i gceist feadh chósta an oirthir (Baile Átha Cliath). I measc na gceantar atá i mbaol i bhFine Gall, tá Cill Fhionntain, Baile Dhúill, Port Mearnóg, Mullach Íde, Port Reachrann agus na Sceirí.

### MEASÚNÚ BONNLÍNE

Mar Chontae cósta, tiocfaidh ardú ar leibhéil na farraige i bhFine Gall. Is é Meánleibhéal na Farraige (MLF) meán na dtaoidí arda agus ísle go léir i gcaitheamh bliana. Le 15 bliana anuas, tá ardú níos tapúla ag teacht ar an Meánleibhéal Farraige Bliantúil (MLFB) i Réigiún Bhaile Átha Cliath ná mar a turadh i dtosach (Fíor 8).

Tugann sonraí a bhailigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le fios gurbh é Meándifríocht Bhreathnaithe an Mheáin (MDB) sa MLFB do na trí bliana, 2014, 2015 agus 2016 78 mm, 138 mm agus 114 mm, faoi seach. Cuirtear seo i gcomparáid le luachanna i gcaitheamh na tréimhse idir 2000 agus 2004, a bhí i bhfad ní ba ghaire do MDB 0 mm.

Cuireadh an taoide ab airde a cuireadh i gcuntas riamh i gCathair Bhaile Átha Cliath an 3 Eanáir 2014, agus bhain sé 3.014 méadar amach ag Cionn Mhálanna. Ba é an dara taoide ab airde a cuireadh i gcuntas an 1 Feabhra 2002, tráth a bhain sé 2.950 méadar amach ag Cionn Mhálanna. Ba iad seo na taoidí ab airde a cuireadh i gcuntas le 400 bliain anuas, agus b'fhéidir níos faide i gcás Chuan Bhaile Átha Cliath. Chun leochaileacht d'ardú leibhéal na farraige a laghdú, mhol Acadamh Ríoga na hÉireann um Athrú Aeráide sábháilteacht íosta ceithre mhéadar os cionn leibhéal reatha na farraige ar chósta thoir na hÉireann; is ionann seo agus ardú 0.5 méadar ar leibhéal na farraige, borradh stoirme 2.95 méadar, agus imeall sábháilteachta [21].





*Figiúr 8 Meánleibhéal Farraige Bliantúil Bhaile Átha Cliath 2000-2016 (Foinse: CCBÁC)*

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, cé gur feiniméan é ardú leibhéal na farraige ar tábhachtach é a thuiscint i dtaobh Fhine Gall, níl ach gné amháin i gceist a chuireann le saincheisteanna tuile sa Chontae. Is tábhachtach, chomh maith, na gnéithe eile a thuiscint a chuireann le tuile, nuair a chuirtear san áireamh le leibhéil ardaithe na farraige iad. Áirítear leis seo meascán de leibhéil fíor-arda taoide, ina bhfuil taoidí réalteolaíochta agus borradh stoirme (luaineacht i leibhéal an uisce mar gheall ar brú atmaisféarach, luas na gaoithe, suaitheadh sealadach ar leibhéal na farraige, etc.) agus tonnghníomhú.

## RIOSCAÍ IS CÚIS LE hARDÚ AR LEIBHÉAL NA FARRAIGE

D'fhoilsigh OOP rioscaí reatha a bhaineann le hardú leibhéal na farraige, agus is féidir iad a chatagóiriú mar rioscaí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil. I measc na gceantar a gcuireann ardú leibhéal na farraige baol mór rompu i bhFine Gall, tá Cill Fhionntain, Baile Dhúill, Port Mearnóg, Mullach Íde, Port Reachrann agus na Sceirí. Áirítear leis na rioscaí a bhaineann le hardú leibhéal na farraige i bhFine Gall:

- **Sil-leagan cósta agus díobháil a dhéanamh do na cosaintí reatha** mar gheall ar airdí méadaithe toinne ag an imeallbhord. Imreoidh seo tionchar mór ar ghnáthóga cósta, agus is iad inbhir agus bogaigh, ach go háirithe, a bheidh leochaileach.
- **Athruithe ar mhoirfeolaíocht an chósta**, is gnách go ndéanann athruithe ar leibhéal na farraige agus méadú ar dhéine stoirmeacha cósta creimeadh cósta agus riosca i leith sil-leagain a dhéanamh níos measa.
- **Rioscaí i leith bonneagar fuíolluisce**, is féidir le hardú leibhéal na farraige bheith mar chúis le cur thar maoil mar gheall nach féidir le comhchórais draenála feidhmiú, agus cruthaíonn seo baol méadaithe tuilte ar talamh. Chomh maith leis sin, mar gheall gur minic go mbíonn ionaid chóireála fuíolluisce agus stáisiúin chaidéalaithe séarachais suite i ngar don chósta, cuirtear baol ar leith roimh na saoráidí seo.
- **Díobháil a dhéanamh do phríomhbhonneagar agus tithíocht** a dhéanann tuile cósta agus ardú leibhéal na farraige. Is éard a bhíonn mar thoradh air seo ná rioscaí geilleagracha agus sóisialta do Chontae, go háirithe mar gheall go bhfuil tithíocht agus bonneagar mór feadh an chósta
- **Airdí méadaithe toinne agus lán mara** a dhéanann díobháil níos faide intíre agus in aghaidh an tsrutha.




*Fíor 9 Ceantair ina bhfuil Baol i leith Ardú ar Leibhéal na Farraige iontu faoi Láthair i bhFine Gall mar gheall ar Ardú Tuartha ar Leibhéal na Farraige (Foinse: Arna oiriúnú ón Taifead ar Dhéanmhais Chosanta/Oifig na nOibreacha Poiblí)*

## RIOSCAÍ AMACH ANSEO

*"I dtaobh leochaileacht gaolmhar talún, tá an baol is mó roimh Bhaile Átha Cliath, Lú agus Loch Garman. Faoi ardú tuartha 6 mhéadar ar leibhéal na farraige, meastar go mbeadh cóir a bheith 1,200 ciliméadar cearnach d'achar talún i mbaol."* [17]. Tugann tuartha amach anseo le fios gurb ionann a bheidh ardú leanúnach ar leibhéal na farraige agus 3-4 mm sa bhliain go domhanda [20], ach is é 6-7 mm an meánardú ar leibhéal na farraige a cuireadh i gcuntas i gCuan Bhaile Átha Cliath don tréimhse idir 2000 agus 2016. Ciallaíonn seo, sa mhullach ar airdí toinne, taoidí agus minicíocht mhéadaithe stoirmeacha cósta, go mbeidh pobail chósta thíos le leochaileacht mhéadaithe gheilleagrach, shóisialta agus chomhshaoil. Ag an am céanna, imreofar tionchar abhann, chomh maith, mar gheall ar bháisteach throm sa limistéar tionchar síos an abhainn.

Tugtar chun solais i bhFíor 9 ar an leathanach roimhe seo roinnt de na ceantair feadh imeallbhord Fhine Gall atá i mbaol agus dath glas orthu; limistéar lena mbaineann tábhacht gheilleagrach agus chomhshaoil don Chontae é seo.

Bíonn ardú ar theocht dromchla na farraige mar thoradh ar mhéadú ar theocht, agus bíonn méadú buan ar leibhéal na farraige mar thoradh air sin. Bíonn éifeacht iarmhartach ag ardú ar leibhéil na farraige i dtaobh rioscaí eile, chomh maith, mar gheall go méadaíonn sé déine ghníomhaíocht stoirme agus tonnghníomhú. Tugann samhlacha a dhéanann comparáid idir sonraí 1900-1961 le fios go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht airdí borrtha stoirme idir 50 agus 100 cm don tréimhse idir 2031 agus 2060 [17]. Beidh Fine Gall an-leochaileach dá bharr, agus chaillfí ní ba mhó talún, dhéanfaí díobháil do bhonneagar agus thitfeadh tuile cósta amach dá bharr.

Tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú ar an méid báistí (sa samhradh ach go háirithe) mar thoradh ar athrú aeráide, agus beidh Fine Gall (go háirithe an earnáil talmhaíochta sa Chontae) ag brath níos mó ar screamhuisce chun fionnuisce a sholáthar mar thoradh air sin.

## MAITRÍS RIOSCA

**Tábla 4 Maitrís Riosca is Cúis le hArdú ar Leibhéal na Farraige**


| LIMISTÉIR THIONCHAIR | CUR SÍOS | PARAIMÉADAR | IARMHAIRT | DÓCHÚLACHT | RIOSCA AMACH ANSEO |
|---|---|---|---|---|---|
| **Príomhbhonneagar agus an Timpeallacht Thógtha** | Cruthóidh méaduithe ar leibhéil na farraige agus tonnta a sháraíonn cosaintí an chósta, anuas ar stoirmeacha cósta ag tarlú níos minice baol don timpeallacht thógtha. Áireofar leis seo tithíocht agus príomhbhonneagar, ar gnách go dtógtar iad feadh an chósta | Ardú ar Leibhéal na Farraige | 4 | 5 | **20** |
| | | Airde Thoinne | 4 | 3 | **12** |
| | | Taoidí | 4 | 4 | **16** |
| | | Creimeadh Cósta | 3 | 3 | **9** |
| | | Borradh Stoirme | 4 | 2 | **8** |
| **Iompar** | Cruthóidh arduithe tuartha ar leibhéal na farraige, ar airdí toinne agus ar tharlú stoirmeacha cósta riosca méadaithe do sheirbhísí iompair (ar nós bóithre agus an DART) atá feadh an chósta agus i ngar d'aibhneacha taoide | Ardú ar Leibhéal na Farraige | 4 | 5 | **20** |
| | | Airde Thoinne | 4 | 3 | **12** |
| | | Taoidí | 3 | 4 | **12** |
| | | Creimeadh Cósta | 3 | 3 | **9** |
| | | Borradh Stoirme | 4 | 2 | **8** |
| **Bithéagsúlacht** | Imreoidh leibhéil na farraige, airdí toinne agus tarlú stoirmeacha cósta atá ag ardú tionchar mór ar ghnáthóga cósta, agus is iad inbhir agus bogaigh, ach go háirithe, a bheidh i mbaol. | Ardú ar Leibhéal na Farraige | 5 | 5 | **25** |
| | | Airde Thoinne | 4 | 3 | **12** |
| | | Taoidí | 3 | 4 | **12** |
| | | Creimeadh Cósta | 4 | 3 | **12** |
| | | Borradh Stoirme | 4 | 2 | **8** |
| **Bainistíocht Dramhaíola** | Cuirfidh méaduithe ar leibhéil na farraige agus taoidí brú ar chórais sláintíochta (is gnách go mbíonn iad seo suite ar íseal-leibhéil) i ngar don chósta | Ardú ar Leibhéal na Farraige | 4 | 5 | **20** |
| | | Airde Thoinne | 4 | 3 | **12** |
| | | Taoidí | 4 | 4 | **16** |
| | | Creimeadh Cósta | 2 | 3 | **6** |
| | | Borradh Stoirme | 2 | 2 | **4** |
| **Acmhainní Uisce** | Cuireann leibhéil na farraige, airdí toinne agus taoidí atá ag ardú soláthar uisce agus uiscígh i mbaol. Ar an ábhar sin, beidh bainistíocht sheasmhach le déanamh ar ardú leibhéal na farraige chun tuile a sheachaint | Ardú ar Leibhéal na Farraige | 4 | 5 | **20** |
| | | Airde Thoinne | 3 | 3 | **9** |
| | | Taoidí | 4 | 4 | **16** |
| | | Creimeadh Cósta | 2 | 3 | **6** |
| | | Borradh Stoirme | 3 | 2 | **6** |

## GNÍOMHARTHA OIRIÚNAITHE D’ARDÚ AR LEIBHÉAL NA FARRAIGE

Is éard a dtugann na gníomhartha seo tús áite dó ná na héifeachtaí a bhíonn ag ardú leibhéal na farraige faoi láthair agus amach anseo a laghdú agus dul i ngleic leo. Áirítear le roinnt de na réitigh ar ghlac Comhairle Contae Fhine Gall leo an méid seo a leanas:

- Cur chuige a laghdaíonn tuile agus creimeadh cósta trí dhríodair shaorga a chur leis agus dumhcha a athshlánú agus a athchóiriú
- Réitigh liatha, lena n-áirítear bonneagar, ar nós ballaí mara a chosnaíonn bonneagar atá i ngar ó thuile cósta agus ardú leibhéal na farraige Tá bonneagar atá le hoiriúnú deartha i leith an eolais agus na sonraí is fearr atá ar fáil, agus cuirtear san áireamh ann na leibhéil reatha agus thuartha tuilte
- Éiceachórais bhogaigh a athchóiriú feadh an chósta, chun cosaint nádúrtha a sholáthar in aghaidh tuile agus creimthe
- Bearta rialála beartais agus pleanála, forbairtí nua a rialú agus a bhainistiú ina measc sna ceantair atá i mbaol. Treoirlínte maidir le Riosca i gcás Tuilte OOP agus moltaí staidéar ar riosca i gcás tuilte OOP a chur i bhfeidhm, ar nós Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte Fhine Gall-Oirthear na Mí (FEM FRAMS) agus Staidéir Mheasúnaithe agus Bhainistíochta Riosca i gCás Tuilte Dobharcheantair (BMRCTDanna)

Aibhneacha taoide iad formhór na n-aibhneacha i gContae Baile Átha Cliath, agus is amhlaidh an cás san abhainn a thaispeántar thíos. Dá airde a éiríonn leibhéil na farraige is mó an borradh a thagann ar an riosca a chruthaíonn stoirm (suas an abhainn agus síos an abhainn araon).




| | Teagmhas DSB 10% | | Teagmhas DSB 0.5% | | Teagmhas DSB 0.1% | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Lipéad Nóid | Leibhéal Uisce (mOD) | Sreabhadh ($m^3/s$) | Leibhéal Uisce (mOD) | Sreabhadh ($m^3/s$) | Leibhéal Uisce (mOD) | Sreabhadh ($m^3/s$) |
| 2Sa3476 | 6.72 | 3.17 | 7.00 | 6.53 | 7.18 | 9.74 |
| 08005 | 5.40 | 3.22 | 5.74 | 6.52 | 6.00 | 9.53 |
| 2Sa3998 | 9.71 | 3.07 | 9.95 | 6.29 | 10.16 | 9.38 |
| 2Sa2612 | 2.97 | 3.39 | 3.23 | 6.50 | 3.46 | 10.30 |
| 2Sa2090 | 2.09 | 3.53 | 2.33 | 7.14 | 2.58 | 10.63 |
| 2Sa1676 | 2.08 | 4.78 | 2.31 | 8.96 | 2.57 | 12.17 |
| 2Sa969 | 2.07 | 5.53 | 2.30 | 8.84 | 2.56 | 11.05 |
| 2Sa455 | 2.07 | | 2.30 | | 2.56 | |
| 2Sa36U | 2.07 | 10.53 | 2.29 | 17.47 | 2.56 | 22.72 |
| 2Saaz1030 | 4.13 | 0.40 | 4.32 | 0.71 | 4.47 | 1.06 |
| 2Saaz341 | 3.39 | 0.69 | 3.69 | 1.40 | 3.90 | 1.93 |
| 2Saa687 | 2.96 | | 3.38 | | 3.61 | |
| 2Saa181 | 2.33 | 1.19 | 3.11 | 2.16 | 3.22 | 3.16 |
| 073 | 2.77 | | 3.20 | | 3.43 | |

*Fíor 10 Limistéir faoi réir Tuile Taoide i bPort Mearnóg, Fine Gall (Foinse: Arna Oiriúnú ón Taifead ar Dhéanmhais Chosanta/Oifig na nOibreacha Poiblí)*

## TUILE

Imríonn éifeachtaí an uirbithe agus an athraithe aeráide tionchar agus méadaíonn siad an riosca i leith tuile. Is amhlaidh an cás d'Fhine Gall, inar tháinig méadú ar cheantair uirbeacha agus mar gheall gur Contae cósta é, chomh maith, ina bhfuil córas casta aibhneacha, canálacha, séaraigh uisce dromchla, séaraigh bhréana agus sruthchúrsaí uirbeacha.

Féadfaidh roinnt rudaí a bheith mar chúis le tuile, ardú ar leibhéal na farraige, uisce a ritheann chun srutha, báisteach throm, aimsir eisceachtúil, stoirmeacha agus borradh taoide. Bíonn Fine Gall thíos le roinnt saghsanna de thuile, an méid seo a leanas ina measc:

- **Tuile cósta agus taoide** mar thoradh ar bhorradh stoirme, tonnghníomhú is cúis le tuile nuair a sháraíonn uisce cosaintí tuile, nó teagmhais adhaimsire eile is cúis le leibhéil na farraige os cionn na ngnáthleibhéal agus a dhéanann uisce sáile a bhrú isteach ar an talamh
- Is é is cúis le **tuile abhann** ná báisteach (a thiteann ar feadh tréimhse nó báisteach an-trom), agus sáraíonn aibhneacha a dtoilleadh dá bharr
- Tarlaíonn **tuile líonra** mar thoradh ar chórais draenála uirbeacha a bheith faoi uisce agus a dtoilleadh a shárú
- Príomhriosca ar fud an Chontae go léir atá i **dtuile bháistiúil** mar thoradh ar bháisteach dhian agus thobann a scaipeann ar an talamh agus a sháraíonn toilleadh córais draenála áitiúla
- **Tuile** de bharr scaoileadh nó sáruithe ar dhambaí

### MEASÚNÚ BONNLÍNE

Faoi mar a dtugtar cuntas air thuas i dTábla 1, is rí-bheag cuntas atá ar theagmhais mhóra tuile idir na blianta 1986 agus 2000. Tugadh teagmhais adhaimsire ní ba mheasa faoi deara idir an bhliain 2000 agus 2002 agus tháinig méadú ar a minicíocht ar ráta suntasach ó 2008 ar aghaidh. Is féidir é seo a thabhairt faoi deara ó Amlíne na dTeagmhas Mór Aeráide i mBaile Átha Cliath (Fíor 4).

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh nach mbeadh díreach cúis amháin ina húdar le rioscaí tuile agus d'fhéadfadh roinnt tosca a bheith mar chúis leo a mbíonn tuile mhór mar thoradh orthu.





*Fíor 11 Rioscaí i gCás Tuile Stairiúil i bhFine Gall (Foinse: Plean Forbartha Fhine Gall)*

## RIOSCAÍ TUILE

Tá rioscaí i gcás tuile taoide feadh chóstaí Fhine Gall, agus tá rioscaí abhann ann go hintíre go príomha feadh Abhann an Bharda, Abhainn Ghabhra, Abhainn na Tulchann, Abhainn Sheantraibh agus Abhainn na Life. Is féidir na haibhneacha seo a fheiceáil i bhFíor 1 ar an leathanach roimhe seo (tugann ciorcail ar a bhfuil dath gorm láithreacha le fios inar thit tuile stairiúil amach).

Léirítear i bhFíor 12 thíos tuile dhóchúil feadh Abhainn Ghabhra.

Cuireann cearta bruachánacha le rioscaí tuile. Úinéirí bruachánacha iad roinnt úinéirí réadmhaoine nó talún a bhfuil talamh acu atá taobh le sruthchúrsa, nó a ngabhann sruthchúrsa trína dtalamh, agus tá freagrachtaí áirithe dlíthiúla orthu an sruthchúrsa a chothabháil.




| Lipéad Nóid | Leibhéal Uisce (mOD) AEP 10% | Sreabhadh (m³/s) AEP 10% | Leibhéal Uisce (mOD) AEP 1% | Sreabhadh (m³/s) AEP 1% | Leibhéal Uisce (mOD) AEP 0.1% | Sreabhadh (m³/s) AEP 0.1% |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4Bae1386 | 25.75 | 0.3 | 25.75 | 0.3 | 25.75 | 0.3 |
| 4Baeab240 | 32.2 | 0.2 | 32.2 | 0.2 | 32.2 | 0.2 |
| 4Ba1608 | 5.02 | 36.09 | 5.55 | 69.46 | 6.32 | 129.69 |
| 4Bae905 | 20.1 | 0.98 | 20.25 | 1.29 | 20.48 | 1.81 |
| 4Baeac295 | 34.55 | 0.2 | 34.55 | 0.2 | 34.55 | 0.2 |
| 4Baead229D | 39.69 | 0.05 | 39.69 | 0.05 | 39.71 | 0.09 |
| 4Baf453 | 10.86 | 0.23 | 10.99 | 0.58 | 11.55 | 1.2 |
| 4Ba2557 | 9.05 | 32 | 9.64 | 57.46 | 10.23 | 91.8 |
| 08008 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |


*Fíor 12 Limistéir atá i mBaol Tuile Abhann - Abhainn Ghabhra (Foinse: Arna Oiriúnú ó Oifig na nOibreacha Poiblí)*

## RIOSCAÍ AMACH ANSEO

Tuartar, i dtaobh athrú aeráide, go rachaidh an dóchúlacht go dtitfidh teagmhais tuilte amach i méid. Tuartar go dtiocfaidh méadú, chomh maith, ar an líon laethanta a thitfidh báisteach throm gach bliain, agus cruthófar baol níos mó i dtaobh tuile bháistiúil agus abhann.

Léirítear i bhFíor 13 thíos measúnú riosca i gcás tuilte faoinar tugadh i bhFine Gall agus úsáidtear an Dóchúlacht Teagmhais/Sáraithe Bhliantúil (an DTSB); is ionann seo agus an dóchúlacht go dtitfidh teagmhas amach i mbliain, i.e. tá dóchúlacht 1 as 100 ann go dtarlóidh tuile.

Braithfidh rioscaí i gcás tuilte amach anseo ar phatrúin lonnaíochta uirbí, úsáid talún agus caighdeán na gcóras tuartha tuilte, rabhaidh agus freagartha tuilte atá i bhfeidhm. Tá Fine Gall an-leochaileach do rioscaí amach anseo, mar gheall ar bhorradh tuartha ar an daonra sna blianta amach romhainn. Imreoidh an riosca méadaithe seo i leith tuile tionchar ar na córais i bhFine Gall atá leochaileach cheana féin, i dtaobh brú méadaithe ar chórais uisce agus séarachais, agus díobháil a dhéanamh do phríomhbhonneagar agus réadmhaoin.




*Fíor 13 Méideanna Tuile i nDomhnach Bat (Foinse: Arna Oiriúnú ó Oifig na nOibreacha Poiblí/ Harlow Barry)*

## MAITRÍS RIOSCA

**Tábla 5 Maitrís Riosca Tuile**

| LIMISTÉIR THIONCHAIR | CUR SÍOS | PARAIMÉADAR | IARMHAIRT | DÓCHÚLACHT | RIOSCA AMACH ANSEO |
|---|---|---|---|---|---|
| **Príomhbhonneagar agus an Timpeallacht Thógtha** | Cuirfidh tuile abhann, bháistiúil agus screamhuisce brú breise agus ar an timpeallacht thógtha agus cruthóidh sé riosca breise dó. Beidh gach ceantar sa timpeallacht thógtha thíos leis mar gheall ar an riosca breise seo (gnólachtaí, áiteanna cónaithe, príomhbhonneagar, etc.) | Cósta agus Taoide | 5 | 5 | **25** |
| | | Abhann | 5 | 5 | **25** |
| | | Báistiúil | 4 | 4 | **16** |
| **Iompar** | Déanfaidh méaduithe ar thuile abhann agus bháistiúil díobháil do bhóithre, ar féidir le cur isteach ar gach seirbhís iompair bheith mar thoradh air | Cósta agus Taoide | 5 | 5 | **25** |
| | | Abhann | 5 | 5 | **25** |
| | | Báistiúil | 4 | 4 | **16** |
| **Bithéagsúlacht** | Is féidir le drochtheagmhais tuile bheith mar chúis le gnáthóga a chailleadh agus díobháil a dhéanamh d'éiceachórais | Cósta agus Taoide | 4 | 5 | **20** |
| | | Abhann | 3 | 5 | **15** |
| | | Báistiúil | 2 | 4 | **8** |
| **Bainistíocht Dramhaíola** | Méadaíonn tuile ar láithreáin líonadh talún an riosca go ndéanfar uisce dromchla agus screamhuisce a éilliú | Cósta agus Taoide | 4 | 5 | **20** |
| | | Abhann | 3 | 5 | **15** |
| | | Báistiúil | 4 | 4 | **16** |
| **Acmhainní Uisce** | Cuireann méaduithe ar thuile brú breise ar chórais uisce, a bhíonn lonnaithe, de ghnáth, ag an airde is ísle agus a mbíonn baol níos mó rompu i leith tuile, dá bharr. | Cósta agus Taoide | 5 | 5 | **25** |
| | | Abhann | 4 | 5 | **20** |
| | | Báistiúil | 4 | 4 | **16** |


## GNÍOMHARTHA OIRIÚNAITHE DO THUILE

Is é cuspóir na ngníomhartha oiriúnaithe do thuile chun an éifeacht a laghdú a bhíonn ag teagmhais tuile, agus ba cheart dóibh dul i ngleic le rioscaí tuile reatha agus amach anseo araon. Is iad cuspóirí gníomhartha oiriúnaithe do thuile:

1. **Geilleagrach** – a chinntiú go mbunaítear caiteachas ar bhainistíocht riosca i gcás tuilte ar anailís costais is tairbhe
2. **Sóisialta** – riosca i leith saoil agus sláinte a laghdú, agus an príomhbhonneagar á chosaint i gcomhthráth agus a chinntiú nach bhfuil riosca méadaithe i leith aon limistéar eile ann
3. **Comhshaoil agus oidhreacht** – an bhithéagsúlacht agus oidhreacht chultúrtha a chosaint, agus a fheabhsú, más féidir

Rinne Fine Gall athléimneacht i leith tuilte a choimeád trí úsáid a bhaint as pleanáil spásúlachta agus tionscadail bhonneagair agus tugtar tús áite do réitigh dhúlrabhunaithe. Áirítear le roinnt de na bearta oiriúnaitheacha:

- **Bearta athléimneachta tuilte gnó agus pobail** – ar nós córais tuartha agus mhonatóireachta ar thuilte chun borradh cósta a thuar
- **Bearta a bhaineann go sonrach le láithreán** – d'fhéadfadh úsáid a bhaint as tírdhreacha reatha nádúrtha nó as bonneagar reatha a bheith i gceist leis seo chun tuile a laghdú I measc na samplaí de seo tá leibhéil ardaithe urláir i réadmhaoin agus forbairt theoranta sa cheantar
- **Bearta cineálacha** – ar nós Córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe (SuDS), atá éigeantach i dtaobh gach forbartha nua. Mura féidir soláthar a dhéanamh do SuDS ag an láithreán, caithfidh bealach eile a bheith ann chun rith chun srutha a laghdú. Chun rioscaí tuile a laghdú i bhforbairtí nua, luaitear i Staidéar Draenála Straitéiseach Mhór-Cheantar Bhaile Átha Cliath nach gceadaítear aon fhorbairt nua laistigh de 10-15 mhéadar ar an dá thaobh de shruthchúrsaí, caithfear a áireamh le hiarratais pleanála measúnú riosca formhuirir agus caithfear córais draenála a aonrú ó íoslaigh.
- **Bainistíocht tuilte** - úsáid a bhaint as *na Treoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte* a d'fhoilsigh Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), mar bheart le haghaidh bainistíocht tuilte agus oiriúnú do thuilte. Tá na treoirlínte seo le cur i bhfeidhm i gceart agus le cur san áireamh in aon bhearta forbartha, pleanála agus maolaithe/oiriúnaithe do thuilte.




| | Teagmhas DSB 10% | | Teagmhas DSB 0.5% | | Teagmhas DSB 0.1% | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Lipéad Nóid | Leibhéal Uisce (mOD) | Sreabhadh (m3/s) | Leibhéal Uisce (mOD) | Sreabhadh ($m^3/s$) | Leibhéal Uisce (mOD) | Sreabhadh ($m^3/s$) |
| 6Ta3920 | 2.57 | | 3.18 | | 3.31 | |
| 6Ta3652 | 2.47 | 3.50 | 2.94 | 7.59 | 2.99 | 9.35 |
| 6Ta3273 | 2.45 | | 2.94 | | 2.98 | |
| 6Ta3001_DS | 2.42 | | 2.92 | | 2.95 | |
| 6Ta2449 | 1.86 | 3.11 | 2.44 | 6.37 | 2.64 | 9.64 |
| 6Ta2003 | 1.63 | | 2.17 | | 2.37 | |
| 6Ta1672 | 1.45 | | 1.88 | | 2.10 | |
| 6Ta1175 | 1.28 | | 1.55 | | 1.74 | |
| 6Ta766 | 1.08 | | 1.40 | | 1.64 | |
| 6Ta450 | 1.07 | | 1.40 | | 1.63 | |
| 6Ta45 | 1.07 | | 1.39 | | 1.63 | |
| 053 | 2.76 | | 3.18 | | 3.41 | |

*Fíor 14 Láthair na Limistéar Cosanta i nDomhnach Bat (Foinse: Oiriúnú ó OOP/Harlow Barry)*

## TRUAILLIÚ AEIR AGUS CÁILÍOCHT AN AEIR

Tomhas ar dhlús na dtruailleán ar leith atá díobhálach do shláinte daoine is ea cáilíocht an aeir. Imreoidh athruithe ar an aeráid, go háirithe méaduithe ar theocht, tionchar ar dhlús na dtruailleán san aer; fad a théann teochtaí i méid, agus rachaidh dlús na dtruailleán i méid, chomh maith [24]. Is amhlaidh atá an scéal, chomh maith, nuair a chuirtear láidreacht agus minicíocht athraitheach ardluasanna gaoithe mar gheall ar athrú aeráide san áireamh, a d'fhéadfadh bheith mar chúis le scaipeadh truailleán agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do limistéar agus daonra níos mó.

Díríonn beartas maidir le cáilíocht an aeir ar thruailleáin, gáis cheaptha teasa (GCTanna) agus na cáithníní agus dé-ocsaíní díobhálacha níos práinní a laghdú. Ciallaíonn dlús GCTanna a laghdú (i.e. a mhaolú) an úsáid a bhaintear as breoslaí carbónbhunaithe a laghdú nó a dhíothú agus aistriú chuig foinsí in-athnuaite d'fhuinneamh agus ionsú carbóin ag fásra [22, 23, 24].

### MEASÚNÚ BONNLÍNE

Tá cáilíocht an aeir i Réigiún Bhaile Átha Cliath go maith, faoi láthair, agus ní sháraíonn na leibhéil de dhé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$), dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$), aonocsaíd charbóin (CO), agus ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) go léir laistigh de leibhéil inghlactha, de réir na treorach ón Aontas Eorpach (an AE). Díríonn treoir nua ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (an EDS) ar impleachtaí sláinte cháilíocht an aeir (fiú cáilíocht an aeir atá laistigh de leibhéil inghlactha) agus conas maolú a dhéanamh ina aghaidh seo. Le maolú, daingean áitiúil a chinntiú le haghaidh saincheisteanna sláinte, teastaíonn sonraí cruinne faoi cháilíocht aeir réigiúin. Tá 13 stáisiún monatóireachta ar cháilíocht an aeir gníomhach faoi láthair ar fud Bhaile Átha Cliath; ach ní dhéanann siad monatóireacht, áfach, ar gach GCT agus ábhar cáithníneach ag gach stáisiún. Mar aitheantas ar an ngá atá le sonraí níos daingne, tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag oibriú faoi láthair leis an GCC chun sonraí a bhailiú ar cháilíocht an aeir i do Réigiún iomlán Bhaile Átha Cliath faoin gClár náisiúnta nua Monatóireachta ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh (AAMP). Cabhróidh braiteoirí a úsáid chun sonraí áitiúla inrochtana fíor-ama a bhailiú chun beartas a fhorbairt chun dul i ngleic le cáilíocht an aeir agus truailleáin, ar nós *na Straitéise Náisiúnta Aeir Ghlain*, atá le scaoileadh in 2019.

## TRUAILLIÚ AEIR AGUS RIOSCAÍ I LEITH CHÁILÍOCHT AN AEIR

Braitheann truailleáin aeir ar aeráid agus saintréithe an cheantair. Tá an Contae leochaileach i leith truailleán mar gheall ar astaíochtaí Bhaile Átha Cliath ón earnáil iompair, tógáil tionscal agus dramhaíola a dhó agus astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí tionsclaíocha.

Baineann truailliú aeir agus rioscaí i leith cháilíocht an aeir leis an tsláinte agus le rioscaí i leith éiceachóras, go príomha. Is iad saoránaigh leochaileacha (leanaí, mná torracha, daoine aosta agus iad siúd a bhfuil drochshláinte acu) is mó is dóchúla a bheidh i mbaol. D'fhéadfaí a áireamh leis an riosca i leith sláinte saincheisteanna riospráide a éiríonn níos measa agus laghdú ar thréimhse saoil.

I dturas an ama, d'fhéadfadh droch-cháilíocht an aeir ar leibhéal na talún riosca a chruthú do tháirgeadh bia. D'fhéadfadh báisteach aigéadach mar gheall ar thruailliú aeir agus eotrófú a bheith mar thoradh ar thruailleáin iomarcacha, agus is é is cúis leis ná truailleáin a scaiptear ar phlandaí agus aibhneacha ó uisce a ritheann chun srutha.


Déanann méaduithe ar theochtaí aeir é seo a ghéarú, chomh maith. Bhrath monatóirí ar cháilíocht an aeir ar an líonra náisiúnta monatóireachta ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh dlús ardaithe ózóin i rith thonn teasa shamhradh 2018, anuas ar leibhéil mhéadaithe de thruailliú aeir ar leibhéal na talún.

## RIOSCAÍ AMACH ANSEO


D'fhéadfaí rioscaí reatha a ghéarú amach anseo, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh go dtuartar go dtiocfaidh borradh ar an daonra. De réir mar a théann daonra an Chontae i méid, is amhlaidh a théann an gá atá le gréasáin iompair agus iompraíochta, fuinnimh, diúscartha dramhaíola agus tithíochta. Beidh gá le haon teicneolaíochtaí nua (bithmhais, etc.) a tugadh isteach chun dul i ngleic le hathrú aeráide a mheasúnú i dtaobh an tionchair a imrítear ar cháilíocht an aeir.

Is iad astaíochtaí truailleáin aeir, go háirithe $PM_{10}$ agus $NO_X$(ocsaíd de nítrigin) a scaoiltear as trácht ar bhóithre, is mó a bhagraíonn ar cháilíocht an aeir i gceantair uirbeacha[25]. Fiú cé go bhfuil breoslaí níos glaine agus gur laghdaíodh astaíochtaí a bhuíochas leis na caighdeáin nua, tá méadú tugtha faoi deara fós féin in Éirinn ar an méid gluaisteán agus méideanna a n-innill. Chomh maith leis sin, aistríodh chuig innill díosail le blianta beaga anuas, a scaoileann níos lú $CO_2$ ach a scaoileann níos mó ábhar cáithníneach.


Tháinig méadú i Réigiún Bhaile Átha Cliath ar thógáil agus forbairt le blianta beaga anuas, agus tuartar go rachaidh tógáil i méid mar gheall ar an éileamh méadaithe ar thithíocht i measc daonra atá ag fás. Fad a mhéadaíonn tógáil agus scartáil i bhFine Gall, is amhlaidh a mhéadóidh astaíochtaí ar eitilt agus cáithníní deannaigh, a dhéanann saincheisteanna sláinte i measc an daonra níos measa.




*Fíor 15 Meándlúsanna Ábhair Cháithnínigh Bhliantúil$_{2.5}$ (Mínábhar Cáithníneach) ag Stáisiúin Aonair in 2016 (Foinse: an GCC)*




*Fíor 16 Meándlúsanna Ábhair Cháithnínigh Bhliantúil$_{2.5}$ ag Stáisiúin Aonair in 2016 (Foinse: an GCC)*




*Fíor 17 Meándlúsanna $NO_2$ Bhliantúil (Dé-ocsaíd Nítrigine) ag Stáisiúin Mhonatóireachta Aonair in 2016 (Foinse: an GCC)*

## GNÍOMHARTHA OIRIÚNAITHE DO THRUAILLIÚ AEIR AGUS CÁILÍOCHT AN AEIR

Tá de chuspóir ag gníomhartha oiriúnaithe do thruailliú aeir agus cáilíocht an aeir chun na héifeachtaí a bhíonn ag truailliú aeir a laghdú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Déantar seo trí bheartas agus reachtaíocht chun truailleáin a rialáil a ghin earnálacha éagsúla fuinnimh i bhFine Gall. Is iad an dá earnáil is mó a imríonn tionchar ar cháilíocht an aeir ná téamh baile agus iompar. Beidh aer níos glaine agus timpeallacht níos sláintiúla do shaoránaigh mar thoradh ar aistriú ó bhreosla soladach a dhó go dtí modhanna téimh baile níos glaine agus níos éifeachtúla i dtaobh fuinnimh agus aistriú ó úsáid a bhaint as gluaisteáin phríobháideacha díosail agus pheitril chuig modhanna eile iompair, ar nós siúil, rothaíochta agus feithiclí leictreacha. Tá seo thar a bheith tábhachtach inár dtimpeallachtaí uirbeacha atá i mbaol. Chun na hathruithe iompraíochta seo a dhreasú agus chun cur leo go poiblí, tá sé ríthábhachtach go nglacann Éire le réitigh bheartais ar féidir leo an dá shaincheist a nascadh, is é sin, cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus athrú aeráide a mhaolú. Ba cheart go ndéanfaí Straitéis Aeir Ghlain Náisiúnta an rialtais, atá le foilsiú, an bealach chun cinn a threorú i dtaobh réitigh bheartais d'Éirinn ina leith seo.

Áirítear leis na ngníomhartha ar ghlac Comhairle Contae Fhine Gall leo an méid seo a leanas:

- Rialuithe éifeachtacha forfheidhmithe - an tAcht um Thruailliú Aeir, 1987 a rialálann agus a dhéanann monatóireacht ar dhó neamhdhleathach, astaíochtaí iomarcacha ón tionscal agus astaíochtaí deannaigh ón tionscal tógála
- Beartais iompair chun truailleáin a laghdú. Áirítear leis seo rotharbhealaí a sholáthar, srian ar fheithiclí earraí troma agus Mórlánaí Bus (MLBanna) a fhairsingiú.
- Forbairt a rialú fad a dtugtar tús áite d'fhorbairtí áitíochta ard-dlúis atá i ngar do bhealaí agus chonláistí iompair phoiblí.
- Teastaíonn Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) agus Ráitis ar an Tionchar ar an gComhshaol ó fhorbairtí móra a chuireann isteach ar chead pleanála. Ba cheart do MTCanna sonraí a thabhairt faoin tionchar a imreoidh an fhorbairt ar cháilíocht an aeir.
- Fardail astaíochtaí a athbhreithniú agus a nuashonrú, samhaltú de cháilíocht an aeir uirbigh agus monatóireacht ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh.

## PLEANÁIL FREAGARTHA ÉIGEANDÁLA


Léirigh an bhonnlíne oiriúnaithe go bhfuil teagmhais adhaimsire mar gheall ar aeráid athraitheach ag méadú i dtaobh minicíochta agus déine araon, agus gur féidir leo baol a chruthú do shaoránaigh agus don bhonneagar. Tugann seo chun solais an gá atá le pleanáil éigeandála, agus le pleananna a dhéantar a nuashonrú go leanúnach ar aon dul leis na teagmhais adhaimsire seo. Leagtar amach sa Chreat Bainistíochta Mór-Éigeandála (BMÉ) an caidreamh oibre idir na gníomhaireachtaí éagsúla atá sa fhreagairt éigeandála túslíne.

Déantar éigeandáil mhór a shaínmhíniú sa BMÉ mar seo a leanas:

*'Aon teagmhas, a dtugtar fógra gearr nó fógra ar bith ina thaobh, de ghnáth, is cúis le nó a bhagraíonn ar bhás nó gortú, nó cur isteach tromchúiseach ar sheirbhísí bunriachtanacha nó díobháil a dhéanamh do réadmhaoin, an timpeallacht nó bonneagar a sháraíonn gnáthacmhainneacht na bpríomhsheirbhísí éigeandála sa cheantar ina dtarlaíonn an teagmhas, agus ag a bhfuil gá le nósanna imeachta breise ar leith a ghníomhachtú agus ar gá acmhainní breise a shlógadh le freagairt éifeachtach chomhordaithe a chinntiú'* [26].

Cuireann an Creat BMÉ ar chumas Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PGFanna), ina bhfuil an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus údaráis áitiúla, chun freagairt chomhordaithe a ullmhú agus a dhéanamh d'éigeandálaí móra. Déileálann Príomhsheirbhísí Éigeandála (PSÉanna) le teagmhais ar scála beag, lena n-áirítear an Garda Síochána, an tSeirbhís Otharcharranna, an tSeirbhís Dóiteáin agus Garda Cósta na hÉireann. Is féidir leis na Fórsaí Cosanta, seirbhísí éigeandála deonacha, cuideachtaí iompair agus pobail a ndearnadh difear dóibh tacú le PGFanna trí bhainistiú ar éigeandálaí móra.

Léirítear i bhFíor 18 thíos na struchtúir náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bunaíodh chun tacú le forbairt an Chreata.




*Fíor 18 Struchtúir le haghaidh Cur i bhFeidhm (Foinse: Creat Bainistíochta Mór-Éigeandála)*


## FREAGAIRT ÉIGEANDÁLA AR LEIBHÉAL ÁITIÚIL AGUS RÉIGIÚNACH

Tá Comhairle Contae Fhine Gall mar chuid de Mhór-Éigeandáil an Réigiúin Thoir agus is Príomhghníomhaireacht Freagartha (PGF) í. Is í Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath Príomhsheirbhís Éigeandála (PSÉ) CCFG agus riarann sí Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath thar ceann Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Chomhairle Contae Fhine Gall agus Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

Tá i *bPlean Mór-Éigeandála Chomhairle Contae Fhine Gall 2011* [27] clár éigeandála leanúnach éigeandála a dhéanann anailís ar ghuaiseacha agus measúnú riosca, pleanáil freagartha, pleanáil aisghabhála agus bíonn baint aige in oiliúint idirghníomhaireachta, cleachtaí agus fóraim réigiúnacha.

Tugann gach roinn den Chomhairle faoi bhreithmheas ar a nósanna imeachta agus pleananna oibríochtúla reatha le comhoiriúnacht do na cáipéisí pleanála móréigeandála a chinntiú.

Nuair a dhearbhaítear móréigeandáil, bunaíonn an bhainistíocht shinsearach laistigh den údarás áitiúil, an Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte grúpa áitiúil comhordaithe. Áirítear le príomhróil sa ghrúpa seo rialaitheoir oibríochtaí, comhordaitheoir ar an láthair agus Foireann Bainistithe Géarchéime (FBG) CCFG.




*Fíor 19 Rialú Údaráis Áitiúil ar Acmhainní (Foinse: Plean Mór-Éigeandála Chomhairle Contae Fhine Gall 2011)*

Foireann bhainistíochta ar leibhéal straitéiseach é an FBG laistigh de CCFG agus tuairiscíonn sé go díreach leis an bPríomhfheidhmeannach. Tionóltar an FBG i rith móréigeandála, agus bíonn sé freagrach as an méid seo a leanas:

- Freagairt fhoriomlán CCFG don mhóréigeandáil a bhainistiú, a rialú agus a chomhordú
- Tacaíocht a sholáthar do Rialaitheoir Oibríochtaí CCFG atá ar an láthair agus acmhainní a ghnóthachtáil ó CCFG nó go seachtrach
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na ranna rialtais ábhartha maidir le saincheisteanna straitéiseacha
- Rannpháirtíocht CCFG a chinntiú sna struchtúir chomhordaithe idirghníomhaireachta

## SEIRBHÍSÍ AGUS ACMHAINNÍ FREAGARTHA ÉIGEANDÁLA

Cuireann Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath an príomhfhreagairt ar fáil d'éigeandálaí sa Chontae. Tacaíonn CCFG leis an bhfreagairt seo trí na feidhmeanna seo a leanas a sholáthar, i measc cinn eile:

- Soláthar seirbhísí a chomhordú ó gach roinn den Chomhairle
- Gach foirgneamh, ar nós ionaid fóillíochta agus ionaid phobail, a chur ar fáil do dhaoine a dhíláithrigh an éigeandáil
- Eagraíocht Cosanta Sibhialta dheonach a sholáthar
- Comhairle agus cúnamh a sholáthar leis an nglantachán i ndiaidh tuile nó truailliú mór
- Measúnú a dhéanamh ar dhíobháil struchtúrach a rinneadh d'fhoirgnimh
- Cruinnithe ilghníomhaireachta a chomhordú agus a stiúradh chun aisghabháil pobail a phleanáil

Déanann Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath cruinnithe, gníomhaíochtaí, oiliúint agus tacaíocht d'Fhoireann Bainistithe Géarchéime (FBG) CCFG, tabhairt faoi athbhreithniú ina measc ar an bPlean Mór-Éigeandála agus Pleananna Drochaimsire.

## FOPHLEANANNA CHUN FREAGAIRT DO DHROCHAIMSIR AGUS ÉIGEANDÁLAÍ TUILE

Fophlean den Phlean Éigeandála iad Pleananna Drochaimsire, agus is féidir iad a ghníomhachtú chun ullmhú nó freagairt do mhóréigeandáil nó móréigeandáil a athshlánú. Féadfaidh éigeandálaí drochaimsire bagairtí suntasacha a chur roimh cheantair laistigh de theorainn an údaráis áitiúil agus, ar an ábhar sin, is iad an phríomhghníomhaireacht chun an fhreagairt a chomhordú do theagmhais drochaimsire ina limistéar. Eisíonn Met Éireann rabhaidh drochaimsire seirbhíse poiblí do CCFG, agus is é an spriocam chun rabhadh a eisiúint 24 uair an chloig roimh thús an teagmhais, nó a fhad le 48 uair an chloig roimh ré nuair a bhíonn muinín ard.

Leag CCFG bearta amach chun rabhaidh drochaimsire seirbhíse poiblí a d'eisigh Met Éireann a fháil agus freagairt go pras dóibh. Stiúrann an Roinn Oibríocht agus Seirbhísí Uisce (thar ceann Uisce Éireann) freagairt CCFG do theagmhais tuilte.

# BONNLÍNE MHAOLAITHE




## ÚSÁID FUINNIMH AGUS ASTAÍOCHTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL


Tá Comhairle Contae Fhine Gall (CCFG) freagrach as úsáid fuinnimh agus astaíochtaí óna foirgnimh agus saoráidí, a soilsiú poiblí, agus a flít feithiclí, chomh maith. Léiríonn an fhaisnéis ó bhunachar sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe (M agus T) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) gur úsáid CCFG 56.5 gigeavatuair (GWh), ar an iomlán, de phríomhfhuinneamh in 2017. Léiríonn an bunachar sonraí fuinnimh, chomh maith, gur fheabhsaigh CCFG a feidhmíocht fuinnimh 30.3% idir bliain na bonnlíne (ar meán atá i gceist leis sin idir 2006 agus 2008) agus 2017, arb ionann sin agus dearbhchoigilteas carnach 12 GWh de phríomhfhuinneamh i rith na tréimhse céanna. Tugann seo bearna in aghaidh sprice 2.7% chun solais, a chiallaíonn gur gá do CCFG feabhas 2.7% sa bhreis a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh idir an t-am i láthair agus 2020, chun a sprioc laghdaithe fuinnimh 33% a bhaint.

Ba é soilsiú poiblí ba mhó a d'úsáid fuinneamh, agus d'úsáid sé 51% de phríomhídiú fuinnimh na Comhairle, ar an iomlán. Ba iad foirgnimh agus saoráidí an dara rud ba mhó a d'úsáid fuinneamh (38% den ídiú fuinnimh iomlán), agus b'ionann an méid a d'úsáid an flít cathartha agus 11% den úsáid fuinnimh iomlán.

Mar shínitheoir le Conradh na Méaraí um an Aeráid agus Fuinneamh, tá CCFG tiomanta dá hastaíochtaí féin a laghdú 40% faoin mbliain 2030, i gcomparáid le bliain na bonnlíne.




*Fíor 20 Úsáideoirí Móra Fuinnimh*





*Fíor 21 Feidhmíocht Fuinnimh Bhliantúil CCFG i gComparáid leis an tSraith Imeachtaí is Cúis le Toradh 33%*

BONNLÍNE MHAOLAITHE

## LÉARGAS GINEARÁLTA AR ASTAÍOCHTAÍ CCFG




## ASTAÍOCHTAÍ CCFG DE RÉIR SAGHAS BREOSLA





## ASTAÍOCHTAÍ CCFG DE RÉIR CATAGÓIRE

SOILSIÚ POIBLÍ **51%**




FOIRGNIMH AGUS SAORÁIDÍ **37%**



FLÍT NA CATHRACH **12%**






*Fíor 22 Astaíochtaí CCFG 2009-2017, le Sraith Imeachtaí is Cúis leis an Sprioc chun Laghdú 40% a bhaint amach faoi 2030*

Léirítear i bhFíor 22 thuas astaíochtaí CCFG ó 2009 go 2017, le sraith thuartha imeachtaí is cúis leis an sprioc chun laghdú 40% a bhaint amach faoi 2030. Léiríonn seo gur tháinig laghdú ar astaíochtaí CCFG anuas ó 15,570 tonna $CO_2$ in 2009 go dtí 12,620 tonna $CO_2$ in 2017. Ciallaíonn seo gur gá do CCFG a hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú 3,280 tonna (21%) chun an sprioc laghdú 40% a bhaint amach faoin mbliain 2030.

Ba é soilsiú poiblí an rud ba mhó a chuir leis seo, agus b'ionann é agus 51% de na hastaíochtaí iomlána. Ba iad foirgnimh agus saoráidí, agus an flít cathartha, an dara rud ba mhó a chuir le hastaíochtaí na Comhairle (37% agus 12%, faoi seach).

In 2017, ghin leictreachas 77% d'astaíochtaí na Comhairle; ba é ba phríomhchúis leis seo ná an mórmhéid leictreachais a úsáidtear i soilsiú poiblí agus i bhfoirgnimh agus saoráidí na Comhairle. Chuir gás nádúrtha 11% leis na hastaíochtaí, agus úsáideadh tromlach an gháis seo le haghaidh téamh spáis i bhfoirgnimh agus saoráidí na Comhairle. Chuir díosal, arbh é tromlach an fhuinnimh a úsáideadh don fhlít feithiclí, 12% leis na hastaíochtaí iomlána.

## TITHÍOCHT SHÓISIALTA CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

Tá CCFGT freagrach as leithdháileadh, cothabháil agus athchóiriú a stoic thithíochta sóisialta, ach níl sí freagrach as úsáid fuinnimh laethúil a tionóntaí. Is féidir leis an gComhairle dul i mbun beart chun na hastaíochtaí seo a laghdú, trí uasghráduithe ar éifeachtúlacht fuinnimh.

Tá an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil do thithíocht shóisialta CCFG bunaithe ar shonraí tithíochta sóisialta 2016 na Comhairle agus ar Uirlis Taighde Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) an SEAI. Deimhniú éifeachtúlachta fuinnimh réadmhaoine is ea RFF. Is réadmhaoin a bhaineann rátáil 'A1' amach is éifeachtúla i dtaobh fuinnimh, agus is réadmhaoin a bhfuil rátáil 'G' acu is lú is éifeachtúil.

Léirítear i bhFíor 23 thíos na RFFanna measta don stoc tithíochta sóisialta iomlán i bhFine Gall. Tugtar faoi deara gurbh é an rátáil ba choitianta C2, arbh ionann sin agus 28% den stoc tithíochta sóisialta iomlán sa Chontae. Rinneadh 75% den stoc tithíochta a rátáil C3 nó níos fearr, a léiríonn an obair iarfheistithe faoinar thug CCFG cheana féin chun an stoc tithíochta sóisialta nach bhfuil chomh héifeachtúil a uasghrádú. Tithíocht nár tógadh chomh fada ó shin a bhí i bhformhór de na rátálacha níos airde A agus B. Stoc tithíochta atá ag dul in aois atá sa stoc tithíochta sóisialta i bhFine Gall agus, mar thoradh air sin, d'éireodh ní b'fhearr le háiteanna cónaithe nuathógtha nó athchóirithe, go ginearálta. In 2016, níorbh ann d'aon rátálacha A1 nó A2 san earnáil tithíochta sóisialta i bhFine Gall. Ar an gcuma chéanna, níor cuimsíodh aon áiteanna cónaithe A1 nó A2 sna sonraí a bailíodh ó Uirlis Taighde RFF an SEAI don bhliain 2016 agus ní léirítear iad seo, dá bharr, sna cairteacha. Deimhníodh go raibh rátáil F agus G ag líon an-bheag foirgneamh (níos lú ná 1%).

### LÉARGAS GINEARÁLTA AR ASTAÍOCHTAÍ TITHÍOCHTA SÓISIALTA

ASTAÍOCHTAÍ IOMLÁNA ÓN EARNÁIL TITHÍOCHTA SÓISIALTA IN 2016

**15,070**

TONNA $CO_2$

**RÁTÁIL C3 NÓ NÍOS FEARR FAIGHTE AG**

**75%**


TUGADH RÁTÁIL **C3 NÓ NÍOS FEARR** DO 75% DEN STOC TITHÍOCHTA SÓISIALTA I BHFINE GALL, AGUS BA É 'C2' AN SAGHAS BA CHOITIANTA RFF



**73%**

**D'ASTAÍOCHTAÍ Ó GHÁS NÁDÚRTHA**


LEICTREACHAS: 24% A LÉIRÍONN GUR CHRUTHAIGHAN GÁ LE **FREASTAL AR RIACHTANAIS TÉIMH** FORMHÓR NA nASTAÍOCHTAÍ





*Fíor 23 Aonaid Tithíochta Sóisialta CCFG de réir Tréimhse Tógála agus Rátáil RFF, de réir 2016*

## ASTAÍOCHTAÍ IOMLÁNA CHONTAE FHINE GALL

Tá an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil d'astaíochtaí iomlána i gceantar Fhine Gall iomlán bunaithe ar shonraí Dhaonáireamh 2016. Ar an ábhar sin, trí úsáid a bhaint as na sonraí seo, bhí Codema in ann a ríomh gurbh ionann na hastaíochtaí iomlána do cheantar Fhine Gall agus 2,810,880 tonna $CO_2$, coibhéiseach in 2016. Ba iad na hearnálacha a tháirg na hastaíochtaí ba mhó na hearnálacha iompair, cónaithe agus tráchtála, agus b'ionann na hastaíochtaí a ghin siad agus 44.6%, 26%, agus 24.5% de na hastaíochtaí iomlána, faoi seach. B'ionann astaíochtaí féin Chomhairle Contae Fhine Gall agus 0.6% den iomlán seo, agus chuir tithíocht shóisialta 0.8% sa bhreis leis seo. Leagann seo an bhéim ar an ngá atá le comhoibriú agus gníomh i measc na bpáirtithe leasmhara go léir chun na 98.6% eile d'astaíochtaí a chomhrac ó fhoinsí earnála poiblí agus príobháidí sa Chontae.




*Fíor 24 Astaíochtaí Iomlána Gás Ceaptha Teasa do Chontae Fhine Gall in aghaidh na hEarnála*



*Foinse an ghrianghraif: Wikimedia Commons / Bjørn Christian Tørrissen*

**Breis faisnéise**

Chun teacht ar bhreis faisnéise agus ar anailís níos mionsonraithe ar astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa Chomhairle Contae Fhine Gall, féach, le do thoil, Aguisín I den cháipéis seo, nó léigh '*Tuarascáil Astaíochtaí Bonnlíne Fhine Gall 2016*' de chuid Codema ag www.codema.ie/publications

## GARSPRIOC 3 – PLEAN

I ndiaidh an cás reatha astaíochtaí, leochaileacht do rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide agus tionchar féideartha amach anseo i bhFine Gall a dheimhniú, ba é an chéad chéim eile chun gníomhartha a chur le chéile chun na rioscaí seo a laghdú. Leanadh leis an eolas a bailíodh trí agallaimh aghaidh ar aghaidh, taighde agus ceardlann tosaigh agus cuireadh an dara ceardlann ar siúl chun gníomhartha a bheachtú agus chun ionchur ón bhfoireann a fhiosrú. Thug seo deis, chomh maith, do cheithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath eolas a mhalartú agus grúpaí réigiúnacha a bhunú sna limistéir éagsúla ghníomhaíochta. Leagtar amach sa mhír seo na gníomhartha faoina dtabharfaidh CCFG chun cuspóirí an phlean seo a bhaint amach.




### GNÍOMHARTHA A BHAILIÚ AG TÁSCAIRÍ A FHORBAIRT

Eagraíodh na gníomhartha isteach sna cúig limistéir seo a leanas - Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Athléimneacht do Thuile, Réitigh Dhúlrabhunaithe, agus Bainistíocht Acmhainní - sainchúram CCFG a léiriú agus é mar chuspóir comhoibriú níos fearr a chothú i measc na ranna laistigh den Chomhairle.

Tuigeann CCFG go bhfuil ról le glacadh aige chun astaíochtaí a laghdú agus athléimneacht aeráide a chruthú lasmuigh dá sainchúram, mar shínitheoir le Conradh na Méaraí um an Aeráid agus Fuinneamh agus cur le spriocanna náisiúnta.

Glacfaidh sé le ról mar cheannaire aeráide, agus tabharfaidh sí faoi réitigh nua nó cleachtais oibre ar féidir le saoránaigh, gnólachtaí nó comhlachtaí poiblí eile iad a aithris. Chun méadú ar agus glacadh le rioscaí athraithe aeráide a mhéadú, cuirfidh CCFG saoránaigh ar an eolas trí ghníomhartha lena músclaíonn an Chomhairle feasacht ar shaincheisteanna agus réitigh aeráide agus lena n-éascaíonn sí tionscadail faoina dtugann saoránaigh agus gnólachtaí i dtreo athléimneacht aeráide. Moltar cur chuige comhtháite i leith cinnteoireachta maidir leis na gníomhartha athraithe aeráide seo.




*Fíor 25 An Plean Gníomhaíochta a Shamhlú*

## LIMISTÉIR GHNÍMH:

FUINNEAMH AGUS FOIRGNIMH


IOMPAR

ATHLÉIMNEACHT TUILTE

RÉITIGH DHÚLRABHUNAITHE

BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

# FUINNEAMH AGUS FOIRGNIMH



*Foinse an ghrianghraif: Comhairle Contae Fhine Gall*

## LÉARGAS GINEARÁLTA

Ídíodh
**50.1 GWh**
in 2017

=

**11,095**
tonna $CO_2$

## SPRIOCANNA

FEABHSÚ
**33%**
AR ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH FAOIN MBLIAIN 2020

LAGHDÚ
**40%**
AR ASTAÍOCHTAÍ GCT NA COMHAIRLE FAOIN MBLIAIN 2030

## SAMPLAÍ DE NA PRÍOMHSHAGHSANNA GNÍMH

- Máistirphlean Fuinnimh do Réigiún Bhaile Átha Cliath
- An soilsiú poiblí go léir a thiontú ina LEDanna faoi 2021
- Deimhnithe Fuinnimh Taispeána d'fhoirgnimh phoiblí
- Tógtar gach foirgneamh nua na Comhairle i leith chaighdeán nZEB
- Pacaí Coigilte Fuinneamh Baile i ngach leabharlann phoiblí CCFG
- Uasghráduithe ar fhoirgnimh trí úsáid a bhaint as Conarthaí Feidhmíochta Fuinnimh

## SAMPLAÍ DE PHÁIRTITHE LEASMHARA LE HOIBRIÚ LEO AGUS LE TIONCHAR A IMIRT ORTHU

- GNÓLACHTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
- AN SEAI
- SAORÁNAIGH PHRÍOBHÁIDEACHA
- SOLÁTHRAITHE FUINNIMH
- RANNA RIALTAIS, e.g. CCBÁC
- FORBRÓIRÍ

**In ainneoin laghdú ar ídiú fuinnimh le déanaí, caitheann Éire méid suntasach airgid go fóill ar iompórtálacha fuinnimh. Oibríonn beartais idirnáisiúnta, AE agus náisiúnta go léir chun aistriú mear a bhaint amach chuig sochaí atá níos éifeachtúla i dtaobh fuinnimh a bhraitheann ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite inbhuanaithe. Eascraíonn úsáid agus éileamh méadaithe ar acmhainní dúchasacha agus slándáil mhéadaithe an tsoláthair as an aistriú seo, chomh maith. Ar an ábhar sin, baineann ríthábhacht le breithniú a dhéanamh ar bheartais agus bheith tiomanta dóibh, a chruthaíonn éifeachtúlachtaí fuinnimh agus a chuireann acmhainní dúchasacha a fhorbairt chun cinn, i gcaitheamh shaolré an Phlean [Forbartha Contae].**

- Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023

In 2017, d'ídigh Comhairle Contae Fhine Gall 50.1 GWh de phríomhfhuinneamh i measc a foirgneamh agus oibríochtaí (gan iompar a áireamh), arbh ionann sin agus 11,095 tonna $CO_2$. Léiríonn na gníomhartha a dtugtar cuntas orthu sa mhír seo conas a laghdóidh CCFG na hastaíochtaí óna oibríochtaí agus soláthar seirbhíse trí mháistirphleanáil fuinnimh níos fearr, trí fheabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgnimh, agus trí úsáid a bhaint as athnuaiteáin agus nuálaíocht. Níl CCFG freagrach as foirgnimh phríobháideacha a uasghrádú i gceantar Fhine Gall, cuirfidh sé eolas ar fáil ar conas a rinne an Chomhairle stoc tithíochta sóisialta agus foirgnimh faoi úinéireacht na Comhairle a iarfheistiú, agus conas a rinne sé córais fuinnimh in-athnuaite a chur chun feidhme. Tá CCFG ag cabhrú le saoránaigh, chomh maith, chun bheith a n-úsáid fuinnimh a laghdú trí Phacaí Coigilte Fuinneamh Baile a chur ar fáil i ngach ceann dá leabharlanna poiblí.

## PLEANÁIL FUINNIMH

Tugtar faoi anailís ar an úsáid a bhaintear as fuinneamh agus astaíochtaí gaolmhara ar leibhéal náisiúnta agus úsáidtear iad chun beartais fuinnimh straitéiseacha ar leibhéal náisiúnta a fhorbairt. Cuireann pleanáil fuinnimh ar leibhéal áitiúil ar chumas réitigh ísealcharbóin a shainaithint, áfach, a dheartar go sonrach i leith shaintréithe fuinnimh ar leith an réigiúin a scrúdaítear.

Chuir Codema *Anailís ar Éileamh Fuinnimh Spásúil Fhine Gall* (AÉFS) le chéile in 2016 chun tuiscint níos fearr a fháil ar an éileamh reatha agus amach anseo ar fhuinneamh agus ar acmhainní áitiúla fuinnimh an cheantair, laistigh de chomhthéacs spásúil. Cheadaigh a mhodheolaíocht 'limistéir shaintréithe fuinnimh' a shainiú, i.e. limistéir ina bhfuil saghsanna ar leith de riachtanais fuinnimh, patrúin ídithe agus na saghsanna breosla a úsáidtear. Rinneadh na riachtanais seo a mheaitseáil ansin leis an réiteach teicniúil is fearr atá ar fáil a chuimsíonn acmhainní in-athnuaite agus réitigh atá éifeachtúil ar fhuinneamh. Cuirfear leis seo anois trí mháistirphlean fuinnimh a chruthú do Bhaile Átha Cliath ina iomláine (féach an cás-staidéar thíos).

CÁS-STAIDÉAR

*Foinse an ghrianghraif: Fáilte Ireland / Brian Morrison*



### Máistirphlean Fuinnimh do Réigiún Bhaile Átha Cliath

Ag cur leis an Anailís ar Éileamh Fuinnimh Spásúil (AÉFSanna) a forbraíodh do cheithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath, cruthóidh Máistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath bealaí fianaisebhunaithe, réalaíocha agus costáilte do Réigiún Bhaile Átha Cliath chun a spriocanna laghdaithe astaíochtaí carbóin a bhaint amach faoin mbliain 2030 agus ina dhiaidh sin, a fhad le 2050. Áireofar leis an anailís ar an gcás gach limistéar úsáide fuinnimh i Réigiún Bhaile Átha Cliath, agus déanfar meastóireacht air bunaithe ar an tionchar socheacnamaíoch agus comhshaoil. Bronnfaidh na cásanna a eascróidh as na huirlisí ar phleanálaithe, ailtirí, innealtóirí agus déantóirí eile beartais ar an údarás áitiúil chun beartais éifeachtacha ísealcharbóin agus chun cinneadh straitéiseacha a dhéanamh a imreoidh tionchar ar an úsáid a bhaintear as fuinneamh i mBaile Átha Cliath. Cruthóidh Codema an máistirphlean seo agus déanfar é a chistiú ar feadh breis agus dhá bhliain trí chlár Taighde, Forbartha agus Taispeána (TF agus T) an SEAI. Díreoidh sé ar na limistéir inar féidir dul i mbun gníomhartha chun bearta éifeachtúlachta fuinnimh a thabhairt isteach iontu agus astaíochtaí $CO_2$ a laghdú iontu, ar nós córais fuinnimh ceantair agus teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite.

Is iad na príomhchuspóirí atá ag beartas athraithe aeráide fianaisebhunaithe atá ag teacht chun cinn ar an leibhéal áitiúil:

- Nasc níos dlúithe a fhorbairt idir beartas athraithe aeráide agus beartas pleanála spásúlachta náisiúnta agus Eorpach i dtaobh athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó
- Beartais agus cuspóirí athraithe aeráide a bhunú ar thuiscint dhaingean spásúil ar na próifílí fuinnimh reatha agus amach anseo i measc earnálacha ar scála údaráis áitiúil
- Roghanna eile ísealcharbóin agus aird ar fuinnimh in-athnuaite a ghiniúint agus a sholáthar a chur chun cinn, agus aird ar na deiseanna a chuireann ordlathas lonnaíochta limistéir údaráis áitiúil ar fáil, éagsúlacht na n-úsáidí talún atá ann faoi láthair, agus an timpeallacht thógtha
- Forbairt modheolaíochta réigiúnaí níos fianaisebhunaithe a spreagadh chun léarscáiliú spásúil a dhéanamh ar rioscaí agus leochaileacht aeráide agus ar forbairt beartas oiriúnaithe d'athrú aeráide amach anseo
- Eolas a chur ar fáil d'údaráis áitiúla, eagraíochtaí earnála poiblí agus príobháidí agus páirtithe leasmhara aeráide maidir le bearta agus freagairtí is mó a bhaineann le hábhar ar an leibhéal áitiúil
- Baint níos agus ceannaireacht fearr i measc údaráis áitiúla a spreagadh nuair a bhíonn tionscadail athraithe aeráide á dtabhairt isteach i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile
- Eolas agus tacaíocht a chur ar fáil do Chonradh Méaraí um Aeráid agus Fuinneamh an AE, a bhfuil gníomhú 'le chéile i dtreo cathracha inbhuanaithe, atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus beoga' mar phríomhchuspóir de.

## ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH AGUS ATHNUAITEÁIN

Glacfaidh CCFG an ceannas maidir le glacadh le fuinneamh in-athnuaite agus a éifeachtúlacht fuinnimh trína fhoirgnimh agus stoc tithíochta sóisialta a iarfheistiú. Tá roinnt cláir leanúnacha ag CCFG faoi láthair chun coirí a ionadú, soilsiú a nuashonrú, feabhas a chur ar insliú, fuinneoga agus doirse a uasghrádú, agus painéil fhótavoltacha (FV) a shuiteáil i bhfoirgnimh faoi úinéireacht CCFG.

### Athbhreithnithe Bliantúla ar Fhuinneamh

Chuir Codema Athbhreithnithe Fuinnimh le chéile do CCFG don bhliain 2016 agus 2017. Is é is cuspóir na nAthbhreithnithe Fuinnimh seo chun cabhrú leis an gComhairle maidir lena chláir phleanála fuinnimh, chun na spriocanna fuinnimh earnála poiblí 2020 a bhaint. Léirítear sna hathbhreithnithe fuinnimh miondealú ar úsáid fuinnimh CCFG do na blianta seo, agus leagtar béim ar an áit ar úsáideadh fuinneamh, an méid a chuir lena ídiú, agus an áit ar féidir an coigilteas fuinnimh is mó a bhaint amach.

Cuireann na sonraí seo ar chumas Codema chun liosta ar leith de mholtaí coigilte fuinnimh a fhorbairt, a threoróidh CCFG maidir le conas is fearr dul i ngleic lena nÚsáideoirí Fuinnimh Shuntasaigh (ÚFSanna) agus spriocanna fuinnimh earnála poiblí a bhaint. Leanfaidh Codema leis na hAthbhreithnithe Fuinnimh bliantúla seo a chur le chéile, chun an Chomhairle a threorú maidir leis an ngníomh is fearr le déanamh chun sprioc 2020 a bhaint.



*Foinse an ghrianghraif: Fáilte Ireland / Rob Durston*

CÁS-STAIDÉAR



### Ionaid Phobail agus Leabharlanna

In 2017, choimisiúnaigh an Roinn Pobail tuarascálacha comhoiriúnaithe ar 16 ionad pobail níos sine a bhí idir ionaid athchóirithe, foirgnimh bheaga tí agus ionaid spóirt níos mó ó thaobh méid de. Dhírigh na tuarascálacha ar athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí meicniúla agus leictreacha laistigh de na saoráidí seo agus thug siad saincheisteanna chun solais, ar nós seanchórais téimh agus seanchoirí agus córais neamhéifeachtúla soilsithe i measc go leor de na foirgnimh seo.

Thug an Roinn Pobail tús áite do go leor de na saincheisteanna seo agus d'iarr sí ar Roinn na nAiltirí chun súil a chaitheamh ar conas is féidir tabhairt faoi na hoibreacha. Leithdháileadh buiséad reatha €1.5 milliún chun tús a chur le dul i ngleic leis na saincheisteanna seo sna hionaid phobail ó 2018 ar aghaidh. I ndiaidh anailís a dhéanamh ar an ídiú fuinnimh laistigh de na foirgnimh seo, d'fhéadfaí 0.6 GWh de phríomhfhuinneamh agus 289 tonna $CO_2$ a choigilt trí na saoráidí seo a uasghrádú, agus laghdóidh sé an t-ídiú fuinnimh laistigh den limistéar seo 12% sa bhreis.

### Deimhnithe Fuinnimh Taispeána (DFTanna)

Úsáidtear an fhaisnéis ó bhunachar sonraí fuinnimh agus suirbhéanna fuinnimh Codema chun Deimhnithe Fuinnimh Taispeána a ullmhú d'fhoirgnimh phoiblí CCFG ina bhfuil achar urláir os cionn 250m$^2$, faoi mar a cheanglaítear faoi rialachán I.R. Uimh. 243 de 2012. Chabhraigh Codema le CCFG maidir le cigireacht agus deimhniúchán bliantúil a dhéanamh ar 15 fhoirgneamh phoiblí ar an iomlán in 2018. Iontráladh an fhaisnéis seo isteach i gcóras an SEAI agus d'eisigh Codema deimhnithe do bhainisteoirí fhoirgnimh seo CCFG seo, anuas ar fhaisnéis ar cé mhéid fuinnimh a theastódh a choigilt an bhliain dar gcionn chun feabhas a chur ar a rátáil fuinnimh. Ina theannta sin, fuair gach bainisteoir foirgnimh cóip de *Treoir maidir le Deimhnithe Fuinnimh a Thaispeáint i bhFoirgnimh Údaráis Áitiúil* a ghabhann leis na deimhnithe seo agus spreagann siad gníomh díreach.

### Clár Oibre Éifeachtúlachta Fuinnimh

Tá a haonaid tithíochta sóisialta á n-uasghrádú go leanúnach ag Comhairle Contae Fhine Gall go leanúnach. Áirítear leis an iarfheistiú domhain seo bearta ar nós an mhéid seo a leanas: insliú, caomhnú uisce, fuinneoga agus doirse a athsholáthar, agus suiteálacha FV gréine, in eastáit ar fud Chontae Fhine Gall, ar nós Cheapach Fhinn, Pháirc na Maighne agus Choimín an Ráschúrsa. Trí chlár uasghrádaithe CCFG, rinneadh go leor aonad a athchóiriú, agus tá coigilteas suntasach fuinnimh agus costais, agus leibhéil fheabhsaithe chompoird bainte amach do chónaitheoirí dá bharr. Tá an clár le leanúint ar aghaidh go ceann cúpla bliain eile.

### Soilsiú Poiblí

Mar gheall gurb ionann é agus 51% d'úsáid fuinnimh fhoriomlán Chomhairle Contae Fhine Gall, ceist lárnach é soilsiú poiblí go mbainfidh an Chomhairle a sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2020 amach.

Tá 9,366 lampa SOX ann faoi láthair laistigh de stoc soilsithe phoiblí na Comhairle. Tá deireadh á chur de réir a chéile le déantúsaíocht na lampaí $SO_x$ seo, agus beidh iad seo le hathsholáthar, agus is iad soilse LED, mar gheall go bhfuil éifeachtúlacht fuinnimh an-ard acu, an rogha is fearr le hiad a athsholáthar.

Trí 1,000 ceann de na lampaí SOX agus 1,000 lampa a athsholáthar faoin mbliain 2020, is féidir le CCFG coigilteas 1.8 GWh de phríomhfhuinneamh agus 850 tonna $CO_2$ a bhaint amach gach bliain. D'imreodh seo tionchar suntasach ar spriocanna 2020 na Comhairle. Anuas air sin, beartaítear clár leanúnach, chomh maith, chun an soilsiú sráide eile a athsholáthar le LEDanna faoin mbliain 2021.

CÁS-STAIDÉAR

### Conraitheoireacht Feidhmíochta Fuinnimh

Tá Conradh Feidhmíochta Fuinnimh (CFF) á fhorbairt ag CCFG, i gcomhar le Codema, faoi láthair mar bhealach nuálach chun feabhas a chur ar úsáid agus éifeachtúlacht fuinnimh a fhoirgneamh. Comhaontú conarthach é CFF atá ag Cuideachta Seirbhíse Fuinnimh (CSF) a chinntíonn coigilteas fuinnimh i gcaitheamh tréimhse ama lena gcomhaontaítear.

I ndiaidh measúnú mionsonraithe, measadh go bhfuil tionscadal ina bhfuil baint ag ceanncheathrú CCFG ag Áras an Chontae i Sord agus Oifigí na Cathrach, Ionad Ealaíon Draíocht agus leabharlann phoiblí i mBaile Bhlainséir oiriúnach le haghaidh CFF agus is féidir leo leanúint ar aghaidh anois chuig céim an tsoláthair.


*Foinse an ghrianghraif: Comhairle Contae Fhine Gall*

## TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT

Chun na tairbhí a uasmhéadú a chruthaíonn dul chun cinn sa teicneolaíocht, tá CCFG rannpháirteach i gclár Baile Átha Cliath Cliste ('Smart Dublin') chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an saol acadúil, an earnáil phríobháideach agus saoránaigh, chun réitigh a chomhchruthú i dtaobh na ndúshlán atá roimh Réigiún Bhaile Átha Cliath. Bunaíodh clár Baile Átha Cliath Cliste in 2016 lena chur ar chumas cheithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath teacht i dtír go comhoibritheach ar roinnt de na treochtaí móra teicneolaíochta a athraíonn an bealach a mhairimid agus a oibrímid ó bhonn. I gcomhar le Fiontraíocht Éireann, cuireann Baile Átha Cliath Cliste comórtais Taighde Nuálaíochta Gnólachtaí Beaga (TNGB) ar siúl, a chuireann dúshlán roimh sholáthraithe teicneolaíochta cliste, taighdeoirí agus saoránaigh chun na réitigh a chruthú a fheabhsóidh oibriú agus athléimneacht Réigiún Bhaile Átha Cliath. Go dtí seo, bronnadh cistiú €750,000 ar ghnólachtaí beaga chun réitigh a fhorbairt i limistéir ar nós rothaíochta, treorú, dumpáil neamhdhleathach agus tuile.

Seoladh Céim 2 den TNGB in Aibreán 2018, agus tá €800,000 breise de chistiú aige chun réitigh a fhorbairt do limistéir ar nós cáilíocht an uisce snámha, luaineacht foirne san ionad oibre agus earraí a sheachadadh go dtí an ceann scríbe deiridh in ionaid uirbeacha.

## FEASACHT AR FHUINNEAMH

Príomhghné d'úsáid fuinnimh a laghdú is ea feasacht phoiblí, mar gheall nach féidir le hiarfheistiú, teicneolaíocht agus nuálaíocht ach sciar de spriocanna CCFG a bhaint amach. Tá idirchaidreamh gníomhach á dhéanamh ag CCFG, i gcomhar le Codema, leis an bhfoireann agus le saoránaigh faoi fhuinneamh, maidir leis na tairbhí a chruthaíonn athnuaiteáin chun leideanna a sholáthar maidir le bearta beaga is féidir a dhéanamh chun úsáid fuinnimh a laghdú agus airgead a choigilt ar a mbillí. Trí Sheachtain na nInnealtóirí agus Clár na Scoileanna Glasa, tá idirchaidreamh gníomhach á dhéanamh ag innealtóirí CCFG, chomh maith, le mic léinn faoi thionscadail fuinnimh agus an obair atá á déanamh chun Baile Átha Cliath a aistriú chuig sochaí ísealcharbóin. Tá súil ag CCFG leis chun cur leis na cláir seo agus an t-idirchaidreamh atá á dhéanamh aige leis an bpobal a fhairsingiú, mar shampla, trí na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRPanna).

Nuair a bheidh an PGAA á chur i bhfeidhm agus á nuashonrú amach anseo, ba cheart líonraí reatha a neartú agus naisc nua le hathrú aeráide a chruthú a uasmhéadú chun gach saoránach, pobal agus páirtí leasmhar eile a spreagadh chun teacht níos mó a bheith acu ar fhaisnéis agus comhairle. D'fhéadfaí a áireamh le limistéir spéise bearta ábhartha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, gníomhartha fuinnimh in-athnuaite, bearta oiriúnaithe don aeráid agus athléimneachta a shainaithint agus a chur i bhfeidhm, rochtain ar fhoinsí cistithe, ar nós scéimeanna deontais an SEAI, an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, etc.

Ba cheart don Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus páirtithe leasmhara ábhartha eile tacú le hiarrachtaí údaráis áitiúil i rannpháirtíocht saoránach agus phobail. Tá sé mar chuid de shainchúram an ORGA chun an Plé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide a ghníomhú agus tacú leis ar bhonn áitiúil agus réigiúnach, agus chun tionscnaimh oideachais agus feasachta a fhorbairt don phobal, gairmithe, scoileanna, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaireachtaí eile a thugann faoin gclár um athrú aeráide a thabhairt chun cinn.

CÁS-STAIDÉAR




**Pacaí Coigilte Fuinneamh Baile**

Tá saoránaigh á spreagadh go gníomhach ag CCFG, i gcomhar le Codema chun éirí níos feasaí ar fhuinneamh trí Phacaí Coigilte Fuinneamh Baile a chur ar fáil don phobal lena bhfáil ar iasacht ó gach ceann dá leabharlanna poiblí. Tá sna pacaí sé uirlis do shealbhóirí tí chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh éifeachtúil atá a dtithe, agus le limistéir a shainaithint atá le feabhsú. Tá an scéim ar an gcéad cheann dá macasamhail in Éirinn, agus d'éirigh go geal léi, agus bronnadh gradaim uirthi agus bhain sí aitheantas amach, go náisiúnta agus ar leibhéal an AE araon.

Chuir Codema paca ar fáil, chomh maith, don fhoireann in Áras an Chontae i bhFine Gall le triail a bhaint as. Leanfaidh CCFG agus Codema ag oibriú as lámh a chéile chun cur leis an tionscnamh seo sna blianta amach romhainn, agus leanfaidh an Chomhairle le faisnéis faoi choigilt fuinnimh a chur ar fáil trína leabharlanna poiblí.

# FUINNEAMH AGUS FOIRGNIMH



| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHARTHA ATÁ BUISÉADAITHE FAOI LÁTHAIR** | | | | | |
| **PLEANÁIL FUINNIMH** | | | | | |
| **E1** | Máistirphlean Fuinnimh do Réigiún Bhaile Átha Cliath a chruthú | 2018 ar aghaidh | Codema | Láithreán Gréasáin le Ríomhléarscáil | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG |
| **E2** | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh Inbhuanaithe Fhine Gall a ullmhú | 2019 | Codema | Críochnaíodh an PGFAI | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG |
| **E3** | Straitéis Fuinnimh Inbhuanaithe Údaráis Áitiúil a ullmhú | 2019 | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Straitéis arna hullmhú | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG |
| **E4** | Aschur agus moltaí ó Anailís Éilimh ar Fhuinneamh Spásúil (AÉFS) Fhine Gall 2016 le heolas a chur ar fáil don athbhreithniú a dhéanfar ar Phlean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 | 2020 | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | An t-ábhar atá san athbhreithniú ar an bPlean Forbartha | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG, Feasacht Phoiblí |
| **ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH AGUS ATHNUAITEÁIN** | | | | | |
| **E5** | Tabhairt isteach soilsiú poiblí LED a chríochnú faoin mbliain 2021 (27,000 aonad fós le tiontú) | 2018-2021 | Oibríochtaí | 100% den soilsiú tiontaithe chuig LED faoin mbliain 2021 | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG |
| **E6** | Bunaíodh Foireann Bhainistíochta Fuinnimh Fhine Gall | 2018 ar aghaidh | Bainistíocht Saoráidí | Bunaíodh foireann | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG |
| **E7** | Córas bainistíochta fuinnimh a chomhlíonann caighdeán ISO 50001 | Leanúnach | Bainistíocht Saoráidí, Codema | An córas arna fhorbairt agus caighdeán ISO 50001 a chomhlíonadh | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG |
| **E8** | I.R. 426 a chomhlíonadh faoi Rialacháin an AE (Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014 | Leanúnach | Bainistíocht Saoráidí, Codema | Comhlíontach | Éifeachtacht Fuinnimh |
| **E9** | Uasghráduithe a sholáthar trí Chonradh Feidhmíochta Fuinnimh d'Áras an Chontae (Sord) agus Oifigí na Cathrach, Ionad Ealaíon Draíocht agus an leabharlann phoiblí i mBaile Bhlainséir | 2019 | Bainistíocht Saoráidí | Bronnadh an CFF, rinneadh coigilteas fuinnimh a thomhas agus a fhíordheimhniú | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG |
| **E10** | Páirt a ghlacadh i gClár Comhpháirtíochta Poiblí Fuinnimh an SEAI | 2018 ar aghaidh | Bainistíocht Saoráidí | Cláraíodh leis an gclár | Éifeachtacht Fuinnimh, Feasacht Phoiblí |
| **E11** | Déantar Monatóireacht agus Tuairisciú Bliantúil leis an SEAI | Leanúnach | Codema | Déantar monatóireacht agus tuairisciú ar úsáid fuinnimh CCFG | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG |
| **E12** | Athbhreithniú Fuinnimh Chomhairle Contae Fhine Gall a fhoilsiú gach bliain | Leanúnach | Codema | Athbhreithniú arna fhoilsiú<br>Líon na moltaí curtha i bhfeidhm | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG |
| **E13** | Deimhnithe Fuinnimh Taispeána d'fhoirgnimh phoiblí | Leanúnach | Codema | # na DFTanna a gineadh d'fhoirgnimh phoiblí | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG |
| **E14** | Tógtar gach foirgneamh nua na Comhairle i leith chaighdeán nZEB | Leanúnach | Gach Roinn/Ailtire | Tógtar gach teach nua i leith chaighdeán nZEB | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG |
| **E15** | Clár athchóirithe d'fhoirgnimh Chorparáideacha Fhine Gall lena n-áireofar athbhreithnithe agus iarfheistiú fuinnimh go caighdeánach | 2018 ar aghaidh | Gach roinn / ailtire | # na bhfoirgneamh a uasghrádaíodh | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG |

# FUINNEAMH AGUS FOIRGNIMH

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **E16** | Clár athsholáthair coirí sa stoc tithíochta sóisialta ar bun faoi láthair | 2018 ar aghaidh | Tithíocht | 150 coire arna n-uasghrádú gach bliain | GHG |
| **E17** | An stoc tithíochta sóisialta go léir faoi úinéireacht na Comhairle a insliú; cuireadh síneadh leis le héadálacha agus léasú fadtéarmach a áireamh, sa chás gurb indéanta | 2019 | Tithíocht | Rinneadh an tithíocht shóisialta go léir faoi úinéireacht na Comhairle a insliú faoin mbliain 2019 | GHG |
| **E18** | Rinneadh tithíocht shóisialta fholamh a athrú chuig soilsiú LED agus rinneadh tionóntaí a athrú chuig LED | Leanúnach | Tithíocht | 100% de gach tithíocht fholamh agus athligin arna n-uasghrádú | GHG |
| **E19** | Clár athsholáthair fuinneoga aonghloinithe a chríochnú sa stoc tithíochta sóisialta agus é a shíneadh le léasanna agus éadálacha fadtéarmacha a chur san áireamh | 2019 | Tithíocht | Rinneadh na fuinneoga aonghloinithe go léir a athsholáthar faoin mbliain 2019 | GHG |
| **E20** | Tabhairt faoi chlár píolótach ar iarfheistiú domhain a dhéanamh ar thithíocht shóisialta le heolas a chur ar fáil do thabhairt isteach féideartha sa stoc go léir | 2019 | Tithíocht | Clár píolótach ar bun | GHG |
| **E21** | Ríomhairí agus soilsiú a mhúchadh go huathoibríoch i ngach ceann d'oifigí agus iostaí Fhine Gall | Leanúnach | T.F./Bainistíocht Saoráidí | # na gcóras a suiteáladh | GHG |
| **TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** | | | | | |
| **E22** | Staidéar a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun tionscadail inmharthana téimh ceantair a thabhairt isteach laistigh d'Fhine Gall | 2019-2021 | Codema / Gníomhú ar son na hAeráide | Críochnaíodh an staidéar | GHG |
| **E23** | Staidéar a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun tionscadal inmharthana fuinnimh in-athnuaite a thabhairt isteach ar bhonn sealadach/ buan, ar thailte a rialaíonn an Chomhairle | 2019-2021 | Gníomhú ar son na hAeráide/ Geilleagrach agus Turasóireacht | Críochnaíodh an staidéar | GHG |
| **E24** | Oibriú le FBManna i gcomhar leis an SEAI chun oiriúnuithe atá tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn | Leanúnach | OFÁ / EETD | # na FBManna a gcuireann an SEAI cistiú ar fáil dóibh | GHG |
| **E25** | Idirchaidreamh a dhéanamh leis an SEAI chun cabhrú le clár oideachais a fhorbairt don earnáil FBM | Leanúnach | OFÁ / an SEAI | # na gclár a forbraíodh/a soláthraíodh | GHG |
| **E26** | Tacú leis an gclár Nuálaíochta agus Taighde Gnólachtaí Beaga (NTGB) | Leanúnach | Baile Átha Cliath Cliste / Fiontraíocht Éireann | Dúshláin fuinnimh agus athraithe aeráide sainaitheanta do chlár an NTGB | GHG |
| **E27** | Oibriú le ORGA / Codema ar thograí taighde agus tionscadail do chistiú deontais | 2019 ar aghaidh | Gníomhú ar son na hAeráide / ORGA / Codema | # na dtionscadal taighde ar cuireadh tús leo | GHG |
| **E28** | I ngach tionscadail tógála na Comhairle, bíodh tionscadail nua nó iarfheistithe i gceist leo, cuirfear Brící Gabhlán Gaoithe nó suíomhanna neadaithe eile ar fáil do ghabhláin ghaoithe nuair is indéanta. | 2020 ar aghaidh | Gach Roinn / Ailtire | # na suíomhanna neadaithe a chuirtear ar fáil | |

Éifeachtacht Fuinnimh
Laghdú GHG
Athléimneacht
Feasacht Phoiblí



| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **FEASACHT AR FHUINNEAMH** | | | | | |
| **E29** | Monatóireacht agus forbairt a dhéanamh ar scéim na bPacaí Coigilte Fuinneamh Baile i Leabharlanna Fhine Gall | Leanúnach | Leabharlanna Fhine Gall, Codema | Rátaí iasachta ó leabharlanna | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG, Feasacht Phoiblí |
| **E30** | Imeacht feasachta ar fhuinneamh bliantúil | 2019 | Gníomhú ar son na hAeráide / Codema | Cuireadh imeacht bliantúil ar bun | Feasacht Phoiblí |
| **E31** | Pobail Fuinnimh Níos Fearr agus Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe an SEAI a chur chun cinn agus tacú leo | 2019 ar aghaidh | Gníomhú ar son na hAeráide / Gach Roinn | # na bpobal ar tacaíodh leo | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG, Feasacht Phoiblí |
| **E32** | Oiliúint FGL a fhorbairt agus a spreagadh i bhfeasacht ar fhuinneamh i measc fhoireann Fhine Gall | Leanúnach | Gach Roinn / Ailtire | Clár leanúnach | Feasacht Phoiblí |
| **E33** | Clár ionduchtúcháin tionóntaí a fhairsingiú chun feasacht fuinnimh tionóntaí a chur san áireamh | 2019 | Tithíocht / Ailtirí | Leideanna coigilte fuinnimh curtha ar fáil do 100% de thionóntaí | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG, Feasacht Phoiblí |

## GNÍOMHARTHA ATÁ AR FEITHEAMH BUISÉID

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **E34** | *Painéil FV ard-infheictheachta a shuiteáil ar dhíonta oiriúnacha na Comhairle, ar nós foirgnimh leabharlainne agus phobail* | *2020* | *Bainistíocht Saoráidí* | *Suiteáladh painéil* | Éifeachtacht Fuinnimh, Laghdú GHG |
| **E35** | *Taighde a dhéanamh agus cás-staidéir a dhéanamh ar uasghrádú/iarfheistiú fuinnimh cuí agus íogair i bhfoirgnimh thraidisiúnta chun eolas a sholáthar d'oibreacha ar réadmhaoin faoi úinéireacht na Comhairle agus chun úinéirí príobháideacha a threorú.* | *2020* | *Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach* | *Tugadh cás-staidéir chun críche* | Athléimneacht |

## SAMPLAÍ DEN REACHTAÍOCHT / BEARTAIS / TREOIR ÁBHARTHA

- Cáipéis Treorach Teicniúla L – Breosla agus Fuinneamh a Chaomhnú – Áiteanna Cónaithe 2017
- Cáipéis Treorach Teicniúla L – Breosla agus Fuinneamh a Chaomhnú – Foirgnimh eile seachas Áiteanna Cónaithe 2017
- An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin, 2015
- An tAcht Fuinnimh, 2016
- An Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (Airteagal 14)
- Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 (Cuspóirí EN06; LP01; PM02; PM12; PM28; PM30)
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall (PÁEP) 2016-2021 (Gníomhartha A85; A91; A 92; A102)
- Anailís Éilimh ar Fhuinneamh Spásúil Fhine Gall (AÉFS)
- Plean Gníomhaíochta Fuinnimh In-Athnuaite Náisiúnta na hÉireann (an PGFIAN) - Páipéar Bán Fuinnimh
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (an PGNÉF)
- Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite
- I.R. Uimh. 243/2012 - an tAontas Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh)
- I.R. Uimh. 426/2014 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh)

# IOMPAR




*Foinse an ghrianghraif: William Murphy / Flickr*

## LÉARGAS GINEARÁLTA

ÍDÍODH
**6.4 GWh**
D'FHUINNEAMH IN 2017 =
**1,530** TONNA $CO_2$

BHÍ
**230**
FEITHICIL I BHFLÍT
NA COMHAIRLE

## SPRIOCANNA

FEABHSÚ
**33%**
AR ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH FAOIN MBLIAIN 2020

LAGHDÚ
**40%**
AR ASTAÍOCHTAÍ GCT NA COMHAIRLE FAOIN MBLIAIN 2030

## SAMPLAÍ DE NA PRÍOMHSHAGHSANNA GNÍMH

- Flít na Comhairle a thiontú ina flít feithiclí astaíochtaí níos ísle
- Gréasán rothar agus glasbhealaí Contae a sholáthar
- Líon na saoráidí poiblí rothair a mhéadú
- An Scéim Rothaíochta chun na hOibre a chur chun cinn i measc fhoireann na Comhairle
- Aistriú córa iompair chuig taisteal gníomhach a chur chun cinn
- Oibriú le páirtithe leasmhara chun bealaí iompair phoiblí a thógáil

## SAMPLAÍ DE PHÁIRTITHE LEASMHARA LE HOIBRIÚ LEO AGUS LE TIONCHAR A IMIRT ORTHU

- AN POBAL I gCOITINNE
- GRÚPAÍ POBAIL
- RANNA RIALTAIS
- GRÚPAÍ COMHSHAOIL
- BUS ÁTHA CLIATH, BUS ÉIREANN, LUAS, IARNRÓD ÉIREANN
- AN TÚDARÁS NÁISIÚNTA IOMPAIR, BONNEAGAR IOMPAIR ÉIREANN

**Cinntíonn úsáid talún agus iompar a chomhtháthú ... go mbíonn na háiteanna ina gcónaíonn daoine i ngar do, nó go bhfuil siad ceangailte le hiompar poiblí, lena n-áiteanna oibre nó le hoideachas, agus cuireann sin ar chumas daoine, leis sin, chun na modhanna iompair is inbhuanaithe a úsáid, is é sin, siúl, rothaíocht agus iompar poiblí.**

Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023

Cuireann iompar le méid suntasach astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh de cheantar Fhine Gall. Is ionann siúl, rothaíocht agus iompar poiblí faoi láthair agus díreach 38.6% de na haistir go léir a dhéantar, agus is é an sprioc chun an figiúr seo a mhéadú aníos go dtí 50%. Ar an ábhar sin, déanann CCFG, comhtháthú úsáid talún agus iompair, agus oibreacha le réimse páirtithe leasmhara a chur chun cinn chun trí straitéis agus beartais a phlean forbartha féin chun feabhas a chur ar iompar i bhFine Gall, agus chun aistriú córa iompair ó ghluaisteáin phríobháideacha agus go dtí modhanna iompair níos inmharthana a spreagadh, chun an sprioc seo a bhaint amach.

I dtreo seo a dhéanamh, d'oibrigh Comhairle Contae Fhine Gall leis an Údarás Náisiúnta Iompair (an ÚNI) agus na húdaráis áitiúla máguaird, chun *Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035* a chur le chéile, ina leagtar amach fís straitéiseach don iompar i mBaile Átha Cliath, agus a chuireann leis an bplean *Taisteal Níos Cliste – Todhchaí Iompair Inbhuanaithe 2009-2020* de chuid an rialtais. Tá sé mar chuspóir ag an dá phlean seo chun feabhas a chur ar conas a bhaineann daoine a gceann scríbe amach. Anuas air sin, i dteannta iompar inbhuanaithe a chur chun, laghdaigh CCFG luasteorainneacha i gceantair áirithe chónaithe agus thug sé bearta moillithe tráchta isteach chun feabhas a chur ar shábháilteacht na sráideanna.


*Foinse an ghrianghraif: Comhairle Contae Fhine Gall*

## OIBRÍOCHTAÍ

Tá 230 feithicil i bhflít iompair Chomhairle Contae Fhine Gall, a d'ídigh 6.4 GWh d'fhuinneamh in 2017 agus arbh ionann agus 12% é d'astaíochtaí iomlána na Comhairle, mar gheall ar a brath ar pheitreal agus díosal. Baineann bunriachtanas leis an bhflít a thiontú ina feithiclí leictreacha chun na hastaíochtaí carbóin seo a laghdú, agus tá clár athsholáthair á chur i bhfeidhm ag an gComhairle a bhfuil de chuspóir aige flít CCFG a leictriú, sa chás gur féidir, faoin mbliain 2030.

Chun tús a chur leis an bpróiseas seo, chuir Comhairle Contae Fhine Gall cúig fheithicil leictreacha nua lena flít le déanaí, mar iarracht chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus athrú aeráide a chomhrac.

Is ionann na veaineanna Citroen Berlingo atá go hiomlán leictreach agus tús aistriú Fhine Gall lena fhlít a leictriú.

Ina theannta sin, rinneadh dhá phointe luchtaithe dhéag a shuiteáil ar fud Fhine Gall, áit a bhfuil súil leis nach nglacfaidh sé ach 30 nóiméad chun feithiclí leictreacha a luchtú go hiomlán ag na pointí seo.

CÁS-STAIDÉAR



*Foinse an ghrianghraif: Wikimedia Commons / Peter Gerken*

**Sord – Cathair Ghlas**

Pleanáil don Metrolink agus a spreagadh suntasach geilleagrach, d'fhorbair Comhairle Contae Fhine Gall an Fhís Straitéiseach do Shord 2035 a fhorbairt. Trí phróiseas comhpháirtíochta a spreagadh idir na páirtithe leasmhara go léir, beartaítear baint amach spriocanna comhshaoil a éascú. Tá de chuspóir ag Fís Straitéiseach 2035 chun Sord a fhorbairt mar bhaile inbhuanaithe trí na gnéithe seo a leanas a chuimsiú:

- Cathair Ghlas i dtaobh an tírdhreacha fhisiciúil agus cuspóirí comhshaoil inbhuanaithe
- Baile ina bhfuil teorainneacha dea-shainithe agus suíomh láidir tírdhreacha
- Tírdhreach ardchaighdeáin ina bhfuil gréasáin spásanna oscailte agus páirceanna poiblí
- Foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh agus teicneolaíocht ghlas
- Straitéis chomhtháite iompair ina bhfuil seirbhísí iompair phoiblí tábhachtacha (BusConnects agus Metrolink ina measc) agus bonneagar straitéiseach coisithe, rothaíochta agus bóithre
- Geilleagar beoga ina bhfuil na príomh-mhiondíoltóirí agus lár baile uathúil agus mealltach
- Bonn feabhsaithe fostaíochta, i dtaobh líon agus chaighdeán na bpost atá ar fáil laistigh de Shord
- Caighdeán feabhsaithe na beatha do chónaitheoirí, gnólachtaí agus cuairteoirí

## PLEANÁIL AGUS AN RÍOCHT PHOIBLÍ


> **Tá baint lárnach ag pobail inbhuanaithe a fhorbairt maidir le comhfhorbairt áite, áit ar féidir le pobail teacht chun cinn agus inar féidir freastal ar riachtanais an lae inniu gan baint de chumas na glúine amach anseo chun freastal ar a riachtanais féin... Tá teacht a bheith ar iompar poiblí, oideachas, saoráidí pobail, fóillíocht, miondíol, seirbhísí sláinte agus poist chomh tábhachtach céanna agus atá aeistéitic áite.**
>
> - Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023

Chun daoine a spreagadh chun siúl agus rothaíocht, tá sé ríthábhachtach sráideanna agus an ríocht phoiblí a dhearadh. Tá CCFG ag oibriú chun treoirlínte a chur i bhfeidhm a dhéanann áiteanna níos mealltaí de na sráideanna agus a chuireann feabhas ar an ríocht phoiblí. Áirítear leis seo bonneagar glas a chuimsiú isteach sa sráid-dreach, a laghdaíonn riosca, chomh maith, i leith teasoileáin uirbeacha agus a chuireann draenáil inbhuanaithe uirbeach ar fáil. Cruthóidh soilsiú feabhsaithe ísealfhuinnimh timpeallacht níos sábháilte istoíche do choisithe agus rothaithe. Tá máistirphlean soilsithe phoiblí á fhorbairt ag CCFG, chomh maith, a fheabhsóidh atmaisféar agus sábháilteacht sráideanna do choisithe agus rothaithe.

## TAISTEAL GNÍOMHACH AGUS ATHRÚ IOMPRAÍOCHTA

> **Chun forbairt rothaíochta sa Chontae a chur chun cinn, bunófar líonra cuimsitheach rotharbhealaí ar fud an Chontae agus leagfar an bhéim ar bhealaí díreacha, compordacha, áisiúla, agus sábháilte a chur chun cinn.**
>
> - Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023

Cabhróidh daoine a spreagadh chun siúl nó rothaíocht le CCFG chun freagairt d'athrú aeráide. Ar a bharr sin, feabhsóidh taisteal gníomhach a chur chun cinn sláinte saoránach.




Díríodh go príomha ar rothaíocht, i measc na modhanna iompair ar féidir le CCFG tionchar a imirt orthu agus iad a mhúnlú. Chun glacadh le rothaíocht agus siúl a spreagadh, tá CCFG ag oibriú go gníomhach chun feabhas a chur ar bhonneagar coisithe agus rothaíochta, agus tá tús áite á thabhairt aige do shábháilteacht rothaithe trí raonta scartha rothar a fhorbairt, sa chás gur féidir. Tá roinnt saoráidí sonracha rothaíochta á gcur chun cinn go gníomhach ag an gComhairle ar fud an chontae, Bealach Cósta Fhine Gall, Rotharbhealach an Mhóinéir Leathain, Rotharbhealach Bhóthar Anraí Mhic Raghnaill agus Glasbhealach Uirbeach na Canála Ríoga ina measc. I dteannta an mhéid seo, tá roinnt scéimeanna bóthair á bhforbairt, lena n-áireofar saoráidí rothaíochta ardchaighdeáin, ar nós Bhóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat, Uasghrádú Bhóthar Ráth Béil agus Acomhal Snugborough.

Oibreoidh CCFG, chomh maith, leis na comhlachtaí agus gnólachtaí ábhartha iompair chun an fháil a fhairsingiú atá ar pháirceáil rothar lena chur ar chumas daoine rothaíocht chuig agus ó phríomhnóid iompair phoiblí. tá cláir rathúla athraithe iompraíochta á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm ag CCFG le foirmeacha iompair níos inbhuanaithe a spreagadh, trí dheiseanna a sholáthar chun oideachas ar shábháilteacht ar bhóithre a sholáthar. Mar shampla, tá na mílte leanbh agus a dtuismitheoirí á spreagadh, i gcomhar le Scoileanna Glasa An Taisce, chun siúl, rothaíocht nó scútáil chuig an scoil agus ghlac breis agus 2,500 dalta páirt in oiliúint ar shábháilteacht rothaíochta.

## IOMPAR POIBLÍ

Leanfaidh CCBFG ag oibriú leis na comhlachtaí ábhartha iompair (an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Iompar d'Éirinn, Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann, Bus Éireann, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus oibreoirí príobháideacha) chun bearta a thabhairt isteach chun aistriú córa iompair a bhaint amach agus aistriú idir modhanna a chur chun cinn. Tá plé leanúnach ar bun ag Fine Gall leis an ÚNI agus le Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) i dtaca le saoráidí paisinéirí ardchaighdeáin a sholáthar chun freastal ar na líonta méadaithe daoine a bhfuil súil leis a bhainfidh úsáid as iompar poiblí mar thoradh ar scéimeanna beartaithe, ar nós MetroLink agus BusConnects.

Éifeachtacht Fuinnimh
Laghdú GHG
Athléimneacht
Feasacht Phoiblí

# IOMPAR

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHARTHA ATÁ BUISÉADAITHE FAOI LÁTHAIR** | | | | | |
| **TAISTEAL FOIRNE** | | | | | |
| **T1** | Saoráidí ardchaighdeáin teileachomhdála a shuiteáil idir Baile Blhainséir agus Sord | 2019 | Saoráidí T.F. arna suiteáil | | GHG |
| **T2** | An t-ionad oibre a nuachóiriú le socruithe solúbtha oibre a éascú chun taisteal foirne a laghdú (e.g. Skype) | 2019 | Acmhainní Daonna / T.F. | Clár nuachóirithe ar bun | GHG |
| **T3** | Clár seach-churtha carbóin a chur i bhfeidhm d'eitiltí oifigiúla agus scéim chuí seach-churtha a fhiosrú d'astaíochtaí taisteal gnó eile na Comhairle. | 2019 | Corparáideach/ Gníomhú ar son na hAeráide | Clár curtha i bhfeidhm | GHG, Feasacht Phoiblí |
| **T4** | An Scéim Rothaíochta chun na hOibre a chur chun cinn i measc fhoireann na Comhairle | Leanúnach | Acmhainní Daonna | # na foirne a ghlac páirt sa scéim | GHG, Feasacht Phoiblí |
| **T5** | Feithicil leictreach a sholáthar i gclós Áras an Chontae agus Baile Bhlainséir a úsáideann an fhoireann a thaistealaíonn chuig cuairteanna agus cruinnithe suímh | 2019 | Acmhainní Daonna / Oibríochtaí | FLanna arna soláthar | GHG |
| **OIBRÍOCHTAÍ** | | | | | |
| **T6** | Leictriú leanúnach fhlít feithiclí na Comhairle de réir mar a thagann forbairt ar theicneolaíocht an mhargaidh | 2018 ar aghaidh | Oibríochtaí | % den fhlít iomlán arna choigeartú chuig FLanna | GHG |
| **T7** | An fháil a fhairsingiú atá ar phointí luchtaithe FL d'fhoireann na Comhairle agus feithiclí oibríochtúla | 2019 | Oibríochtaí | # na bpointí luchtaithe | GHG |
| **T8** | Tá pointí luchtaithe feithicle le cur ar fáil i gcarrpháirceáil le haghaidh fhoirgnimh nua Chorparáideacha agus tithíocht shóisialta nua i bhFine Gall, nuair is féidir sin a dhéanamh i dtaobh cúrsaí teicniúla | Leanúnach | Gach roinn / ailtire | # na bpointí luchtaithe feithiclí arna soláthar | Éifeachtacht Fuinnimh, GHG |
| **T9** | Oiliúint ar thiomáint éiceolaíoch a chur ar thiománaithe na Comhairle | 2019 | Acmhainní Daonna | # na foirne ar cuireadh oiliúint orthu | GHG, Feasacht Phoiblí |
| **PLEANÁIL SPÁSÚIL AGUS IOMPAR A CHOMHTHÁTHÚ** | | | | | |
| **T10** | Patrúin phleanála spásúla a phleanáil a laghdaíonn éileamh ar iompar agus a spreagann modhanna iompair ísealcharbóin. E.g. na pobail reatha ar a bhfreastalaíonn iompar poiblí cheana féin agus atá gar do bhonneagar bunaithe sóisialta agus pobail a chomhdhlúthú agus pobail nua a chruthú ar a bhfreastalaíonn naisc iompair ardchaighdeáin. | Leanúnach | Bonneagar / Oibríochtaí Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh | Ciliméadair de rotharbhealaí, # na scéimeanna a críochnaíodh | GHG |

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHARTHA ATÁ BUISÉADAITHE FAOI LÁTHAIR** | | | | | |
| **T11** | Pointí luchtaithe FL a shuiteáil sa chúirtealáiste a chur chun cinn, i dtaobh gach tí nua atá á thógáil i bhFine Gall | 2019 | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Glacadh leis an mbeartas | GHG |
| **TAISTEAL GNÍOMHACH AGUS ATHRÚ IOMPRAÍOCHTA** | | | | | |
| **T12** | Gréasán rothaíochta Fhine Gall a thógáil a chuireann bealaí díreacha ar fáil chuig cinn scríbe agus moil iompair phoiblí áitiúla. Conairí rothaíochta, glasbhealaí agus criosanna glasa nasctha a fhorbairt ar mhaithe le caitheamh aimsire agus cosaint na bithéagsúlachta | Leanúnach | Bonneagar / Oibríochtaí Pleanála agus Straitéiseacha | Ciliméadair de rotharbhealaí, # na scéimeanna a críochnaíodh | GHG |
| **T13** | Soláthar gréasáin nua rothar a thabhairt chun cinn ar fud an Chontae, ar nós ar fud an Chontae, Bealach Cósta Fhine Gall, an Rotharbhealach ó Chill Fhionntain go Mullach Íde, Bealach an Mhóinéir Leathain, Rotharbhealach Bhóthar Anraí Mhic Raghnaill agus Glasbhealach Uirbeach na Canála Ríoga, etc. ina measc. | Leanúnach | Bonneagar / Oibríochtaí Pleanála agus Straitéiseacha | Ciliméadair de rotharbhealaí, # na scéimeanna a críochnaíodh | GHG |
| **T14** | Tacú le Plean Gréasán Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath | Leanúnach | Bonneagar / Oibríochtaí Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh | Ciliméadair de rotharbhealaí, # na scéimeanna a críochnaíodh | GHG |
| **T15** | Tógáil na scéimeanna bóthair seo a leanas a thabhairt chun cinn, lena n-áireofar gréasán ardchaighdeáin rothar - Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat, Uasghrádú Bhóthar Ráth Béil Acomhal Snugborough agus an Nascbhóthar idir Ongar agus Cnoc an Sciobóil, etc. | Leanúnach | Bonneagar / Oibríochtaí Pleanála agus Straitéiseacha | Ciliméadair de rotharbhealaí, # na scéimeanna a críochnaíodh, léarscáil curtha le chéile | GHG |
| **T16** | Clár moillithe tráchta a chur i bhfeidhm, trasrianta coisithe nua le comhartha ina measc | Leanúnach | Oibríochtaí | # líon na mbeart moillithe tráchta | GHG |
| **T17** | Cothabháil rialta a dhéanamh ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla chun aistriú córa iompair a spreagadh chuig rothaíocht | Leanúnach | Oibríochtaí | Ciliméadair de bhóithre a rinneadh a chothabháil a éascaíonn aistriú córa iompair | GHG |
| **T18** | Dálaí rothaíochta agus glacadh le rothaíocht a fheabhsú trí phleananna ríochta poiblí / ceantair áitiúil | Leanúnach | Bonneagar / Oibríochtaí Pleanála agus Straitéiseacha | # na dtionscadal a cuireadh i bhfeidhm, # na gconairí agus na gciliméadar de raonta rothar atá pleanáilte | GHG |
| **T19** | Atheagrú a dhéanamh ar leithdháileadh spáis do choisithe sa ríocht phoiblí | Leanúnach | Bonneagar / Oibríochtaí Pleanála agus Straitéiseacha | Réamhshuirbhéanna agus iarshuirbhéanna ar líonta coisithe | GHG |
| **T20** | Méid na seastán rothair a mhéadú san fhearann poiblí | Leanúnach | Oibríochtaí | Tionscadail arna gcur i bhfeidhm, # na seastán rothair | GHG |

Éifeachtacht Fuinnimh
Laghdú GHG
Athléimneacht
Feasacht Phoiblí



| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **T21** | Scéimeanna roinnte rothar a fhairsingiú i gceantair uirbeacha | 2019-2020 | Oibríochtaí | # na rothar a cuireadh ar fáil | GHG |
| **T22** | Scéimeanna breise roinnte gluaisteán a chur chun cinn agus a éascú | 2019 | Oibríochtaí | # na ngluaisteán a cuireadh ar fáil | GHG |
| **IOMPAR POIBLÍ** | | | | | |
| **T23** | Beartas a fhorbairt leis an ÚNI chun saoráidí Páirceála agus Taistil a sholáthar ar fud an Chontae | 2019 | Oibríochtaí, Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Beartas arna fhorbairt agus láithreáin arna sainaithint | GHG |
| **T24** | Tacú le forbairt agus fairsingiú na seirbhísí reatha iompair phoiblí, Metrolink, BusConnects agus Dart a fhairsingiú chuig Baile Brigín ina measc | Leanúnach | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Tacaíodh le hiompar poiblí | GHG |

## GNÍOMHARTHA ATÁ AR FEITHEAMH BUISÉID

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **T25** | *An fháil atá ar phointí luchtaithe FL i mbailte agus sráidbhailte ar aon dul le beartas náisiúnta de réir mar a dtagann forbairt air* | *Leanúnach* | *Oibríochtaí* | *# na bpointí luchtaithe* | GHG |
| **T26** | *Na hacmhainní a shainaithint agus a chur i bhfeidhm a theastaíonn chun straitéis rothaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm* | *2019-2020* | *Oibríochtaí* | *Acmhainní arna sannadh* | GHG |

## SAMPLAÍ DEN REACHTAÍOCHT / BEARTAIS / TREOIR ÁBHARTHA

- An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin, 2015
- Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (LDBSU)
- Faoiseamh ó Cháin Chláraithe Feithiclí agus an Scéim Deontais d'Fheithiclí Leictreacha
- Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 (Cuspóirí ED64; GI30; MT01; MT31; MT33, MT34; PM26; SS01)
- Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035
- Creat an Pholasaí Náisiúnta Rothaíochta 2009-2020
- Treoir Chleachtais Tréscaoilteachta an Údaráis Náisiúnta Iompair
- An tAcht Iompair Phoiblí, 2016
- Taisteal Níos Cliste: Beartas Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020

# ATHLÉIMNEACHT TUILTE



## LÉARGAS GINEARÁLTA

**10 bPRÍOMHAIBHNEACHA:**

AN BARDA, AN AILBHNE, AN CHOMHAIL, AN MHAIGHIN, SEANTRABH, GABHRA, BAILE BACHAILE, AN CHORR DHUBH AGUS AN LIFE

IMEALLBHORD

**88 km**

CILIMÉADAR I gCONTAE FHINE GALL

## SPRIOCANNA

RÉIGIÚN ATÁ SEASMHACH Ó THAOBH NA hAERÁIDE DE

LAGHDÚ/ MAOLÚ RIOSCAÍ I gCÁS TUILTE SA RÉIGIÚN

## SAMPLAÍ DE NA PRÍOMHSHAGHSANNA GNÍMH

- Tuilemhánna, bogaigh, agus ceantair chósta a chosaint agus a chaomhnú
- Acmhainneacht tuilte aibhneacha agus inbhear a mhéadú
- Clár monatóireachta cósta a fhorbairt chun creimeadh cósta a thomhas
- Pleananna Freagartha Éigeandála na Comhairle d'fhreagairt do theagmhas tuilte a nuashonrú
- Beartas SuDS a thabhairt chun críche
- Clár cothabhála a ullmhú don chóras iomlán uisce dromchla

## SAMPLAÍ DE PHÁIRTITHE LEASMHARA LE HOIBRIÚ LEO AGUS LE TIONCHAR A IMIRT ORTHU

- OIFIG NA nOIBREACHA POIBLÍ
- RANNA RIALTAIS
- AN POBAL I gCOITINNE
- GRÚPAÍ POBAIL
- GRÚPAÍ COMHSHAOIL
- FORBRÓIRÍ

**Uisce dromchla a rialú agus a bhainistiú, maolú in aghaidh tuile agus cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú sa Chontae agus forbairt inbhuanaithe agus feabhsú cháilíocht an uisce a cheadú i gcomhthráth ar aon dul leis an gCreat-Treoir Uisce agus Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirthir.**
- Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023

Príomhriosca aeráide is ea tuile atá roimh Réigiún Bhaile Átha Cliath. Tá coinne leis go méadóidh athrú aeráide minicíocht agus/nó déine na báistí troime agus borradh stoirme, a mhéadódh an riosca i leith tuile i gceantair leochaileacha an Chontae. Anuas ar Oifig na nOibreacha Poiblí agus údaráis áitiúla sa chomharsanacht, tá CCFG ag oibriú go gníomhach chun tionscadail agus cláir a chur i bhfeidhm atá ar aon dul leis an Treoir maidir le Tuilte ón AE agus an Chreat-Treoir Uisce. Iarrann an Treoir maidir le Tuilte ar bhallstáit chun tabhairt faoi mheasúnuithe riosca straitéiseacha ar thuilte agus chun bearta bainistíochta riosca i leith tuilte a shainaithint. Ullmhaíodh léarscáileanna tuilte do chásanna aeráide amach anseo, agus leagtar amach na bearta a bheartaítear ar scála an phobail sna Pleananna Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte (www.floodinfo.ie). Féadtar a áireamh le bearta breise áitiúla réitigh dhúlrabhunaithe, ar nós an mhéid seo a leanas: bogaigh chomhtháite, bonneagar glas, agus Córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe (SuDS,) ina leagtar béim ar réitigh dhúlrabhunaithe a úsáidfear chun oiriúnú d'fhreagairtí agus freagairtí a mhaolú chun athléimneacht tuilte a bhaint amach.

## BAINISTÍOCHT RIOSCA I LEITH TUILTE

**Mar fhreagairt don Treoir maidir le Tuilte, chríochnaigh Comhairle Contae Fhine Gall, anuas ar Chomhairle Contae na Mí agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) staidéar measúnaithe agus bainistíochta riosca i gcás tuilte dobharcheantarbhunaithe ar 19 n-abhainn agus sruth i Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte Fhine Gall-Oirthear na Mí (FEM-FRAMS). Áirítear le croíchuspóirí an Staidéar:**
**a) Léarscáileanna a fhorbairt do na limistéir reatha agus fhéideartha ghuaise agus riosca i gcás tuilte laistigh de dhobharcheantar an staidéir. b) Straitéis fhadtéarmach a fhorbairt atá cuí i dtaobh cúrsaí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil (a Plean Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte) do limistéar staidéir Fhine Gall agus Oirthear na Mí agus an MST gaolmhar.**
- Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023

I gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) agus údaráis áitiúla sa chomharsanacht, tá CCFG ag oibriú chun limistéir a oiriúnú atá leochaileach do thuile trí úsáid a bhaint as léarscáiliú cuimsitheach riosca i gcás tuilte. Tá breithniú á dhéanamh ag CCFG ar bhearta a chuireann an dúlra san áireamh agus a bhfuil tairbhí iolracha acu seachas cosaint i leith tuilte, ar nós spásanna nua a sholáthar le haghaidh áineasa agus gnáthóga don fhiadhúlra. Bunaithe ar léarscáileanna tuilte a d'fhorbair OOP agus CCFG, shainaithin an Chomhairle limistéir ar nós Phort Reachrann, Abhainn Ghabhra, Abhainn na Tulchann agus Abhainn Sheantraibh, a bhainfidh tairbhe as réitigh ina mbíonn baint ag bonneagar glas, bogaigh chomhtháite agus crainn a chur.

CÁS-STAIDÉAR



**Grúpa Idirchaidrimh Chósta Fhine Gall**

Bunaíodh Grúpa Idirchaidrimh Chósta Fhine Gall i nDeireadh Fómhair 2016. Is éard atá sa Ghrúpa ná Comhairleoirí, foireann na Comhairle agus baill den phobal ón Ros, Port Reachrann agus Cill Fhionntain. Tá na limistéir seo i mbaol creimeadh cósta agus tuile agus oibríonn baill an ghrúpa chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Buarthaí pobal a chónaíonn sa cheantar a phlé agus dul i ngleic leo
- Moltaí a dhéanamh leis an mbainistíocht chun dul i ngleic le tuile agus creimeadh cósta
- Rannpháirtíocht an phobail a éascú i mbainistíocht cósta agus acmhainní nádúrtha
- Tacú le comhthionscadal a fhorbairt a bhaineann le bainistíocht cósta
- Comhairle dhea-chleachtais a sholáthar bunaithe ar eolas reatha eolaíochta
- An t-eolas is déanaí ar athrú aeráide a chuimsiú isteach i bpleanáil cósta

Tá an Chomhairle ag oibriú le réimse páirtithe leasmhara, Uisce Éireann ina measc, chun bainistíocht a dhéanamh ar thuile ar fud an limistéir údaráis áitiúil.

## COSAINT TUILTE

Cé gurb é maolú tuilte agus leas á bhaint as réitigh dhúlrabhunaithe rogha freagartha CCBFG, ní oireann roinnt limistéar den Chontae do réitigh bhoga. Ar an ábhar sin, tá cosaintí fisiciúla tuilte á dtógáil ag CCFG chun na rioscaí reatha agus amach anseo a chur san áireamh; tá athbhreithniú á dhéanamh ag Fine Gall le OOP ar an áit a dteastaíonn cosaintí fisiciúla tuilte, agus ar liosta tosaíochtaí dá bhforbairt. De bhreis air sin, tá taighde gníomhach á dhéanamh ag CCFG ar chosaintí fisiciúla tuilte, ar nós uirlisí beartais, criosú ina measc chun srian a chur ar fhorbairt bhreise i limistéir atá i mbaol.

Tugann an Chomhairle ardtús áite don fhad 88 ciliméadar d’imeallbhord i bhFine Gall a chosaint, ina bhfuil sráidbhailte, oidhreacht nádúrtha luachmhar agus tránna suite a chuireann caitheamh aimsire ar fáil do chónaitheoirí. Fiosraíodh i gCéim 3 den Staidéar um Chosaint Cósta na hÉireann (SCCÉ) – an Cósta Thoir Theas agus Tionscadal um Chosaint ó Thuile Cósta Bhaile Átha Cliath (TCTCBÁC) an tionchar a imríonn borrthaí stoirme agus ardú leibhéal na farraige ar an gcósta, agus mar thoradh air seo, cuireadh léarscáileanna le chéile ar a dtaispeántar riosca i gcás tuilte cósta, agus tá úsáid á baint astu anois chun eolas a chur ar fáil do bheartas agus pleanáil feadh an chósta, agus dírítear iontu ar réitigh dhúlrabhunaithe a imlonnú.

CÁS-STAIDÉAR

**Inbhear Bhaile Roiséir – Caomhnú atá Cliste i dtaobh na hAeráide**

Mar limistéar faoi chaomhnú speisialta faoin Treoir maidir le Gnáthóga ón AE, tá saibhreas bithéagsúlachta in Inbhear Bhaile Roiséir agus príomhlimistéar caithimh aimsire é. Bíonn sé tugtha do thuile, áfach, agus theip ar na bacainní le blianta beaga anuas a tógadh i dtosach chun an talamh a mhíntíriú ar mhaithe le cuspóirí talmhaíochta, agus bíonn na háiteanna níos ísle den inbhear faoi uisce dá bharr nuair a bhíonn sé ina lán mara. Seachas na bacainní a dheisiú, rinne CCFG an cinneadh chun dul i mbun cur chuige 'Lig dó bheith faoi Uisce'. Trí na bacainní a bhaint, is féidir an t-inbhear a bheith faoi uisce anois go nádúrtha leis an taoide agus i rith stoirmeacha. Ba dhearfach na torthaí a bhí ar an gcur chuige seo; cosnaítear suíomhanna suas an abhainn ón inbhear ó thuile agus tá feabhas tagtha ar an mbithéagsúlacht sa cheantar, agus tá roinnt speicis nua tagtha i láthair agus tá speicis chosanta faoi rath.

CÁS-STAIDÉAR



**Cosaint Cósta Phort Reachrann**

Príomhriosca aeráide is ea creimeadh cósta atá roimh go leor pobail chósta in Éirinn. Dríodar bog, ar nós dumhcha, tránna agus aillte boga atá i gceist le formhór chósta Fhine Gall, atá an-leochaileach do dhíobháil ag stoirmeacha agus leibhéil na farraige atá ag ardú. Bhí CCFG ag oibriú go gníomhach chun dul i ngleic le riosca i leith creimeadh cósta trí thionscadail um chosaint cósta feadh chósta Fhine Gall. Tugann CCFG tús áite do dhéileáil le creimeadh na ndumhcha agus na dtránna ag Port Reachrann agus an Ros mar gheall go bhfuil go leor tithe i mbaol. Faoi láthair, tá breithniú á dhéanamh ag CCFG ar roinnt roghanna chun an cósta a chosaint ag Port Reachrann agus an Ros, ar nós an mhéid seo a leanas:

- Cur leis an trá agus gradhana
- Ballaí mara
- Cúlú an chósta

# ATHLÉIMNEACHT TUILTE

Éifeachtacht Fuinnimh
Laghdú GHG
Athléimneacht
Feasacht Phoiblí



## GNÍOMHARTHA ATÁ BUISÉADAITHE FAOI LÁTHAIR

### BAINISTÍOCHT RIOSCA I GCÁS TUILTE

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **F1** | Na Treoirlínte maidir le Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte d'Údaráis Phleanála (2009) a chur i bhfeidhm | Leanúnach | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | # na dtionscadal a leanann na treoirlínte | |
| **F2** | Tabhairt faoi Mheasúnú Riosca Straitéiseach i gCás Tuilte agus SuDS ar gach PCÁ, CFS agus plean forbartha | Leanúnach | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Críochnaíodh na measúnuithe | |
| **F3** | Beartas SuDS a thabhairt chun críche i gcomhoibriú le gach roinn i bhFine Gall | Leanúnach | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Tugadh an beartas SuDS chun críche | |
| **F4** | Athbhreithniú meántéarma a dhéanamh ar an Measúnú Riosca Straitéiseach i gCás Tuilte (MRST) don Phlean Forbartha Contae | 2019 | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Athbhreithniú críochnaithe | |
| **F5** | Tuilemhánna, bogaigh, agus ceantair chósta a chosaint agus a chaomhnú faoi réir tuile trí ionstraimí beartais atá ar fáil | Leanúnach | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Léarscáil na gceantar atá le cosaint, # na heictéar a cosnaíodh | |
| **F6** | Measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé díonta glasa a thógáil ar gach foirgneamh nua poiblí, oibríochtúil agus sóisialta i bhFine Gall agus iad a chur ar fáil pé áit arb inmharthana agus ar cuí | Leanúnach | Gach Roinn / Ailtire | Críochnaíodh agus cuireadh na measúnuithe ar fáil | |
| **F7** | Pleananna Freagartha Éigeandála na Comhairle d'fhreagairt do theagmhas tuilte a nuashonrú | Leanúnach | Corparáideach / Oibríochtaí | Déantar pleananna a chríochnú agus a nuashonrú gach bliain | |
| **F8** | Teimpléad a fhorbairt le haghaidh teagmhais adhaimsire chun sonraí, freagairt agus costais a bhailiú (seirbhísí éiceachórais/costais chaipitil nádúrtha ina measc) do gach ceann de na teagmhais mhóra aeráide | 2019-2020 | Corparáideach / Airgeadas | Teimpléad arna fhorbairt agus eisithe | |
| **F9** | Idirchaidreamh a dhéanamh le Grúpa Idirchaidrimh Chósta Fhine Gall maidir le straitéisí a oiriúnú isteach i mbeartais phleanála, etc. | Leanúnach | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | # na gcruinnithe a chuirtear ar bun gach bliain | |
| **F10** | Léarscáil riosca córas faisnéise geografaí (GIS) de thionchar an athraithe aeráide a fhorbairt ina bhfuil cásanna do Réigiún Bhaile Átha Cliath | 2020 | Climate Ireland / an Timpeallacht / gach roinn | Forbraíodh léarscáil GIS | |
| **F11** | Tá sócmhainní seandálaíochta agus oidhreachta le bheith mar chuid de gach measúnú riosca i leith na haeráide, deiseanna ina measc chun oidhreacht chultúrtha a chuimsiú isteach i maolú oiriúnaithe, e.g. bonneagar glas, rotharbhealaí, réitigh dhúlrabhunaithe, etc. | Leanúnach | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Cuirtear sócmhainní san áireamh i measúnuithe riosca | |

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **F12** | Tionscadail agus deiseanna a shainaithint chun for comhoibriú le páirtithe leasmhara ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar agus tús áite a thabhairt do láithreáin oidhreachta atá leochaileach d'athrú aeráide | Leanúnach | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | # na dtionscadal ar glacadh páirt iontu | |

### COSAINT TUILTE

Cuimseofar sna gníomhartha seo a leanas cosanta tuilte réitigh dhúlrabhunaithe agus bearta feabhsaithe bithéagsúlachta, sa chás gur féidir.

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **F13** | Plean Cosanta an Chósta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Phort Reachrann | 2019-2020 | OOP / Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Cuireadh an plean i dtoll a chéile agus cuireadh na gníomhartha i bhfeidhm | |
| **F14** | Scéim cosanta cósta OOP a chur chun cinn ag Sruthán an Mhuilinn, na Sceirí | Leanúnach | OOP /Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil | Críochnaíodh an tionscadal | |
| **F15** | Scéim cosanta cósta OOP a chur chun cinn ag Trá an Bhiséadaigh agus ag an bhFaiche i Sráidbhaile Mhullach Íde | Leanúnach | OOP /Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil | Críochnaíodh an tionscadal | |
| **F16** | Scéim cosanta cósta OOP a chur chun cinn ag Droichead Phort Mearnóg | Leanúnach | OOP /Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil | Críochnaíodh an tionscadal | |
| **F17** | Idirchaidreamh leanúnach a dhéanamh le OOP chun staidéir bhreise a thabhairt chun cinn ar cheantair laistigh d'Fhine Gall atá i mbaol tuile, agus scéimeanna oiriúnacha a fhorbairt, ar nós Bhóthar na Trá, Chill Fhionntain agus Sheantraibh | Leanúnach | OOP /Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil | Scéimeanna arna sainaithint | |

## GNÍOMHARTHA ATÁ AR FEITHEAMH BUISÉID

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **F18** | *Clár monatóireachta cósta a fhorbairt chun creimeadh cósta feadh chósta Fhine Gall a thomhas* | *2020* | *Grúpa Idirchaidrimh Cósta, Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach* | *Bunaíodh clár monatóireachta* | |
| **F19** | *Láithreáin a shainaithint inar féidir gnéithe cosanta tuilte a bhaint nó a athlonnú chun acmhainneacht tuilte aibhneacha agus inbhear a mhéadú* | *2019* | *Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach* | *# na láithreán a sainaithníodh* | |
| **F20** | *Bogaigh Íde a athchóiriú chun acmhainneacht mhaolaithe uisce agus tairbhí caomhnaithe uisce a uasmhéadú* | *2020* | *Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach* | *% den bhogach a athchóiríodh* | |
| **F21** | *Córas uisce dromchla na Comhairle a chur i dtaifead ar shraith córas faisnéise geografaí (GIS) agus é a chur ar fáil don fhoireann ábhartha go léir ó Oibríochtaí agus Pleanáil. Caithfear a áireamh leis seo gach córas SuDS agus claífort tuilte* | *Leanúnach* | *Seirbhísí Uisce, Oibríochtaí, Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach* | *Córas uisce dromchla curtha i dtaifead ar shraith GIS* | |
| **F22** | *Clár cothabhála a ullmhú don chóras iomlán uisce dromchla laistigh den Chontae, SuDS, píopaí agus tóchair ina measc chun cabhrú le cothabháil réamhghníomhach a dhéanamh, tuile a mhaolú agus cáilíocht an uisce an choimeád* | *Leanúnach* | *Seirbhísí Uisce, Oibríochtaí, Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach* | *Clár cothabhála arna chruthú* | |

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **F23** | *Na hacmhainní a shainaithint agus a chur i bhfeidhm chun SuDS a fhorbairt agus a chur chun cinn, an méid seo a leanas ina measc: Rannpháirtíocht sa phobal a spreagadh agus a chur chun cinn nuair a dhéantar SuDS a iarfheistiú i bhforbairtí reatha, gairdíní báistí pobail a chothabháil, pábháil chrua a dhíspreagadh i ngairdíní agus gairdíní báistí / suiteálacha buta uisce a iarfheistiú* | *2020* | *Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach* | *Acmhainní agus clár i bhfeidhm* | |
| **F24** | *Cás-staidéar ar SuDS a chruthú ar leibhéal Plean Ceantair Áitiúil* | *2020* | *Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach* | *Críochnaíodh an cás-staidéar* | |
| **F25** | *Tabhairt faoi Mheasúnú Riosca i leith Athrú Aeráide ar Oidhreacht Chultúrtha Fhine Gall chun na láithreáin oidhreachta seandálaíochta agus tírdhreacha deartha a shainaithint agus suirbhéireacht a dhéanamh orthu* | *2020* | *Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach* | *Críochnaíodh an Measúnú Riosca* | |
| **F26** | *Cláir shuirbhé ar chothabháil agus bail a fhorbairt d' fhoirgnimh agus séadchomharthaí stairiúla agus ársa faoi úinéireacht na Comhairle atá curtha ar an eolas ag tionchar an athraithe aeráide.* | *2020* | *Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach* | *Críochnaíodh na cláir* | |

## SAMPLAÍ DEN REACHTAÍOCHT / BEARTAIS / TREOIR ÁBHARTHA

- Na hAchtanna Siltin Artéirigh
- Pleananna Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte atá Bunaithe i nDobharcheantar (PBRTBD)
- Straitéis Taighde agus Caomhnaithe Bhithéagsúlacht Bhithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath 2016-2020
- Staidéar Bainistíochta agus Measúnaithe Riosca i gCás Tuilte Dhobharcheantar an Oirthir (BMRCTD) 2011-2016
- An Treoir maidir le Tuilte ón AE 2007/60/CE
- An Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta 2010-2015
- Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 (Cuspóirí DW03; GIM25; NH53; NH54; NH56; NH57; NH58; NH67; NH68; SW01; SW04; SW07; WQ02)
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall (PÁEP) 2016-2021 (Gníomhartha A85; A91; A 92; A102)
- Staidéar ar Dhraenáil Straitéiseach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Straitéis Tírdhreacha Náisiúnta d'Éirinn 2015-2025
- Staidéar na Straitéise um Chosaint Chósta na hÉireann OOP (SSCCÉ)
- Láithreán gréasáin OOP, www.floodinfo.ie, ar foinse áisiúil faisnéise poiblí é chun measúnú a dhéanamh ar chásanna riosca i gcás tuilte reatha agus amach anseo.
- Léarscáileanna tuile OOP le haghaidh na gcásanna um athrú aeráide reatha agus amach anseo araon
- Na Treoirlínte maidir le Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte d'Údaráis Phleanála, Samhain 2009
- An Chreat-Treoir Uisce 2000/60/CE
- Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (2015)

# RÉITIGH DHÚLRABHUNAITHE



Foinse an ghrianghraif: *Fáilte Ireland / Rob Durston*

## LÉARGAS GINEARÁLTA

**10** COTHABHÁIL DÉANTA AG CCFG AR 10 bPÁIRC PHOIBLÍ

FREAGRACH AS **2,000** HEICTEÁR DE SPÁS OSCAILTE A CHOSAINT

**13** THRÁ I mBAOL CREIMEADH CÓSTA

## SPRIOCANNA

RÉIGIÚN ATÁ SEASMHACH Ó THAOBH NA hAERÁIDE DE

CAILLTEANAS GNÁTHÓIGE A CHOSC

SPEICIS DHÚCHASACHA, PÁIRCEANNA AGUS BRAT CRANN A CHOSAINT

## SAMPLAÍ DE NA PRÍOMHSHAGHSANNA GNÍMH

- Straitéis Bonneagair Ghlais a Fhorbairt
- Rochtain ar spásanna glasa a léarscáiliú sa Chontae
- Plean bithéagsúlachta a rinneadh aeráid-díonach a ullmhú
- Láithreáin a shainaithint chun coillearnach a chur
- Talamh straitéiseach talmhaíochta a léarscáiliú agus a chosaint
- Tionscnaimh athraithe aeráide a fhorbairt i gcomhar le feirmeoirí áitiúla

## SAMPLAÍ DE PHÁIRTITHE LEASMHARA LE HOIBRIÚ LEO AGUS LE TIONCHAR A IMIRT ORTHU

- RANNA RIALTAIS
- SAORÁNAIGH PHRÍOBHÁIDEACHA
- COMHPHÁIRTÍOCHT BHITHSFÉAR CHUAN BHAILE ÁTHA CLIATH
- GRÚPAÍ POBAIL
- GRÚPAÍ COMHSHAOIL
- SCOILEANNA AGUS INSTITIÚIDÍ TRÍÚ LEIBHÉAL

**A aithint, mar shochaí agus geilleagar, go mbraithimid ar an dúlra agus ar chórais nádúrtha agus gur gá dúinn an 'caipiteal nádúrtha' seo a chothú mar gheall go gcuireann sé an iomaí tairbhe (bia, uisce glan, ae glan agus amhábhair ina measc) agus feidhm ar fáil dúinn (ar nós an rialáil teochta agus rialú tuilte).**

- Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023

Tugann an tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra sainmhíniú ar réitigh dhúlrabhunaithe mar "gníomhartha a dhéanann éiceachórais nádúrtha nó mhionathraithe a chosaint, a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus a athchóiriú, a théann i ngleic le dúshláin shochaíocha go héifeachtach agus go hoiriúnaitheach, agus a sholáthraíonn tairbhí daonna folláine agus bithéagsúlachta i gcomhthráth" [28].

Baineann ról tábhachtach le réitigh dhúlrabhunaithe in oiriúnú d'athrú aeráide; is féidir leo ról tábhachtach a ghlacadh ní hamháin don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais, i gcosc ar thuilte agus ceapadh carbóin, ach chun teochtaí a rialáil, cáilíocht an uisce, cosc a chur ar chreimeadh; agus truailleáin a scagadh ón aer agus ón uisce, chomh maith. Úsáidtear réitigh dhúlrabhunaithe ar bhealach cliste, 'ar a ndéantar innealtóireacht' chun bearta inbhuanaithe, cost-éifeachtúla, agus inoiriúnaithe a sholáthar a thacaíonn le hathléimneacht aeráide. Laghdaíonn crainn agus plandaí uisce a ritheann chun srutha i dteagmhais trombháistí, a bhaineann an brú ón gcóras draenála uirbí. Cuireann siad cosc, chomh maith, ar chreimeadh ithreach. Cruthaíonn timpeallachtaí nádúrtha, ar nós bogach, bruacha abhann agus tránna, maolán chun an tionchar a imríonn teagmhais an athraithe aeráide a laghdú.

Baineann breisluach leis na réitigh go léir seo mar gheall go soláthraíonn siad deiseanna caithimh aimsire, agus cruthaíonn siad athléimneacht d'athrú aeráide i gcomhthráth.

As na ceithre limistéar údaráis áitiúil i mBaile Átha Cliath, is é Fine Gall an ceann is mó i dtaobh méid thíreolaíoch. Is éagsúil don Chontae, agus tá roinnt ionaid mhóra uirbeacha, sráidbhailte tuaithe, talamh thalmhaíochta, gleannta abhann, inbhear, agus dumhcha agus tránna fairsinge ann. Oibreoidh Comhairle Contae Fhine Gall leis na gnéithe nádúrtha seo a chosaint chun gur féidir leis an nglúin reatha agus amach anseo taitneamh a bhaint as an iomaí tairbhe a chruthaíonn siad.

## BONNEAGAR GLAS

**An gréasáin bonneagair ghlais a fhorbairt lena chinntiú go ndéantar an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a fheabhsú, cosaint Láithreán Eorpach, páirceanna inrochtana, spásanna oscailte agus saoráidí caithimh aimsire a sholáthar ina measc (cuibhrinn agus gairdíní pobail ina measc), bainistíocht inbhuanaithe uisce, saintréithe tírdhreacha a chothú, saintréithe tírdhreacha stairiúil agus oidhreachta seandálaíochta agus ailtireachta a chosaint agus a fheabhsú ina measc.**

- Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023

Is é an sainmhíniú ag thugann an Coimisiún Eorpach ar 'bonneagar glas' ná "líonra de limistéir nádúrtha agus leathnádurtha a phleanáiltear go straitéiseach ina bhfuil gnéithe eile comhshaoil a dheartar agus a bhainistítear chun réimse fairsing de sheirbhísí éiceachórais a sholáthar agus an bhithéagsúlacht a chosaint i suíomhanna tuaithe agus uirbeacha araon" [29].

Leagtar béim i Straitéis Spáis Oscailte Keeping It Green de chuid Fhine Gall ar an tábhacht a bhaineann leis an dúlra agus le bonneagar glas i dtaobh sláinte agus folláine dhaoine a chónaíonn sa Chontae. Is é sprioc CCFG, tríd an bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide seo, chun pleanáil a dhéanamh do ríocht phoiblí a chuireann insiúltacht chun cinn trí shráideanna agus spásanna a chruthú atá álainn agus mealltach ina bhfuil crainn agus plandaí, agus a chabhraíonn, i gcomhthráth, le bainistíocht tuilte agus an bhithéagsúlacht a chur chun cinn.

Glacann bonneagar glas ról ríthábhachtach ann seo agus cabhraíonn sé chun athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, trí $CO_2$ a laghdú san aer agus uisce a ionsú, agus an timpeallacht uirbeach a fhuarú.



Tá Comhairle Contae Fhine Gall freagrach as 2,000 heicteár de spás oscailte a bhainistítear ar bhealach inbhuanaithe lena chinntiú gur féidir leis an nglúin amach anseo taitneamh a bhaint as tairbhí na gconláistí seo i dtaobh caitheamh aimsire, sláinte agus folláine. Baineann ríthábhacht leis na páirceanna agus spásanna oscailte seo chun oiriúnú d'athrú aeráide agus tionchar amach anseo a mhaolú.

CÁS-STAIDÉAR

**Móinéir Phlandaí Fiáine**

Tá Fine Gall freagrach as breis agus 2,000 heicteár de spás oscailte. Féar gearr a ghearrfaí idir gach dhá nó trí seachtaine le linn an tséasúir fáis atá i gceist le formhór an spáis oscailte. D'aistrigh an Chomhairle chuig móinéir bhláthanna fiáine thart ar 10 mbliana ó shin i spásanna oscailte níos mó agus páirceanna réigiúnacha. Baineann feirmeoirí áitiúla an féar uair sa bhliain. Laghdaigh seo an t-ionchur bainistíochta sna móinéir, agus laghdaigh seo ídiú agus astaíochtaí peitril, leis sin. Baineann tairbhe an-mhór leis na móinéir phlandaí fiáine, chomh maith, agus cuireann siad go leor datha ar fáil sna páirceanna ar féidir leis an bpobal atá ar cuairt taitneamh a bhaint astu.

## TALMHAÍOCHT

**Áirítear leis an ngníomhaíocht talmhaíochta i bhFine Gall curaíocht a dhéanamh ar ghránaigh agus barra eile agus is cuid thábhachtach iad féarach agus déiríocht de bheatha gheilleagrach Fine Gall tuaithe i dtaobh cabhrú leis an ngeilleagar tuaithe a chothú, a fheabhsú agus a chothabháil. Leanfaidh talmhaíocht le bheith mar ghné thábhachtach de gheilleagar tuaithe Fhine Gall. Caithfidh an earnáil talmhaíochta oiriúnú do na dúshláin a chruthaíonn nuachóiriú, athstruchtúrú, forbairt margaidh agus an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil.**

- Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023

Contae uirbeach agus tuaithe is ea Fine Gall agus, mar gheall air sin, glacann talmhaíocht le príomhról i ngníomhaíochtaí geilleagracha, comhshaoil agus sóisialta an Chontae. Táirgtear i mBaile Átha Cliath Thuaidh breis agus leath de na torthaí agus na glasraí go léir sa tír.

In 2016, b'ionann talmhaíocht agus 37 GWh den fhuinneamh deiridh agus 23,100 tonna $CO_2$ laistigh de réigiún Fhine Gall. Is ionann seo agus 1.2% de na hastaíochtaí iomlána sa Chontae. Chruthaigh beostoc an mhórchuid de na hastaíochtaí ón talmhaíocht, arbh ionann iad agus 62% de na hastaíochtaí talmhaíochta iomlána, agus astaíochtaí ó bharra (22%) agus gairneoireacht (16%) a chruthaigh an dara hastaíochtaí ba mhó. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil astaíochtaí ó thalmhaíocht i Réigiún Bhaile Átha Cliath chomh hard agus atá siad i gcontaetha eile in Éirinn. Is í an chúis is mó atá leis seo ná an méid ceantair thógtha i mBaile Átha Cliath, i gcomparáid le contaetha eile ina bhfuil níos mó talamh feirme ar fáil iontu le haghaidh cleachtais talmhaíochta.

Tacaítear leis an earnáil talmhaíochta chun gníomhaíochtaí a dhéanamh aeráid-díonach trí éagsúlú barr a spreagadh agus beartais úsáide talún a chur i bhfeidhm a chosnaíonn an timpeallacht tuaithe. Tacaítear le feirmeoirí chun barra a éagsúlú agus talamh a léasú, b'fhéidir, do thionscadal fuinnimh in-athnuaite tríd an Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin (GLAS). Tacaíonn CCFG, chomh maith, leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag pobail agus scoileanna chun tabhairt faoi thionscadail feirmeoireachta uirbí agus chuir sé 885 cuibhreann ar fáil go dtí seo.

## BAINISTÍOCHT CRANN

**Ba cheart criosanna reatha crann a choimeád agus a bhainistiú agus ba cheart clampaí níos sine crann a athstocáil. Ba cheart fálú cois bóthair a choimeád agus a bhainistiú. Níor cheart tograí a cheadú inar gá fálta sceach nó crainn fhairsinge pháirce agus cois bóthair a bhaint. Beidh scéimeanna láidre cuir ina n-úsáidtear speicis dhúchasacha, chun forbairt a chuimsiú sna tírdhreacha oscailte seo, ag teastáil.**

- Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023

Meastar sa Staidéar ar an mBrat Crann a rinne Scoil Tíreolaíochta an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, nach gclúdaíonn crainn i bhFine Gall ach 6.5% den achar iomlán, agus bíonn seo a ísle le 3% i gceantair uirbeacha [30]. Mar gheall ar úsáidí éagsúla talún i bhFine Gall é seo, áfach, (i.e. nuair a chuirtear toir agus talamh féaraigh san áireamh, tá brat glas 56.8% sa Chontae). Agus luach crann á aithint, tá CCFG ag oibriú go gníomhach chun criosanna reatha crann a chosaint agus níos mó crann a chur trí Straitéis Crann an Chontae a chur i bhfeidhm.

## CAOMHNÚ AGUS COSAINT

> **Is fearr is féidir achoimre a thabhairt ar Chórais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) trí réiteach "iomlán" a chur ar fáil ar bhainistíocht báistí agus tá sé infheidhme i gcásanna uirbeacha agus tuaithe araon… is féidir le SuDS tairbhí taitneamhachta a sholáthar do phobail áitiúla, chomh maith, agus tairbhí a chruthú don bhthéagsúlacht i gcomhthráth. Ar an mbealach seo, ní bhíonn gnéithe SuDS mar chuid de bhonneagar draenála an Chontae amháin, ach cuid ríthábhachtach iad de Bhonneagar Glas an Chontae iad.**
>
> - Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023

### SuDS agus Réitigh Uiscebhunaithe

Glacann bogaigh, tuilemhánna, lochanna, aibhneacha agus éiceachórais taiscumair le ról tábhachtach sa rialáil a dhéantar ar thuilte i gcórais intíre agus cuireann siad cosaint ar fáil ó dhrochiarmhairtí guaiseacha nádúrtha do dhaoine. Glacann siad le ról, chomh maith, i dteocht a rialáil.

D'fhorbair CCFG réimse pleananna agus straitéisí (Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023, Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Fhine Gall, Foraois Fhine Gall – Straitéis Crann d'Fhine Gall) chun a bhithéagsúlacht a chosaint. Mar gheall go bhfuil ról ríthábhachtach ag éiceachórais Bhaile Átha Cliath maidir le himirce idirnáisiúnta speicis éagsúla éin, is tábhachtach na gnáthóga seo a chosaint agus a chaomhnú. Déanfaidh fairsingiú Bhithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath chuig limistéir idir Ceann Bhinn Éadair agus Deilginis a chinntiú go gcosnaítear an meascán mearaí de chórais éiceolaíochta atá sa bhithsféir. De bhreis air sin, iarracht chomhoibritheach atá i mBithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath a bhainistiú a dhéantar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, a léiríonn an tábhacht a bhaineann leis an limistéar maidir le beogacht chomhshaoil, gheilleagrach agus shóisialta Réigiún Bhaile Átha Cliath.

Tagtar ar ochtó a hocht ciliméadar d'imeallbhord Bhaile Átha Cliath i bhFine Gall; tá an t-imeallbhord seo éagsúil agus tá trí inbhear mhóra mar ghnéithe de (Baile Roiséir, Mullach Íde, agus Baile Dhúill), arb iad na limistéir chaomhantais dúlra is tábhachtaí i gceantar Fhine Gall. Go criticiúil, tá na hinbhir seo i mbaol tuilte, creimeadh cósta agus ardú leibhéal na farraige. Tugann CCFG tús áite do na hinbhir seo a chaomhnú agus a chosaint, anuas ar na dumhcha a ghníomhaíonn mar bhacainn nádúrtha i leith riosca i gcás tuilte cósta, faoi mar a léirítear i ndiaidh gur cruthaíodh Grúpa Idirchaidrimh Chósta Fhine Gall agus réitigh a moladh.

CÁS-STAIDÉAR



**Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath - Láithreán UNESCO**

Sa bhliain 1981, d'aithin UNESCO an tábhacht a bhaineann le Cuan Bhaile Átha Cliath trí Oileán an Bhulla a ainmniú mar bhithsféar mar gheall ar na gnáthóga lena mbaineann tábhacht náisiúnta agus na speicis fiadhúlra arb annamh a dtagtar orthu atá ann. Tá coincheap UNESCO i dtaobh bithsféir tagtha chun cinn agus áirítear leis ní hamháin limistéir lena mbaineann luach éiceolaíochta, ach na limistéir timpeall orthu agus na pobail a chónaíonn agus a oibríonn sna limistéir seo. Rinneadh ainmniúcháin bhreise idirnáisiúnta agus náisiúnta ó shin, a chumhdaíonn go leor de Chuan Bhaile Átha Cliath, lena chinntiú go ndéantar cáilíocht an uisce agus an bhithéagsúlacht ann a chosaint.

Rinneadh an bithsféar a fhairsingiú in 2015, agus cuimsítear anois ann Cuan Bhaile Átha Cliath go léir agus tá breis agus 300 ciliméadar cearnach ann. Cónaíonn breis agus 300,000 duine laistigh den bhithsféar a fairsingíodh le déanaí.

Tá i mBithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath trí chrios éagsúla, a bhainistítear ar bhealaí éagsúla:

- Tá 50 ciliméadar cearnach i gcroíchrios bhithsféar Bhaile Átha Cliath lena mbaineann ardluach nádúrtha. I measc na bpríomhlimistéar tá Inbhir na Tulchann agus Bhaile Dhúill, Riasc Bhaile an Bhóthair, Ceann Bhinn Éadair, Oileán an Bhulla, Inbhir Oileán Dheilginse agus Inis Mac Neasáin.
- Tá 82 ciliméadar cearnach sa chrios maolánach de spásanna poiblí agus príobháideacha glasa, ar nós criosanna glasa agus cúrsaí gailf, a thimpeallaíonn agus a dhéanann imeall leis na croíchriosanna.
- Tá 173 ciliméadar cearnach san idirchrios agus cruthaíonn sé cuid den chuid amuigh den bhithsféar. Tá ceantair chónaithe, calafoirt, poirt agus limistéir thionsclaíocha agus thráchtála ann.

*Éifeachtacht Fuinnimh*
*Laghdú GHG*
*Athléimneacht*
*Feasacht Phoiblí*

# RÉITIGH DHÚLRABHUNAITHE

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHARTHA ATÁ BUISÉADAITHE FAOI LÁTHAIR** | | | | | |
| **OIBRÍOCHTAÍ** | | | | | |
| **N1** | Idirchaidreamh a dhéanamh leis an bplean oiriúnaithe earnála maidir leis an mbithéagsúlacht le príomhghnáthóga agus speicis atá i mbaol ag tionchar an athraithe aeráide a shainaithint | 2019 | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Tugadh faoi cheardlann, sainaithníodh rioscaí agus freagairtí | |
| **N2** | Idirchaidreamh a dhéanamh le grúpa oibre réigiúnach maidir le réitigh dhúlrabhunaithe a luaithe a bhunaítear iad | 2019 | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Bunaíodh grúpa oibre | |
| **BONNEAGAR GLAS** | | | | | |
| **N3** | Straitéis Spáis Ghlais a fhorbairt ina gcuimsítear maolú agus oiriúnú d'athrú aeráide chun athléimneacht aeráide a mhéadú | 2021 | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Cuireadh an straitéis le chéile | |
| **N4** | Rochtain ar spás glas a léarscáiliú sa Chontae a léarscáiliú chun limistéir riachtanais a shainaithint agus bonneagar glas a chuimsiú i mbreithnithe rochtana | 2020 | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Léarscáil ar a dtaispeántar spás glas agus tionscadail | |
| **TALMHAÍOCHT** | | | | | |
| **N5** | Idirchaidreamh a dhéanamh leis an earnáil agraibhia chun tuiscint a fháil ar conas a d'fhéadfadh Fine Gall tacú níos fearr le cleachtais feirmeoireachta níos inbhuanaithe | Leanúnach | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Gníomhaíodh an earnáil | |
| **N6** | Tionscnaimh athraithe aeráide a fhorbairt i gcomhar le feirmeoirí áitiúla agus páirtithe leasmhara eile | 2019 ar aghaidh | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Tionscnaimh arna bhforbairt | |
| **BAINISTÍOCHT CRANN** | | | | | |
| **N7** | An Straitéis Crann a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm chun crainn reatha a chosaint, brat crann a mhéadú, treoirlínte maidir le cothabháil crann a bhunú agus indéantacht úllord uirbeach a fhiosrú | Leanúnach | Bonneagar / Oibríochtaí Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh | Cuireann an Straitéis Crann i bhfeidhm, léarscáil ar líne de chrainn agus plandaí ar fud an Chontae | GHG |
| **N8** | Láithreáin a shainaithint chun coillearnach a chur a chuireann meascán speiceas dúchasach cuí chun cinn | Leanúnach | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | # na suíomhanna agus achar talún na coillearnaí féideartha arna sainaithint | |

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|
| **N9** | Talamh straitéiseach talmhaíochta a léarscáiliú agus a chosaint ar chuspóirí slándála bia náisiúnta | 2022 | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach / Teagasc | Léarscáilíodh an acmhainn | |
| **N10** | SuDS a chuimsiú isteach i gClaiseanna Thógtha Crann a chuireann an Chomhairle ar fáil agus i riachtanais le haghaidh Claiseanna Thógtha Crann faoi mar a ndéanann an Chomhairle coinníoll de i gCeadanna Pleanála | Leanúnach | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Cuimsíodh SuDS | |
| **CAOMHNÚ AGUS COSAINT** | | | | | |
| **N11** | Léarscáil de ghnáthóga agus speicis atá i mbaol athrú aeráide a fhorbairt | 2019 | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | Críochnaíodh an léarscáil | |
| **N12** | Clár monatóireachta de na gnáthóga agus speicis a fhorbairt a mheastar atá i mbaol de bharr athrú aeráide | 2019 | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | # na gclár monatóireachta a bunaíodh do ghnáthóga agus speicis | |
| **N13** | Plean bithéagsúlachta a rinneadh aeráid-díonach a ullmhú | 2019 | Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach | An t-athbhreithniú a chur i gcrích ar ghníomhartha ábhartha aeráide a rinneadh agus é arna leasú dá réir | |
| **N14** | Tacú le Gníomhartha an Phlean Pailneora Uile-Éireann do Chomhairlí de chuid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus iad a chur chun cinn | Leanúnach | Bonneagar / Oibríochtaí Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh | Gníomhartha curtha i bhfeidhm | |
| **N15** | Limistéir phailneora a mhéadú i bpáirceanna poiblí agus spásanna oscailte | 2019 | Oibríochtaí | Limistéar pailneora méadaithe | |
| **N16** | Tacú leis an úsáid a bhaintear as cuibhrinn mar bhealach is féidir le pobail a mbia féin a fhás, agus mílte bia agus cur amú bia a laghdú | Leanúnach | Oibríochtaí | Feasacht mhéadaithe | |

## GNÍOMHARTHA ATÁ AR FEITHEAMH BUISÉID

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **N17** | *Plean bainistíochta fraochmhá a ullmhú do Bhinn Éadair a bhfuil ionchur éiceolaíochta ann* | *2020* | *Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach* | *Cuireadh plean le chéile* | |
| **N18** | *Plean bainistíochta dóiteáin a ullmhú maidir le Binn Éadair ina gcuimsítear breithnithe comhshaoil* | *2020-2021* | *Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach* | *Cuireadh plean le chéile* | |
| **N19** | *Máistirphleananna ilfheidhmeacha a chruthú d'Inbhir Bhaile Roiséir agus Bhaile Dhúill agus an ceantar timpeall orthu* | *2020* | *Bonneagar Pleanála agus Straitéiseach* | *Cuireadh máistirphleananna le chéile* | |

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHROINN/ PRÍOMHRANNA | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU |
|---|---|---|---|---|---|

## SAMPLAÍ DEN REACHTAÍOCHT / BEARTAIS / TREOIR ÁBHARTHA

- Plean Pailneora Uile-Éireann 2015-2020
- Straitéis Taighde agus Caomhnaithe Bhithéagsúlacht Bhithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath 2016-2020
- Staidéar ar Bhrat Crann Bhaile Átha Cliath (2017)
- Straitéis Bhithéagsúlachta an AE
- An Treoir maidir le hÉin ón AE 2009/147/CE
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 I.R. Uimh. 477 de 2011
- An Treoir maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol ón AE 2014/52/AE
- An Treoir maidir le Gnáthóga ón AE 92/43/CEE
- Rialacháin an AE (Pleanáil agus Forbairt) (Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol), 2018 I.R. Uimh. 296 de 2018
- Rialacháin an AE (Speicis Choimhthíocha Ionracha) (Gliomach Fionnuisce), 2018
- Rialachán an AE um Speicis Choimhthíocha Ionracha - Rialachán an AE 1143/2014
- Straitéis an AE um Bonneagar Glas 2013
- Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 (Cuspóirí GI02; GI03; GI10, Gl11; Gl12; Gl13; Gl14; Gl15; Gl16; Gl17; NH21; NH49; PM51; PM64; RF100; SS08; SS10; SS11)
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall (PÁEP) 2016-2021 (Gníomhartha A85; A91; A92; A102)
- An Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin (GLAS)
- An Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta 2017-2021
- Straitéis Tírdhreacha Náisiúnta d'Éirinn 2015-2025
- Foraois Fhine Gall – Straitéis Crann d'Fhine Gall
- An Chreat-Treoir Uisce 2000/60/CE
- Na hAchtanna um Fhiadhúlra (agus Leasú), 1976-2012

# BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ



## LÉARGAS GINEARÁLTA

B'IONANN DRAMHAÍL AGUS FUÍOLLUISCE AGUS **1.7%** D'ASTAÍOCHTAÍ IOMLÁNA FHINE GALL IN 2016 SPRIOCANNA

## TARGETS

DIÚSCAIRT DRAMHAÍOLA IARMHARAÍ NEAMHPHRÓISEÁILTE A THUGTAR GO LÍONADH TALÚN A LAGHDÚ ANUAS GO DTÍ 0%

RÁTA ATHCHÚRSÁLA 50% DE DHRAMHAÍL BHAINISTITHE CHATHRACH A BHAINT AMACH FAOI 2020

LAGHDÚ 10% AR DHRAMHAÍL A GHINEANN ÚDARÁIS ÁITIÚLA

## SAMPLAÍ DE NA PRÍOMHSHAGHSANNA GNÍMH

- Clár Feasachta ar an Aeráid a chur i bhfeidhm don fhoireann
- Na hearraí aonúsáide go léir a bhaint ó cheaintíní na Comhairle
- 'Mí na hAthúsáide' a chur chun cinn gach bliain
- Gréasán scairdeáin uisce óil a bhunú chun cabhrú le dramhaíl phlaisteach a laghdú
- Tacú le tionscnaimh ghlantacháin bruscair mhuirí
- Triail a bhaint as araidí athchúrsála i bpáirceanna réigiúnacha

## SAMPLAÍ DE PHÁIRTITHE LEASMHARA LE HOIBRIÚ LEO AGUS LE TIONCHAR A IMIRT ORTHU

- AN POBAL I gCOITINNE
- RANNA RIALTAIS
- UISCE ÉIREANN
- GNÓLACHTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
- RÉIGIÚN DRAMHAÍOLA OIRTHEAR LÁR NA TÍRE
- GRÚPAÍ POBAIL, BAILTE SLACHTMHARA, IBAL

**Is é an Plean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Oirthir-Lár na Tíre an creat chun dramhaíl a chosc agus a bhainistiú ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe. Is fairsing do scóip an phlean dramhaíola agus, ar deireadh, soláthraítear treoir beartais ann a leagann amach an méid is mian linn a bhaint amach, chomh maith le treoirphlean gníomhartha chun go mbainimid amach iad. Cáipéis reachtúil is ea an plean bainistíochta dramhaíola a ullmhaíonn na húdaráis áitiúla den réigiún agus cumhdaítear ann an tréimhse ó 2015 go 2021, agus déanfar é a leasú nó a athsholáthar ina dhiaidh sin.**
- Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre (2015-2021)

Tá Oifig Réigiún Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre (ORDOLT) freagrach as Plean Bainistíochta Dramhaíola an réigiúin a chur i bhfeidhm. Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bainistiú ar an ORDOLT, agus is í an príomhúdarás don réigiún dramhaíola. Áirítear lena ról an méid seo a leanas:

- Oideachas agus comhairle a sholáthar do theaghlaigh agus pobail lena chur ar a gcumas chun laghdú, athúsáid agus athchúrsáil a dhéanamh
- Oibriú as lámh le húdaráis áitiúla chun spriocanna coiscthe dramhaíola agus éifeachtúlachta acmhainní a bhaint amach
- Oibriú le gnólachtaí chun athsmaoineamh a dhéanamh ar a gcur chuige i leith bainistíocht dramhaíola, trí chaitheamh lenár ndramhaíl mar acmhainní luachmhara ábhartha
- Comhpháirtíocht a dhéanamh le réimse páirtithe leasmhara, údaráis áitiúla, comhlachtaí rialtais, oibreoirí an tionscail dramhaíola, eagraíochtaí comhshaoil, eagraíochtaí athúsáide, institiúidí taighde, agus mar sin de, chun taighde a dhéanamh ar réitigh inbhuanaithe agus iad a cheapadh le haghaidh sruthanna dramhaíola ar leith.

## BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

**Sprioc an Phlean - diúscairt dhíreach dramhaíl neamhphróiseáilte iarmharach Chathrach a thugtar go líonadh talún (ó 2016 ar aghaidh) a laghdú anuas go dtí 0% i bhfabhar próisis réamhchóireála ar a bhfuil luach níos airde agus cleachtais dhúchasacha aisghabhála.**
- Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre (2015-2021)

Tabharfaidh CCFG clár cuimsitheach um chosc agus athchúrsáil dramhaíola isteach laistigh den Chomhairle, agus beidh sí meáite ar ídiú agus an dramhaíl a tháirgtear i bhfoirgnimh agus oibríochtaí CCFG a laghdú. Tá páirt lárnach ag soláthar táirgí a athrú a úsáidtear i bhfoirgnimh agus oibríochtaí na Comhairle chun cosc a chur ar dhramhaíl a tháirgeadh. Tugann CCFG tús áite d'athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta soláthair agus deiseanna a shainaithint chun táirgí áitiúla atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhoinsiú is féidir a úsáid ina cuid oibríochtaí. Déanfaidh an fhógairt a rinne an Rialtas le déanaí nach gceannóidh gach comhlacht poiblí cupáin dí, sceanra agus soip óil phlaisteacha aonúsáide i ndiaidh an 31 Márta 2019 an feachtas seo a neartú níos mó agus beidh orthu tuairisciú lena nAire faoi seach faoi dheireadh na Samhna 2019 ar na bearta a bhfuil siad ag tabhairt fúthu chun giniúint dramhaíola a íoslaghdú agus chun athchúrsáil a uasmhéadú.

**CÁS-STAIDÉAR**

**An Feachtas Conscious Cup - Tionscnaimh faoi Stiúir Saoránach**

Tá de chuspóir ag an bhFeachtas Conscious Cup (FCC) chun úsáid cupán indiúscartha in eagraíochtaí timpeall na tíre a laghdú, agus comhpháirtíocht atá ann idir Voice of Irish Concern for the Environment (VOICE) agus Oifig Dramhaíola Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. Trí chlárú leis an ngluaiseacht, comhaontaíonn eagraíochtaí chun dreasachtaí a chur ar fáil do chustaiméirí as a gcupáin féin a thabhairt leo, ar nós laghdú airgeadaíochta, nó luaíochtaí eile, ar nós stampa breise dílseachta nó rud éigin deas saor in aisce. Tá an tionscnamh seo á chur chun cinn go gníomhach ag Comhairle Contae Fhine Gall trí oibriú le hÚdaráis Áitiúla eile Bhaile Átha Cliath chun tabhairt faoi fheachtas fógraíochta (e.g. feachtas raidió, fógraí pictiúrlainne) le húsáid a bhaint as cupáin ath-inúsáidte a spreagadh i measc an phobail.


*Foinse an ghrianghraif: Goran Ivas / Unsplash*

CÁS-STAIDÉAR

**Dúshlán Dumpála Neamhdhleathaí an NTGB**

Tá Comhairle Contae Fhine Gall mar chuid de chlár Baile Átha Cliath Cliste, a sheol Dúshlán Dumpála Neamhdhleathaí an Taighde Nuálaíochta Gnólachtaí Beaga (an NTGB), i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, in Aibreán 2017 chun réitigh ísealchostais nuálacha a aimsiú chun an fhadhb leanúnach seo a chomhrac i gceantair uirbeacha agus thuaithe. Fuair sé chuideachta €12,500 i gCéim 1, agus bronnadh cistiú breise €130,000 ar cheithre cinn de na cuideachtaí seo chun triail a bhaint as a réitigh, lena n-áirítear:

- Sonraí reatha a chomhtháthú chun léargas níos fearr a sholáthar agus lena chur ar chumas Comhairlí chun cinntí atá de réir sonraí a dhéanamh
- Trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht dróin agus as líonra de chláir phíolótacha cheadúnaithe chun bruscar a shainaithint agus a gheoichlibeáil i gceantair thuaithe Bhaile Átha Cliath
- Trí úsáid a bhaint as córais ísealchostais ísealchumhachta cheamara agus mhonatóireachta chun dumpáil neamhdhleathach a ghabháil, a thuairisciú agus a dhíspreagadh i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon

## CAOMHNÚ UISCE

Cé go bhfuil fuílleach uisce i Réigiún Bhaile Átha Cliath, ní hionann seo, áfach, agus uisce cóireáilte atá oiriúnach d'ól. Faoi mar a léiríodh le linn teagmhais adhaimsire in 2018, tá dúshláin ann maidir le soláthar agus seachadadh uisce in Éirinn. Cé nach bhfuil CCFG freagrach a thuilleadh as uisce a sholáthar, oibreoidh sé le hUisce Éireann lena chinntiú go mbíonn soláthar slán ag daoine. Mar dhea, tá gníomhartha sa phlean seo dírithe, chomh maith, ar oideachas poiblí maidir le caomhnú agus cosaint na hacmhainne luachmhaire seo.

Déanfaidh CCFG an bealach a réiteach, chomh maith, chun ídiú uisce a laghdú i bhfoirgnimh na Comhairle; mar shampla, braiteoirí a shuiteáil ar gach sconna agus taighde a dhéanamh ar a indéanta atá sé uisce liath a úsáid do leithris.

## BRUSCAR AGUS ATHCHÚRSÁIL SA RÍOCHT PHOIBLÍ

**Sprioc an Phlean – Ráta Athchúrsála 50% a bhaint amach i dtaobh Dramhaíl Chathrach faoin mbliain 2020.**

- Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (2015-2021)

Mar chuid de dhramhaíl a laghdú, tá daoine a spreagadh chun athchúrsáil. Beartaíonn CCFG chun an fháil atá ar bhonneagar athchúrsála a fhairsingiú, ar nós Ionaid Fág Anseo ar fud an Chontae, chun an méid ábhair in-athchúrsáilte a laghdú a thógtar a fhad le líonadh talún. Tá CCFG ag oibriú go gníomhach, chomh maith, le foireann Dramhaíola Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (DROLT) chun daoine a chur ar an eolas faoin méid is féidir agus nach féidir leo a athchúrsáil.

CÁS-STAIDÉAR



**Clár Ambasadóir Athchúrsála**

Thacaigh Comhairle Contae Fhine Gall leis an gClár Ambasadóir Athchúrsála, ar thionscnamh VOICE é a chistigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (an RCGAC) agus REPAK. Rinne an clár comhpháirtíocht, chomh maith, leis na hOifigí Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha agus é mar chuspóir chun feabhas a chur ar rátaí athchúrsála na hÉireann agus leibhéil éillithe a laghdú in araidí athchúrsála tí.

Tá mearbhall tagtha ar go leor daoine maidir leis an méid is féidir agus nach féidir a athchúrsáil. Léirigh Clár Ambasadóir Athchúrsála VOICE Ireland an méid is féidir a athchúrsáil san araid tí, bunaithe ar an liosta nua athchúrsála lena gcomhaontaítear go náisiúnta.

**Buaicphointí:**

- 650 ceardlann ar fud na tíre faoi stiúir Ambasadóirí Athchúrsála oilte, a chuir oideachas agus tacaíocht agus spreagadh ar fáil don phobal chun athchúrsáil a dhéanamh níos éifeachtaí
- 30 ambasadóir ar fud na tíre

# BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHEAGRAÍOCHT(AÍ) | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU: |
|---|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHARTHA ATÁ BUISÉADAITHE FAOI LÁTHAIR** | | | | | |
| **SOLÁTHAR** | | | | | |
| **R1** | Soláthar glas a chur i bhfeidhm sa chás gurb indéanta, ag tosú le tomhaltáin oifige | 2019 | Corparáideach | Soláthar glas curtha i bhfeidhm | GHG |
| **R2** | Soláthar glas a chur i bhfeidhm ag imeachtaí lena dtacaíonn an Chomhairle, sa chás gurb indéanta, laghdú ar phlaisteach aonúsáide ina measc | 2019 | Geilleagrach agus Turasóireacht | Soláthar glas curtha i bhfeidhm ag imeachtaí | GHG |
| **BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA** | | | | | |
| **R3** | Córas Bainistíochta Comhshaoil a chur i bhfeidhm d'fhoirgnimh na Comhairle, laghdú ar dhramhaíl agus úsáid uisce, agus athchúrsáil mhéadaithe ina measc | 2019 | Bainistíocht Saoráidí / Timpeallacht | CBC curtha i bhfeidhm | GHG |
| **R4** | Na hearraí aonúsáide go léir a bhaint ó cheaintíní na Comhairle | 2018 ar aghaidh | Bainistíocht Saoráidí | 100% bainte | GHG |
| **R5** | Iarratas a dhéanamh ar dheontais Líonra um Chosc Dramhaíl Údaráis Áitiúil | Leanúnach | Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil | # na ndeontas do thionscadail a bhaineann le dramhaíl | GHG |
| **R6** | Feachtas Conscious Cup a chur chun cinn | Leanúnach | Gníomhú ar son na hAeráide / Cumarsáid | # na ngníomhaíochtaí, # na ndaoine a aimsíodh | GHG |
| **R7** | 'Mí na hAthúsáide' a chur chun cinn gach bliain | Leanúnach | Gníomhú ar son na hAeráide / Cumarsáid | # imeachtaí na Comhairle | GHG |
| **R8** | Ionaid athchúrsála a chur chun cinn agus an réimse ábhar a fhairsingiú sa chás gur féidir | Leanúnach | Oibríochtaí / Timpeallacht | Tonnáiste ábhar a nglactar leo | GHG |
| **R9** | Tionscnaimh an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn agus tacú leo | Leanúnach | Geilleagrach agus Turasóireacht | # na dtionscnamh ar tugadh fúthu | |
| **BRUSCAR AGUS ATHCHÚRSÁIL SA RÍOCHT PHOIBLÍ** | | | | | |
| **R10** | Triail a bhaint as araidí athchúrsála i bpáirceanna réigiúnacha | 2019 | Oibríochtaí | # na n-araidí | GHG |
| **R11** | Clár a chur i bhfeidhm chun araidí boilge móire a shuiteáil ar fud an Chontae chun minicíochtaí bailiúcháin agus astaíochtaí a laghdú | 2019 | Oibríochtaí | # na n-araidí | GHG |
| **R12** | Cuimsiú tionscnaimh athraithe aeráide a chur chun cinn agus tacú leo i bpobail bhailte slachtmhara, scoileanna glasa agus pobail níos glaine | Leanúnach | Gníomhú ar son na hAeráide | # na dtionscnamh a dtacaíonn an Chomhairle leo gach bliain | GHG |
| **R13** | Tacú le tionscnaimh ghlantacháin bruscair mhuirí | Leanúnach | Timpeallacht / Oibríochtaí | # na dtionscnamh a dtacaíonn an Chomhairle leo gach bliain | |
| **R14** | Comhoibriú le Refill.ie a fhiosrú chun buidéil uisce óil aonúsáide a laghdú | 2019 | Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil | Rinneadh measúnú ar indéantacht | |
| **BAINISTÍOCHT LÍONADH TALÚN** | | | | | |
| **R15** | Leanúint leis an gcóras bailithe agus athúsáide gás líonadh talún ag Líonadh Talún Dhún Sinche agus Bhaile Amhlaoibh | Leanúnach | Seirbhísí Uisce agus Timpeallacht | Nach mór náid astaíochtaí GCT faoin mbliain 2030 | GHG |
| **R16** | A indéanta atá sé a fhiosrú chun crainn a chur ar Líonadh Talún Dhún Sinche | 2019 | Seirbhísí Uisce agus Timpeallacht | % méadú ar bhrat crann ar aon dul leis an Máistirphlean amach anseo | GHG |

Éifeachtacht Fuinnimh
Laghdú GHG
Athléimneacht
Feasacht Phoiblí

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHEAGRAÍOCHT(AÍ) | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU: |
|---|---|---|---|---|---|
| **CAOMHNÚ UISCE** | | | | | |
| **R17** | Clár iarfheistithe buta uisce a sholáthar do thithíocht faoi úinéireacht na Comhairle ar bhonn costais agus tairbhe, ag tosú le tithe folmha agus aistrithe tionóntaí | 2019 | Tithíocht | # na mbutaí uisce a suiteáladh | Athléimneacht |
| **R18** | Measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé báisteach a bhailiú ar gach foirgneamh nua poiblí, oibríochtúil agus sóisialta i bhFine Gall agus iad a chur ar fáil pé áit arb inmharthana agus ar cuí | Leanúnach | Gach Roinn / Ailtire | # arna mheasúnú agus arna gcur ar fáil | Athléimneacht |
| **R19** | Leithris ísealsruthlaithe a chuimsiú isteach i bhfoirgnimh, iostaí agus tithíocht na Comhairle, ar aon dul le cláir athchóirithe | 2019-2020 | Bainistíocht Saoráidí | # na leithreas ísealsruthlaithe a cuimsíodh isteach i bhfoirgnimh, iostaí agus tithíocht na Comhairle | Athléimneacht |
| **FEASACHT** | | | | | |
| **R20** | Clár Feasachta ar Athrú Aeráide leanúnach poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | 2019 ar aghaidh | Gníomhú ar son na hAeráide / Cumarsáide / ORGA | Clár curtha i bhfeidhm | Athléimneacht, Feasacht Phoiblí |
| **R21** | Clár Feasachta ar an Aeráid a chur i bhfeidhm don fhoireann | Leanúnach | Acmhainní Daonna / Cumarsáid / Gníomhú ar son na hAeráide | Clár curtha i bhfeidhm | Athléimneacht, Feasacht Phoiblí |
| **R22** | Clár Deontas Feasachta ar Athrú Aeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do scoileanna agus pobail | 2019 ar aghaidh | Gníomhú ar son na hAeráide | Clár curtha i bhfeidhm | Athléimneacht, Feasacht Phoiblí |
| **R23** | Treoir maidir le Gnó Inbhuanaithe i Sord a chur le chéile mar chuid de choincheap 'Cathair Ghlas' atá ag teacht chun cinn | 2020 | Geilleagrach agus Turasóireacht | Cuireadh an treoir le chéile | Athléimneacht, Feasacht Phoiblí |
| **R24** | Clár ionduchtúcháin tionóntaí a fhairsingiú ina gcuirtear feasacht fuinnimh, uisce, dramhaíola agus comhshaoil tionóntaí san áireamh | Leanúnach | Tithíocht / Gníomhú ar son na hAeráide / Ailtirí | # na dtionóntaí a aimsíodh | GHG, Feasacht Phoiblí |
| **R25** | Triail phíolótach a bhaint as ceardlanna um Ghníomhú ar son na hAeráide le coistí Bailte Slachtmhara chun feasacht ar ghníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil a chur chun cinn | 2020 | Gníomhú ar son na hAeráide | # na gceardlann | Feasacht Phoiblí |

## GNÍOMHARTHA ATÁ AR FEITHEAMH BUISÉID

| LÍON | GNÍOMH | AMFHRÁMA | PRÍOMHEAGRAÍOCHT(AÍ) | TÁSCAIRÍ | SPRIOC(ANNA) AR IMRÍODH TIONCHAR ORTHU: |
|---|---|---|---|---|---|
| **R26** | *Gréasán scairdeáin uisce óil a bhunú chun cabhrú le dramhaíl phlaisteach a laghdú* | *2019-2024* | *Oibríochtaí* | *# na bpointí a suiteáladh* | GHG, Feasacht Phoiblí |
| **R27** | *Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé bearta bailithe báistí a iarfheistiú i bhfoirgnimh reatha na Comhairle, go háirithe i dtaobh ní feithiclí, sruthlú leithreas agus tírdhreachú* | *2019-2020* | *Bainistíocht Saoráidí / Ailtirí* | *Críochnaíodh staidéar indéantachta* | Athléimneacht |

## SAMPLAÍ DEN REACHTAÍOCHT / BEARTAIS / TREOIR ÁBHARTHA

- An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin, 2015
- Treoir 2008/98/CE maidir le Dramhaíl (an Chreat-Treoir Dramhaíola)
- Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 (Cuspóir WM05)
- Plean Dramhaíola Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (Beartais B.4.3; C.1.1; C.1.3)
- Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (2015)

## GARSPRIOC 4: CUR I bhFEIDHM

Tá Comhairle Contae Fhine Gall (CCFG) freagrach as úinéireacht agus cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide (PGAA) seo. Teastaíonn cur chuige Comhairle iomláine ón bplean seo, mar gheall go bhfuil na gníomhartha ar son na haeráide i gceist i roinnt mhaith ranna agus rannóg laistigh den Chomhairle. Níl aon réiteach aonair ann; ina ionad sin, bainfear rath amach chun dul i ngleic le hathrú aeráide trí ghníomhartha iolracha aonair.

Bhunaigh CCFG Foireann Aeráide, a bhfuil de chuspóir aici gníomhartha aonair a bhailiú agus a chomhordú chun dul i ngleic leis na dúshláin idirnasctha a bhaineann le maolú aeráide, oiriúnú don aeráid agus fuinneamh inbhuanaithe saor ó charbón. Oibreoidh an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide le Grúpa Stiúrtha Idir-Roinne a dhéanann ionadaíocht do na Ranna go léir sa Chomhairle. Cuirfear tuarascálacha rialta faoi bhráid an Choiste Beartais Straitéisigh (CBS) Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil. Cuirfear Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid na Comhairle iomláine le liosta nuashonraithe gníomhartha.

**Is éard a bheidh i gceist le sainordú Chomhairle Contae Fhine Gall ná an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Straitéisí corparáideacha, pleananna forbartha, agus pleananna forbartha geilleagraí áitiúla reatha agus amach anseo a dhéanamh aeráid-díonach
- Athrú aeráide a chuimsiú isteach ina beartais soláthair nuair is indéanta é sin a dhéanamh
- Struchtúr monatóireachta agus tuairiscithe a eagrú, sceideal ráithiúil cruinnithe chun meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ina measc
- Gníomhartha nua a bhailiú agus spriocanna a fhorbairt
- Obair ar ghníomhartha a chomhordú
- Measúnú leantach a dhéanamh i measc ranna maidir le dul chun cinn
- Plean gníomhaíochta nua a fhorbairt gach cúig bliana
- Bheith mar phointe teagmhála don phobal chun foghlaim faoi ghníomhú ar son na haeráide i Réigiún Bhaile Átha Cliath

Tá Codema, Gníomhaireacht Fuinnimh Baile Átha Cliath, ag leanúint le tacaíocht a sholáthar do go leor gníomhartha aonair i limistéir an taighde, na pleanála, an mheasúnaithe theicniúil, na hanailíse costais is tairbhe, an tsoláthair, na bainistíochta tionscadal agus na cumarsáide.

Is soiléir, chomh maith, gur dúshlán trasteorann é athrú aeráide; tá níos mó i gceist leis ná díreach teorainneacha polaitiúla agus tíreolaíocha agus, ar an ábhar sin, rinne ceithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath comhaontú ar chur chuige réigiúnach Bhaile Átha Cliath ina ndéanann siad comhoibriú go dlúth lena bpleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm. I ndeireadh na dála, is iad na PGAAanna do cheithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath an pointe tosaigh chun athléimneacht a fhorbairt, trí ghníomh reatha agus amach anseo ar son athrú aeráide ar fud an réigiúin.

Déanfaidh Oifig nuabhunaithe Réigiúnach Cathrach Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar Son na hAeráide (ORGA) maoirseacht ar chur i bhfeidhm na PGAAanna. Tá sé ar cheann de cheithre oifig réigiúnacha um athrú aeráide a bunaíodh mar fhreagairt do Ghníomh 8 den Chreat Oiriúnaithe Náisiúnta (an CON). Faoin CON, tá pleananna oiriúnaithe earnála le forbairt agus le cur i bhfeidhm a dhéanfaidh difear d'obair ÚÁanna BÁC. Mar dhea, déanfaidh ORGA idirchaidreamh leis na ranna rialtais láir faoi seach chun gníomhartha a ailíniú faoina dtugann ÚÁanna BÁC le pleananna oiriúnaithe earnála.

**Is é ról ORGA Cathrach Bhaile Átha Cliath chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Cabhrú leis na húdaráis áitiúla laistigh den réigiún chun a bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide a ullmhú
- Tionscnaimh oideachais agus feasachta a fhorbairt don phobal, scoileanna, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaireachtaí eile a thugann faoin gclár um athrú aeráide a thabhairt chun cinn agus cur leis an bPlé Náisiúnta ar Gníomhú ar son na hAeráide ar bhonn áitiúil agus réigiúnach
- Nasc a dhéanamh le hinstitiúidí tríú leibhéal chun ionad sármhaitheasa a fhorbairt do rioscaí ar leith – i gcás an Réigiúin Chathrach, déanfar seo i dtaobh éifeachtaí aeráide uirbí
- Idirchaidreamh agus idirghníomhú a dhéanamh le gníomhaireacht fuinnimh Bhaile Átha Cliath, Codema

Go hidirnáisiúnta, déanfaidh CCFG idirchaidreamh go dlúth le Conradh na Méaraí um an Aeráid agus Fuinneamh agus le líonraí bunaithe eile de chathracha agus cumainn Eorpacha. Lorgóidh CCFG, i gcomhar le ÚÁanna BÁC, Codema agus ORGA, tacaíochtaí teicniúla agus airgeadais le taighde ar an aeráid agus réitigh phraiticiúla ísealcharbóin. Tá sruthanna cistithe idirnáisiúnta ar fáil a chistíonn gníomhaíochtaí a bhaineann le hathrú aeráide, ar nós Interreg na hEorpa, Interreg Iarthuaisceart na hEorpa, LIFE agus Horizon 2020. Cuireann cláir ar nós Pobail Fuinnimh Níos Fearr an SEAI agus an T, F agus T deontais ar fáil go náisiúnta do thaighde agus réitigh thógála. Ina theannta sin, rinne an SEAI forbairt agus tabhairt isteach na bPacaí Coigilte Fuinneamh Baile chun idirchaidreamh a dhéanamh le saoránaigh anuas ar chúnamh deontais a sholáthar chun na tionscadail chonraitheoireachta feidhmíochta fuinnimh a fhorbairt.

Fuair CCBÁC agus CCBÁCT cistiú mór le déanaí ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide agus leanfaidh ÚÁanna BÁC le haghaidh a thabhairt go gníomhach ar thionscadail atá incháilithe don chistiú seo. Leanfaidh Codema agus ORGA le taighde a dhéanamh ar dheiseanna agus comhpháirtíochtaí féideartha cistithe le hinstitiúidí tríú leibhéal. Ar deireadh, baineann tábhacht le comhpháirtíochtaí earnála príobháidí chun réitigh ísealcharbóin a fhíorú do ÚÁanna BÁC agus spreagfar agus éascófar seo, sa chás gur féidir.

# GARSPRIOC 5: MONATÓIREACHT AGUS ATRIALL



Próiseas leanúnach is ea monatóireacht agus deimhniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar ghníomhartha a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú nó a sheachaint. Cuirtear tús le monatóireacht a luaithe a chuirtear gníomhartha i bhfeidhm agus leanann sé ar feadh a saolré, agus cuireann sé aiseolas tábhachtach ar fáil ar féidir leis a bheith áisiúil chun feabhas a chur ar thabhairt isteach le himeacht ama.

Lena chinntiú go mbíonn an rath ar an bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide seo, déanfaidh an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide laistigh de Chomhairle Comhairle Contae Fhine Gall (a oibríonn i ndlúthchomhar le ORGA) tuairisciú go díreach leis an gCoiste Beartais Straitéisigh (CBS) Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil agus le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh, trí Stiúrthóir na Roinne Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil. Cabhróidh seo chun dul chun cinn agus nuashonrú rialta a rianú a dhéantar ar an bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide seo. Léiríonn seo dea-chleachtas cathracha go domhanda, a d'aithin go dteastaíonn gníomh agus comhordú trasrannach i measc na bpáirtithe leasmhara go léir ó dhul chun cinn a dhéantar ar oiriúnú d'athrú aeráide agus athrú aeráide a mhaolú.

Dúshlán ríthábhachtach chun an plean seo a chur i bhfeidhm agus chun monatóireacht a dhéanamh air iad sonraí. Cé gur féidir leis an bhfoireann an leochaileacht a shainaithint agus a phlé a eascraíonn as athrú aeráide agus na gníomhartha chun dul i ngleic leo, leagadh béim ar an ngá atá le sonraí áitiúla, iontaofa agus bailí chun táscairí gnímh a fhorbairt. Braitheann na ÚÁanna in BÁC faoi láthair ar ranna rialtais éagsúla lárnacha (ní hamháin an Phríomh-Oifig Staidrimh) chun sonraí a fháil ar cháilíocht an aeir (an GCC), iompar (an ÚNI), fuinneamh (an SEAI) agus riosca i gcás tuilte (OOP). Imríonn an dúshlán seo rochtana agus fála ar shonraí áitiúla tionchar ar chinntí beartais, agus ar chumas ÚÁanna BÁC chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar ghníomhartha ar son athrú aeráide.

Ar an iomlán, déanfar monatóireacht ar bhonn leanúnach ar an bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide seo agus déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar ghníomhartha gach bliain. Déanfar athbhreithniú agus leasú iomlán ar an bplean gach cúig bliana. Forbraíodh an Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide seo trí CBS Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil CCFG a dhéanann tuairisciú leis an gComhairle Contae iomlán. Déanfaidh Stiúrthóir na Roinne Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil tuairisciú ar dhul chun cinn leis an CBS gach bliain agus déanfaidh an CBS monatóireacht ar dhul chun cinn i dtreo na spriocanna a leagtar amach. Déanfar athbhreithniú agus leasú iomlán gach cúig bliana ar an bplean, agus cuirfear san áireamh athruithe déimeagrafacha, teicniúla agus eile a thit amach chomh maith le haon spriocanna nua a tugadh isteach.

Tá monatóireacht ar leibhéal údaráis áitiúil ar aon dul le dea-chleachtas reatha, ar nós chur chuige Chonradh Méaraí an AE. Cuirfear an PGAA faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus beidh sé ar aon dul le, agus tabharfaidh sé aird ar an tuarascáil 'Athrú Aeráide: comhdhearcadh traspháirtí faoi ghníomhú ar son na haeráide' de chuid an Oireachtais (Márta 2019). Faoi oibleagáidí reatha, téitear i ngleic go leordhóthanach le monatóireacht sa PGAA agus MST.

Is féidir é seo a athrú i gcomhthéacs Straitéis Spásúlachta agus Gheilleagrach Réigiúnach Deiridh an Oirthir agus Lár Tíre agus an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 a chun Cliseadh na hAeráide a Chomhrac foilsíodh le déanaí.

## PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Comhaontaíonn ORGA Cathrach Bhaile Átha Cliath ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) le Grúpa Stiúrtha náisiúnta um Athrú Aeráide an Údaráis Áitiúil, a dhéanann monatóireacht, ar a uain sin, ar fheidhmíocht ORGA in aghaidh na PTFanna comhaontaithe siúd.

Déanann Grúpa Stiúrtha seo ceangal leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (an RCGAC), an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC), Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), Met Éireann agus an Comhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide náisiúnta. Éascaíonn é seo idirchaidreamh leis na ranna éagsúla rialtais agus cabhraíonn sé le PTFanna an údaráis áitiúil a ailíniú leis na cuspóirí beartais aeráide náisiúnta agus AE.

## CONRADH MÉARAÍ AN AE UM AN AERÁID AGUS FUINNEAMH

Sínitheoir é CCFG, anuas ar 7,000 cathair agus réigiún in 57 tír, leis an gConradh Méaraí um an Aeráid agus Fuinneamh, arb é sin an ghluaiseacht is mó ar domhan do ghníomhartha áitiúla aeráide agus fuinnimh. Geallann na cathracha ar sínitheoir iad chun dul i mbun gnímh chun tacú le sprioc an AE a chur i bhfeidhm chun laghdú 40% a bhaint amach ar ghás ceaptha teasa faoin mbliain 2030 agus glacadh le comhchur chuige chun maolú agus oiriúnú d'athrú aeráide a chomhrac.

Dá réir, geallann CCFG chun Plean Fuinnimh Inbhuanaithe agus Gníomhaithe ar Son na hAeráide (PFIGA) a sheoladh ar aghaidh, ina dtugtar cuntas ar na príomhghníomhartha a bheartaíonn sé tabhairt fúthu, agus caithfear seo a sheoladh ar aghaidh laistigh de dhá bhliain i ndiaidh clárú leis an tionscnamh. Beidh an Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide seo mar bhunchloch faoi aighneacht an PFIGA, ina mbeidh Fardal Astaíochtaí Bonnlíne chun gníomhartha maolaithe agus Measúnú ar Rioscaí agus Leochaileacht don Aeráid a rianú. Críochnaíodh fardal astaíochtaí bonnlíne ar fud an chontae de chuid CCFG in 2018 agus úsáidfear é mar thagarmharc chun monatóireacht a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí a fhad leis an mbliain 2030. De bhreis air sin, forbróidh Codema máistirphlean fuinnimh do Réigiún Bhaile Átha Cliath iomlán. Cruthóidh Máistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath bealaí fianaisebhunaithe, réalaíocha agus costáilte do Réigiún Bhaile Átha Cliath chun a spriocanna laghdaithe astaíochtaí carbóin a bhaint amach faoin mbliain 2030 agus ina dhiaidh sin, a fhad le 2050. Díreoidh an Plean ar na limistéir inar féidir dul i mbun gníomhartha chun bearta éifeachtúlachta fuinnimh a thabhairt isteach iontu agus astaíochtaí $CO_2$ a laghdú iontu. Is ionann an gealltanas leis Conradh na Méaraí agus tús próisis fhadtéarmaigh, agus tá cathracha tiomanta do thuairisciú a dhéanamh gach dhá bhliain ar an dul chun cinn atá déanta acu ar a bpleananna a chur i bhfeidhm.

# AGUISÍN I: MEASÚNÚ RIOSCA AR ATHRÚ AERÁIDE

Teastaíonn measúnú riosca ar athrú aeráide lena dheimhniú cén earnálacha i bhFine Gall is leochailí do rioscaí amach anseo a chruthaíonn aeráid athraitheach. Thug Codema faoi mheasúnú riosca meántéarmach a fhad leis an mbliain 2050. Tugadh faoin measúnú riosca a luaithe a bunaíodh bonnlíne d'imeachtaí agus treochtaí clíomacha a dhéanann difear d'Fhine Gall.

## MODHEOLAÍOCHT

Is é an chéad chéim lena mbaineann tabhairt faoi mheasúnú riosca ar athrú aeráide ná tuar a dheimhniú i leith athróga éagsúla aeráide (ar nós luasanna na gaoithe, ardú leibhéal na farraige, tuile, etc.). D'úsáid Codema foinsí éagsúla chun paraiméadair aeráide a thuar a fhad le 30 bliain. Is féidir an tuar seo i dtaobh athróga aeráide a aimsiú sa mhír Bonnlíne Oiriúnaithe.

Lena dheimhniú na héifeachtaí a bhíonn ag aeráid athraitheach ar Fhine Gall, shainaithin Codema cúig limistéar gnímh lena n-áirítear na hearnálacha éagsúla sa Chontae:

1. Príomhbhonneagar agus an timpeallacht thógtha
2. Iompar
3. Bithéagsúlacht
4. Bainistíocht dramhaíola
5. Acmhainní uisce

Roghnaíodh na limistéir ghníomhaíochta chun na limistéir ghníomhaíochta a léiriú a úsáideadh ar fud an Phlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide seo (Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Réitigh Dúlrabhunaithe, Bainistíocht Acmhainní agus Athléimneacht Tuile), a léiríonn sainchúram CCFG.

A luaithe a sainaithníodh na limistéir ghníomhaíochta, ba é an chéad chéim eile chun riosca na limistéar seo a ríomh i leith aeráid athraitheach. Rinneadh seo agus úsáid á baint as an gcothromóid riosca thíos chun rioscaí amach anseo a chainníochtú.

**Riosca Amach Anseo = Iarmhairt x Dóchúlacht**

Is ionann iarmhairt agus an leibhéal díobhála is cúis le teagmhas agus an dóchúlacht go dtarlóidh an t-imeacht céanna sin.

Bronntar réimse rátálacha ar an dóchúlacht agus iarmhairtí idir a haon agus a cúig agus is é a dtoradh an riosca amach anseo.

Meastachán atá sna hiarmhairtí ar chur isteach amach anseo is cúis leis na hathróga aeráide. Léirítear i dTábla 6 (arna oiriúnú ó Threoirlínte Neamhpháipéir an Choimisiúin Eorpaigh [31]) an mhaitrís scórála iarmhairtí, agus tá rátálacha ann idir ríthábhachtach agus fánach.

Bunaítear rátáil na dóchúlachta ar an leibhéal muiníne atá inchurtha i leith na réamh-mheastachán ar athrú ar na réamh-mheastacháin inathraithe aeráide. Tá na rátálacha dóchúlachta in ann a bheith beagnach cinnte, dóchúil, féideartha, mídhóchúil nó annamh.

A luaithe a deimhníodh na rátálacha don iarmhairt agus an dóchúlacht, leagtar amach maitrís riosca i leith aeráide do gach ceann de na hathróga aeráide a dhéanann difear do na limistéir ghnímh chun rioscaí féideartha amach anseo a dheimhniú. Idir ardriosca agus ísealriosca iad na rioscaí amach anseo; léirítear seo i dTábla 7 ar an gcéad leathanach eile, agus léirítear na hardrioscaí (iad siúd is práinní agus ar cheart dul i ngleic leo i dtosach) agus dath dearg agus oráiste dorcha orthu, agus léirítear na hísealrioscaí agus dath glas orthu.

| Consequence | |
|---|---|
| Criticiúil | 5 |
| Mór | 4 |
| Measartha | 3 |
| Beag | 2 |
| Fánach | 1 |

| Dóchúlacht | |
|---|---|
| Beagnach Cinnte | 5 |
| Dóchúil | 4 |
| Féideartha | 3 |
| Mídhóchúil | 2 |
| Annamh | 1 |

| Riosca Amach Anseo | |
|---|---|
| Ardriosca | [15-25] |
| Meánriosca | [7-14] |
| Ísealriosca | [1-6] |

### Tábla 6 Maitrís Scórála Iarmharta

| | IARMHAIRT | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | DÍOBHÁIL SÓCMHAINNE/ INNEALTÓIREACHT | SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT | TIMPEALLACHT | TOSAÍOCHT SEIRBHÍSE | CÁIL |
| **Criticiúil [5]** | Tubaiste a bhféadfadh dúnadh nó cliseadh na sócmhainne/an ghréasáin a bheith mar thoradh air | Bás/básanna aonair nó iolracha agus gortuithe buana | Díobháil shuntasach a bhfuil éifeacht fhorleathan aige. Glacann sé breis agus bliain ar theacht as. Dóchúlacht theoranta go dtiocfar as go hiomlán | Complete failure to deliver on a service priority | National, long term impact with potential to affect stability of government |
| **Mór [4]** | Teagmhas criticiúil a dteastaíonn gníomhartha ollmhóra/éigeandála leanúnachais gnó uaidh | Gortú mór a n-eascraíonn éagumas/míchumas fadtéarmach as. Gortuithe iolracha suntasacha | Díobháil shuntasach a mbíonn éifeacht áitiúil aige. Glacann an téarnamh breis agus bliain. Teip ar na rialacháin chomhshaoil a chomhlíonadh | Major impact on a service priority | National, short term impact on public opinion, negative national media coverage |
| **Measartha [3]** | Teagmhas tromchúiseach a dteastaíonn gníomhartha breise éigeandála leanúnachais gnó uaidh | Gortú measartha óna dteastaíonn idirghabháil ghairmiúil nó mionghortuithe iolracha | Díobháil mheasartha a bhféadfadh éifeacht níos leithne a bheith aige. Teacht as laistigh de bhliain | Moderate impact (positive or negative) on a service priority | Local, long term impact on public opinion with adverse local media coverage |
| **Beag [2]** | Drochtheagmhas ar féidir dul i ngleic leis trí ghníomhartha leanúnachais gnó | Mionghortú óna dteastaíonn idirghabháil nó cóireáil íosta | Díobháil áitiúil laistigh de theorainneacha suímh. Is féidir an téarnamh a thomhas laistigh de mhí i ndiaidh gur imríodh an tionchar | Minor impact (positive or negative) on a service priority | Localised, short term impact on public opinion |
| **Fánach [1]** | Is féidir dul i ngleic leis an tionchar trí ghnáth-ghníomhaíocht | Mionghortú nach dteastaíonn ach garchabhair uaidh | Tionchar ar bith ar an timpeallacht bhonnlíne. Tionchar áitiúil laistigh de phointe na foinse. Ní theastaíonn téarnamh ar bith | Positive impact on a service or priority | Localised temporary impact on public opinion |

### Tábla 7 Maitrís Riosca i leith Aeráide chun Rioscaí Féideartha Amach Anseo a Shainaithint

| IARMHAIRT | LIKELIHOOD | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | ANNAMH [1] | MÍDHÓCHÚIL [2] | FÉIDEARTHA [3] | DÓCHÚIL [4] | BEAGNACH CINNTE [5] |
| **Criticiúil [5]** | 5 | 10 | 15 | 20 | 25 |
| **Mór [4]** | 4 | 8 | 12 | 16 | 20 |
| **Measartha [3]** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 |
| **Beag [2]** | 2 | 4 | 6 | 8 | 10 |
| **Fánach [1]** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |

**Tábla 8 Maitrís Riosca i leith Athrú Aeráide Fhine Gall**

| LIMISTÉIR THIONCHAIR | RIOSCAÍ AERÁIDE | CUR SÍOS | PARAIMÉADAR | IARMHAIRT | DÓCHÚLACHT | RIOSCA AMACH ANSEO |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Príomhbhon-neagar agus an Timpeallacht Thógtha** | Teagmhais Adhaimsire | Cuirfidh méaduithe tuartha ar theocht, luasanna gaoithe, tréimhsí fuara agus báisteach brú ar an timpeallacht thógtha, go háirithe ar phríomhbhonneagar (ar nós líonraí leictreachais agus cumarsáide) agus forbairtí cónaithe (is iad na daonraí is leochailí is mó atá i mbaol) | Tréimhsí Fuara | 4 | 3 | **12** |
| | | | Tonnta Teasa | 2 | 4 | **8** |
| | | | Tréimhsí Tirime | 3 | 5 | **15** |
| | | | Báisteach Throm | 4 | 3 | **12** |
| | | | Luasanna Gaoithe | 5 | 2 | **10** |
| | Ardú Leibhéal na Farraige | Cruthóidh méaduithe ar leibhéil na farraige agus tonnta a sháraíonn cosaintí an chósta, anuas ar stoirmeacha cósta ag tarlú níos minice baol don timpeallacht thógtha. Áireofar leis seo tithíocht agus príomhbhonneagar, ar gnách go dtógtar iad feadh an chósta | Ardú Leibhéal na Farraige | 5 | 5 | **25** |
| | | | Airde Thoinne | 4 | 3 | **12** |
| | | | Taoidí | 4 | 4 | **16** |
| | | | Creimeadh Cósta | 3 | 3 | **9** |
| | | | Borradh Stoirme | 4 | 2 | **8** |
| | Tuile | Cuirfidh tuile abhann, bháistiúil agus screamhuisce brú breise agus ar an timpeallacht thógtha agus cruthóidh sé riosca breise dó. Beidh gach ceantar sa timpeallacht thógtha thíos leis mar gheall ar an riosca breise seo (gnólachtaí, áiteanna cónaithe, príomhbhonneagar, etc.) | Cósta agus Taoide | 5 | 5 | **25** |
| | | | Abhann | 5 | 5 | **25** |
| | | | Báistiúil | 4 | 4 | **16** |
| **Iompar** | Teagmhais Adhaimsire | Cuirfidh méaduithe ar luasanna gaoithe, tréimhsí fuara agus báisteach brú ar ghréasán iompair, agus d'fhéadfaí cur isteach ar sheirbhísí iompair i rith drochtheagmhas | Tréimhsí Fuara | 5 | 3 | **15** |
| | | | Tonnta Teasa | 2 | 4 | **8** |
| | | | Tréimhsí Tirime | 2 | 5 | **10** |
| | | | Báisteach Throm | 3 | 3 | **9** |
| | | | Luasanna Gaoithe | 4 | 2 | **8** |
| | Ardú Leibhéal na Farraige | Cruthóidh arduithe tuartha ar leibhéal na farraige, ar airdí toinne agus ar tharlú stoirmeacha cósta riosca méadaithe do sheirbhísí iompair (ar nós bóithre agus an DART) atá feadh an chósta agus i ngar d'aibhneacha taoide | Ardú Leibhéal na Farraige | 4 | 5 | **20** |
| | | | Airde Thoinne | 4 | 3 | **12** |
| | | | Taoidí | 3 | 4 | **12** |
| | | | Creimeadh Cósta | 3 | 3 | **9** |
| | | | Borradh Stoirme | 4 | 2 | **8** |
| | Tuile | Déanfaidh méaduithe ar thuile abhann agus bháistiúil díobháil do bhóithre, ar féidir le cur isteach ar sheirbhísí iompair bheith mar chúis leis | Cósta agus Taoide | 5 | 5 | **25** |
| | | | Abhann | 5 | 5 | **25** |
| | | | Báistiúil | 4 | 4 | **16** |
| **Bithéag-súlacht** | Teagmhais Adhaimsire | Cuirfidh méaduithe tuartha ar theocht, luasanna gaoithe, tréimhsí fuara agus báisteach brú méadaithe ar an mbithéagsúlacht, trí dhíobháil a dhéanamh, caillteanas gnáthóg agus leitheadúlacht speiceas ionrach a mhéadú | Tréimhsí Fuara | 5 | 3 | **15** |
| | | | Tonnta Teasa | 4 | 4 | **16** |
| | | | Tréimhsí Tirime | 4 | 5 | **20** |
| | | | Báisteach Throm | 3 | 3 | **9** |
| | | | Luasanna Gaoithe | 3 | 2 | **6** |

| LIMISTÉIR THIONCHAIR | RIOSCAÍ AERÁIDE | CUR SÍOS | PARAIMÉADAR | IARMHAIRT | DÓCHÚLACHT | RIOSCA AMACH ANSEO |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bithéag-súlacht** | Ardú Leibhéal na Farraige | Imríonn leibhéil na farraige, airdí toinne agus creimeadh cósta atá ag ardú tionchar mór ar ghnáthóga cósta, agus is iad inbhir agus bogaigh, ach go háirithe, atá i mbaol | Ardú Leibhéal na Farraige | 4 | 5 | **20** |
| | | | Airde Thoinne | 4 | 3 | **12** |
| | | | Taoidí | 3 | 4 | **12** |
| | | | Creimeadh Cósta | 4 | 3 | **12** |
| | | | Borradh Stoirme | 4 | 2 | **8** |
| | Tuile | Is féidir le drochtheagmhais tuile atá ag dul i méid bheith mar chúis le caillteanas gnáthóg agus díobháil a dhéanamh d'éiceachórais | Cósta agus Taoide | 4 | 5 | **20** |
| | | | Abhann | 3 | 5 | **15** |
| | | | Báistiúil | 2 | 4 | **8** |
| **Bainistíocht Dramhaíola** | Teagmhais Adhaimsire | D'fhéadfadh méaduithe tuartha ar theocht, tonnta teasa agus triomaigh an riosca i leith dóiteán a mhéadú i láithreáin líonadh talún agus d'fhéadfaidís leitheadúlacht míolra agus boladh a mhéadú, chomh maith | Tréimhsí Fuara | 2 | 3 | **6** |
| | | | Tonnta Teasa | 4 | 4 | **16** |
| | | | Tréimhsí Tirime | 4 | 5 | **20** |
| | | | Báisteach Throm | 5 | 3 | **15** |
| | | | Luasanna Gaoithe | 1 | 2 | **2** |
| | Ardú Leibhéal na Farraige | Cuirfidh méaduithe ar leibhéil na farraige agus taoidí brú ar chórais sláintíochta (is gnách go mbíonn iad seo suite ar íseal-leibhéil) i ngar don chósta | Ardú Leibhéal na Farraige | 4 | 5 | **20** |
| | | | Airde Thoinne | 4 | 3 | **12** |
| | | | Taoidí | 4 | 4 | **16** |
| | | | Creimeadh Cósta | 2 | 3 | **6** |
| | | | Borradh Stoirme | 2 | 2 | **4** |
| | Tuile | Méadaíonn tuile ar láithreáin líonadh talún an riosca go ndéanfar uisce dromchla agus screamhuisce a éilliú | Cósta agus Taoide | 4 | 5 | **20** |
| | | | Abhann | 3 | 5 | **15** |
| | | | Báistiúil | 4 | 4 | **16** |
| **Acmhainní Uisce** | Teagmhais Adhaimsire | Imreoidh méaduithe tuartha ar theocht, tréimhsí fuara agus báisteach tionchar ar shreafaí agus cáilíocht acmhainní uisce. Laghdófar an fháil atá ar acmhainní uisce mar gheall ar mhéaduithe ar theocht agus tréimhsí fuara, agus is féidir le tréimhsí fuara bheith mar chúis le cur isteach ar sheirbhísí uisce | Tréimhsí Fuara | 5 | 3 | **15** |
| | | | Tonnta Teasa | 4 | 4 | **16** |
| | | | Tréimhsí Tirime | 5 | 5 | **25** |
| | | | Báisteach Throm | 5 | 3 | **15** |
| | | | Luasanna Gaoithe | 1 | 2 | **2** |
| | Ardú Leibhéal na Farraige | Cuireann leibhéil na farraige, airdí toinne agus taoidí atá ag ardú soláthar uisce agus uiscígh i mbaol. Ar an ábhar sin, beidh bainistíocht sheasmhach le déanamh ar ardú leibhéal na farraige chun tuile a sheachaint | Ardú Leibhéal na Farraige | 4 | 5 | **20** |
| | | | Airde Thoinne | 3 | 3 | **9** |
| | | | Taoidí | 4 | 4 | **16** |
| | | | Creimeadh Cósta | 2 | 3 | **6** |
| | | | Borradh Stoirme | 3 | 2 | **6** |
| | Tuile | Cuireann méaduithe ar theagmhais tuile níos mó brú ar chórais uisce, ar gnách go mbíonn siad lonnaithe ag an airde is ísle agus is féidir agus bíonn baol níos mó rompu i leith tuile dá bharr | Cósta agus Taoide | 5 | 5 | **25** |
| | | | Abhann | 4 | 5 | **20** |
| | | | Báistiúil | 4 | 4 | **16** |


# AGUISÍN II: ASTAÍOCHTAÍ IOMLÁNA I bhFINE GALL

Scrúdaítear sa mhír seo na hastaíochtaí iomlána iarmharacha ó na hearnálacha éagsúla i bhFine Gall. Is ionann na hastaíochtaí iomlána ó na hearnálacha éagsúla i mBaile Átha Cliath Theas agus 1,976,230 tonna $CO_2$ coibhéiseach. Ba iad na hearnálacha a tháirg na hastaíochtaí ba mhó na hearnálacha iompair, cónaithe agus tráchtála, agus b'ionann na hastaíochtaí a ghin siad agus 44.6%, 26.0%, agus 24.5% de na hastaíochtaí iomlána, faoi seach, i bhFine Gall. Ón anailís seo, ba cheart go ndíreodh tionscnaimh laghdaithe fuinnimh agus astaíochtaí go príomha ar na trí earnáil seo.


Léirítear i bhFíor 27 na hastaíochtaí iomlána coibhéiseacha $CO_2$ i dtonnaí $CO_2$ coibhéiseacha de réir earnála agus shaghas an bhreosla. Léirítear dramhaíl agus fuíolluisce go léir mar choibhéis $CO_2$ agus ní mhiondealaítear iad de réir shaghas an bhreosla, mar gheall go raibh na sonraí a soláthraíodh i dtaobh astaíochtaí GCT éagsúla.

Ón anailís seo, dheimhnigh Codema gur úsáid an earnáil tráchtála an leictreachas ba mhó i bhFine Gall, agus is san earnáil seo a bhí na hastaíochtaí ab airde ó leictreachas (58%). D'fhéadfadh an líon úsáidí miondíola agus tionsclaíocha i bhFine Gall a bheith mar chúis leis seo, a úsáideann mórmhéid leictreachais mar a bpríomhfhoinse fuinnimh.

Bhí na hastaíochtaí $CO_2$ ab airde san earnáil chónaithe i dtaobh gás nádúrtha, arbh ionann iad agus 69% de na hastaíochtaí iomlána gáis i bhFine Gall. I dturas an ama, gineadh 99% de na hastaíochtaí díosail go léir i bhFine Gall san earnáil iompair. Ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh na hastaíochtaí ab airde sna hearnálacha iompair, cónaithe, tráchtála agus déanann siad níos mó breoslaí iontaise a ídiú ná na hearnálacha eile.




*Fíor 26 Sciar de na hAstaíochtaí Iomlána i gContae Fhine Gall*




*Fíor 27 Astaíochtaí Iomlána i dtonnaí dé-ocsáid charbóin coibhéiseacha in Earnálacha Éagsúla*

## Tábla 9 Fardal Fuinnimh agus Astaíochtaí 2016 Fhine Gall sa Chonradh Méaraí um an Aeráid agus Fuinneamh

| EARNÁIL | | ÍDIÚ DEIRIDH FUINNIMH (MWH) | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | LEICTREACHAS | TEAS/FUACHT | BREOSLAÍ IONTAISE | | | | | | | | FUINNIMH IN-ATHNUAITE | | | | | IOMLÁN |
| | | | | GÁS NÁDÚRTHA | GÁS LEACHTACH | OLA THÉIMH | DÍOSAL/OLA GHÁIS | GÁSAILÍN | LIGNÍT | GUAL | BREOSLAÍ IONTAISE EILE | PLANDOLA | BITHBH-REOSLA | BITHMHAIS EILE | TEIRMEACH GRIANTEASA | GEOITEIR-MEACH | |
| **FOIRGNIMH, TREALAMH/SAORÁIDÍ AGUS TIONSCAIL** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Foirgnimh, trealamh/saoráidí cathartha | | 6,392 | - | 6,873 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | **13,265** |
| Foirgnimh, trealamh/saoráidí threasacha (neamhchathartha) | | 353,641 | - | 346,949 | 9,913 | 297,384 | - | - | - | - | - | - | - | 33,704 | - | 27,756 | **1,069,346** |
| Foirgnimh chónaithe | | 351,228 | - | 1,376,683 | 5,768 | 306,421 | - | - | 151 | 1,613 | 10,444 | - | 3 | 1,591 | - | - | **2,053,901** |
| Soilsiú poiblí | | 13,985 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | **13,985** |
| Tionscal | Neamh-STA | 227,429 | - | 181,905 | 25,139 | 55,496 | - | - | 237 | 54,548 | - | - | 711 | 49,330 | - | - | **594,795** |
| | STA (neamh-mholta) | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | **-** |
| **FO-IOMLÁN** | | **952,673** | **-** | **1,912,409** | **40,821** | **659,301** | **-** | **-** | **388** | **56,160** | **10,444** | **-** | **714** | **84,625** | **-** | **27,756** | **3,745,291** |
| **IOMPAR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Flít cathrach | | - | - | - | - | - | 5,927 | 206 | - | - | - | - | - | - | - | - | **6,134** |
| Iompar poiblí | | 1,355 | - | - | 842 | - | 944,659 | 320,921 | - | - | - | - | - | - | - | - | **1,267,776** |
| Iompar príobháideach agus tráchtála | | 2,241 | - | - | 1,393 | - | 1,562,851 | 530,934 | - | - | - | - | - | - | - | - | **2,097,419** |
| **FO-IOMLÁN** | | **3,596** | **-** | **-** | **2,234** | **-** | **2,513,437** | **852,061** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **3,371,328** |
| **EILE** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Talmhaíocht, Foraoiseacht, Iascaigh | | 5,864 | - | - | - | 2,236 | 28,698 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 36,798 |
| **IOMLÁN** | | **962,133** | **-** | **1,912,409** | **43,055** | **661,538** | **2,542,135** | **852,061** | **388** | **56,160** | **10,444** | **-** | **714** | **84,625** | **-** | **27,756** | **7,153,418** |

| EARNÁIL | | ASTAÍOCHTAÍ $CO_2$ [T] / ASTAÍOCHTAÍ $CO_2$ COIBHÉISEACHA [T] | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | LEICTREACHAS | TEAS/FUACHT | BREOSLAÍ IONTAISE | | | | | | | | FUINNIMH IN-ATHNUAITE | | | | | IOMLÁN |
| | | | | GÁS NÁDÚRTHA | GÁS LEACHTACH | OLA THÉIMH | DÍOSAL/OLA GHÁIS | GÁSAILÍN | LIGNÍT | GUAL | BREOSLAÍ IONTAISE EILE | PLANDOLA | BITHBH-REOSLA | BITHMHAIS EILE | TEIRMEACH GRIANTEASA | GEOITEIR-MEACH | |
| **FOIRGNIMH, TREALAMH/SAORÁIDÍ AGUS TIONSCAIL** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Foirgnimh, trealamh/saoráidí cathartha | | 2,988 | - | 1,407 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | **4,395** |
| Foirgnimh, trealamh/saoráidí threasacha (neamhchathartha) | | 165,327 | - | 71,020 | 2,273 | 76,428 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | **315,048** |
| Foirgnimh chónaithe | | 164,199 | - | 281,807 | 1,323 | 78,750 | - | - | 54 | 549 | 2,756 | - | - | - | - | - | **529,438** |
| Soilsiú poiblí | | 6,538 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | **6,538** |
| Tionscal | Neamh-STA | 106,336 | - | 37,236 | 5,764 | 14,263 | - | - | 84 | 18,579 | - | - | - | - | - | - | **182,262** |
| | STA (neamh-mholta) | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | **-** |
| **FO-IOMLÁN** | | **445,388** | **-** | **391,470** | **9,360** | **169,440** | **-** | **-** | **138** | **19,128** | **2,756** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **1,037,681** |
| **IOMPAR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Flít cathrach | | - | - | - | - | - | 1,565 | 52 | - | - | - | - | - | - | - | - | **1,617** |
| Iompar poiblí | | 633 | - | - | 193 | - | 249,390 | 80,872 | - | - | - | - | - | - | - | - | **331,088** |
| Iompar príobháideach agus tráchtála | | 1,048 | - | - | 319 | - | 412,593 | 133,795 | - | - | - | - | - | - | - | - | **547,755** |
| **FO-IOMLÁN** | | **1,681** | **-** | **-** | **512** | **575** | **663,547** | **214,719** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **880,459** |
| **EILE** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Talmhaíocht, Foraoiseacht, Iascaigh | | 2,741 | - | - | - | - | 7,576 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 10,892 |
| **EILE NACH MBAINEANN LE FUINNEAMH** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Bainistíocht dramhaíola | | | | | | | | | | | | | | | | | **28,192** |
| Bainistíocht fuíolluisce | | | | | | | | | | | | | | | | | **6,813** |
| Eile neamhbhainteach le fuinneamh (Astaíochtaí GCT talmhaíochta) | | | | | | | | | | | | | | | | | **12,192** |
| **IOMLÁN** | | **449,810** | **-** | **391,470** | **9,872** | **170,015** | **671,124** | **214,719** | **138** | **19,128** | **2,756** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **1,976,229** |

# AGUISÍN III: BEARTA MONATÓIREACHTA MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA

**Tábla 10 Bearta Monatóireachta MST**

| ÁBHAR MST | CUSPÓIR UM CHOSAINT AN CHOMHSHAOIL | SPRIOC | DRÉACHT-TÁSCAIRÍ | FOINSÍ SONRAÍ |
|---|---|---|---|---|
| **Bithéag-súlacht, Flóra agus Fána** | Bithéagsúlacht uisceach agus ithreach agus na talún a chaomhnú, a chosaint agus a chothú agus, sa chas gur cuí, iad a athchóiriú, go háirithe i dtaobh suíomhanna agus speicis chosanta atá ainmnithe ag an AE agus go náisiúnta | An Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a nuashonrú le clár soiléir gníomhartha soláthair<br><br>Straitéis Bonneagair Ghlais a fhorbairt laistigh de shaolré an Phlean Forbartha | Líon na gclár agus na ngníomhartha i dTréimhse an Phlean Gníomhaíochta<br><br>*Tabhair faoi deara gur Gníomh é seo de chuid an PGAA anois, atá le críochnú faoi 2021* | Rannóg Bithéagsúlachta Fhine Gall |
| **Daonra agus Sláinte Daoine** | Timpeallachtaí ardchaighdeáin cónaithe, oibre agus caithimh aimsire a sholáthar ina bhfuil teacht ar roghanna iompair inbhunaithe Sláinte Daoine a Chosaint | Líon na ndaoine a mhéadú a chónaíonn agus a oibríonn i bhFine Gall i gcomparáid le bonntorthaí Dhaonáireamh 2016<br><br>Tabhairt faoi Phlean Ceantair Áitiúil do Halla an Leasáin, ina dtugtar cuntas ar agus ina sonraítear go gcuirfear seirbhísí i bhfeidhm sula ndéanfar forbairt cónaithe<br><br>An Reachtaíocht um Cháilíocht an Aeir a Chomhlíonadh<br><br>Tabhairt faoi athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn do cheirtleán Bhaile Átha Cliath ar na ceantair laistigh d'Fhine Gall a sainaithníodh amhail bheith nochta d'ardleibhéil torainn agus clár um chur i bhfeidhm a fhorbairt de na bearta maolaithe laistigh de shaolré an Phlean Forbartha | An líon daoine a chónaíonn agus a oibríonn i bhFine Gall<br><br>N/B<br><br>An líon sáruithe ar Cháilíocht an Aeir<br><br>Líon na mbeart um chur i bhfeidhm | Monatóireacht ar Cháilíocht an Aeir ag an GCC<br><br>CCFG |
| **Uisce** | Cáilíocht an uisce agus bainistíocht sruthchúrsaí agus screamhuisce a chosaint agus, sa chás gur gá, a fheabhsú agus a chothú, i gcomhlíonadh riachtanais chuspóirí agus bhearta na Creat-Treorach Uisce | An clár beart sa Phlean Bainistíochta Abhantraí i gCeantar Abhantraí an Oirthir<br><br>Moltaí na Scéime um Chosaint Screamhuisce Fhine Gall a chomhlíonadh | % méadú ar uiscí a dhéanann stádas maith, ar a laghad, a choimeád agus a bhaint amach<br><br>Líon na gceadanna pleanála a dheonaítear i gceantair a shainítear mar cheantair leochaileacha faoin Scéim um Chosaint Screamhuisce | An GCC agus an RCPRÁ<br><br>Clár Beart Ceantar Abhantraí Náisiúnta 2017 |
| **Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid** | Astaíochtaí truailleán chuig an aer a íoslaghdú a bhaineann le hiompar | Méadú 10% ar an líon daoine a úsáideann modhanna iompair inbhuanaithe (iarnród, bus, rothaíocht, siúl) in aghaidh Modhanna Taistil chuig an Obair 2011 reatha (bainteach le cuspóir 3) | % de mhéadú ar shiúl, rothaíocht agus modhanna iompair phoiblí | An Suirbhé Náisiúnta ar Thaisteal, an Daonáireamh agus Roinn Iompair Fhine Gall |
| | An méid a chuirtear le hathrú aeráide a íoslaghdú trí ghlacadh le bearta oiriúnaithe agus maolaithe | Iarratais nua ar bith ar fhorbairt atá an-leochaileach, faoi mar a shainíonn OOP, an Córas Pleanála agus na Treoirlínte maidir le Riosca i gCás Tuilte (2009) laistigh de thailte a thagann faoi chuimsiú an AEP 1% agus an AEP 0.1%<br><br>Tá RFF A3 nó níos airde le bheith ag gach foirgneamh nua | Líon na n-iarratas ar fhorbairt atá an-leochaileach a cheadaítear laistigh de thailte san AEP 1% agus san AEP 0.1%<br><br>% na bhfoirgneamh nua cónaithe a ndeonaítear cead dóibh a bhfuil RFF A3 nó níos airde acu | An Suirbhé Náisiúnta ar Thaisteal, an Daonáireamh agus Roinn Iompair Fhine Gall |

| ÁBHAR MST | CUSPÓIR UM CHOSAINT AN CHOMHSHAOIL | SPRIOC | DRÉACHT-TÁSCAIRÍ | FOINSÍ SONRAÍ |
|---|---|---|---|---|
| **Ithir agus Geolaíocht** | Acmhainní ithreach a chaomhnú laistigh d'Fhine Gall mar aitheantas ar an mbonn láidir talmhaíochta agus gairneoireachta | Ráta níos airde d'athfhorbraíocht agus d'fhorbairt inlíonta seachas forbairt úrnua | % d'fhorbairt laistigh d'athfhorbraíocht agus d'fhorbairt inlíonta seachas forbairt úrnua | CCFG |
| **Sócmhainní Ábhartha** | An úsáid is fearr a bhaint as bonneagar reatha agus forbairt inbhuanaithe bonneagair nua a chur chun cinn chun freastal ar riachtanais dhaonra Fhine Gall | A iarraidh go mbíonn gach cead pleanála nua cónaithe laistigh de 500 méadar ó stad bus agus laistigh de 1 chiliméadar ó stáisiúin iarnróid<br><br>Tá an fhorbairt chéimnitheach ar aon dul le hacmhainneacht fuíolluisce | % de na ceadanna pleanála laistigh de 500 méadar ó stad bus agus laistigh de 1 chiliméadar ó stáisiúin iarnróid<br><br>Acmhainneacht ar fáil chun forbairt chéimnitheach a chóireáil | CCFG |
| **Oidhreacht Chultúrtha** | Áiteanna, gnéithe, foirgnimh agus tírdhreacha a chosaint lena mbaineann oidhreacht chultúrtha agus/nó ailtireachta ó thionchar mar thoradh ar fhorbairt i bhFine Gall | Cód cleachtais a fhorbairt chun oidhreacht ailtireachta a bhainistiú atá faoi úinéireacht phríobháideach | N/B | Seirbhísí Pleanála agus Uisce CCFG |
| **Tírdhreach** | Gnéithe speisialta de shaintréithe an tírdhreacha a chosaint agus a chothú, saintréithe cósta laistigh d'Fhine Gall ina measc | Athbhreithniú a dhéanamh ar agus tús áite a thabhairt do chlár na gcuspóirí agus na mbeartas laistigh d'Orduithe Láthair Chonláiste Speisialta Ghleann na Life agus Bhinn Éadair<br><br>Tabhairt faoi staidéar tréithrithe gnáthóg i gCeantar an Chladaigh Theas sa Ros faoi mar a shonraítear i dTuarascáil Tionchair Natura de chuid PFC Fhine Gall 2017-2023 | Number of programmed objectives and policies achieved in Development Plan period | Fingal planning dept |
| ***Idirchaid-reamh*** | ***Sláinte daoine, éiceachórais agus próisis nádúrtha a chothú agus a fheabhsú***<br><br>***Iarracht ghníomhach a dhéanamh chun deiseanna chun feabhas a chur ar an gcomhshaol a chomhtháthú fad a bhítear ag oiriúnú d'athrú aeráide*** | ***% nó líon na mbeart bonneagair ghoirm agus ghlais a cuireadh san áireamh in iarratais pleanála fhaofa laistigh de CCFG, SuDS, Bogaigh Chomhtháite, Fálta Sceach, an scéim um chrainn dhúchasacha a chur ina measc***<br><br>***Thacaigh CCFG le bearta bonneagair ghoirm/ghlais pobail*** | ***Athbhreithniú a dhéanamh ar gach iarratas ar dheontas agus líon na scéimeanna lena dtacaíonn CCFG, ar nós bogaigh chomhtháite*** | ***CCFG*** |

# TAGAIRTÍ


1. **Rialtas na hÉireann.** An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin, 2015. Ar fáil ó: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/46/enacted/en/pdf
2. **An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil An Plean Náisiúnta Maolaithe.** 2017. Ar fáil ó: https://www.dccae.gov.ie/documents/National Plean Maolaithe 2017.pdf
3. **An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.** Creat Oiriúnaithe Náisiúnta 2018. Ar fáil ó: https://www.dccae.gov.ie/documents/National Adaptation Framework.pdf
4. **An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.** Tionscadal Éireann 2040 - An Creat Pleanála Náisiúnta. 2018. Ar fáil ó: http://npf.ie/wp-content/uploads/Project-Ireland-2040-NPF.pdf
5. **An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil Treoirlínte maidir le Straitéis Oiriúnaithe a Fhorbairt d'Údaráis Áitiúla 2018.** Ar fáil ó: https://www.dccae.gov.ie/en-ie/climate-action/publications/Documents/14/LA%20Adaptation%20Guidelines.pdf
6. **An PIRAA. Tuarascáil Speisialta ar Théamh Domhanda 1.5 °C - Achoimre don Lucht Déanta Beartais.** 2018. Ar fáil ó: http://report.ipcc.ch/sr15/pdf/sr15_spm_final.pdf
7. **Eagraíocht Mheitreolaíochta an Domhain.** Staid na hAeráide in 2017 – Adhaimsir agus Ardtionchar [an tIdirlíon]. Ar fáil ó: https://public.wmo.int/en/media/press-release/state-of-climate-2017-–-extreme-weather-and-high-impacts
8. **Na Náisiúin Aontaithe.** Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe [an tIdirlíon]. Ar fáil ó: http://www.undp.org/content/undp/en/home/sustainable-development-goals.html
9. **An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Plean Náisiúnta um Chur i bhFeidhm na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2018-2020.** 2018. Ar fáil ó: https://www.dccae.gov.ie/documents/DCCAE-National-Implement-Plan.pdf
10. **An Fóram Eacnamaíoch Domhanda.** Tuarascáil ar Rioscaí Domhanda 2017. An 12ú hEagrán. 2017. Ar fáil ag: http://www3.weforum.org/docs/GRR17_Report_web.pdf
11. **ICLEI.** ICLEI Próiseas na gCúig Gharsprioc [an tIdirlíon]. Ar fáil ó: http://archive.iclei.org/index.php?id=810
12. **An Coimisiún Eorpach.** Baraiméadar Speisialta Eorpach 479 Todhchaí na hEorpa – Athrú Aeráide. 2018. Ar fáil ó: http://ec.europa.eu/commfrontoffice/publicopinion/index.cfm/survey/getsurveydetail/instruments/special/surveyky/2217
13. **Tionól na Saoránach.** An Tríú Tuarascáil agus Moltaí Thionól na Saoránach: Conas is féidir leis an Stát Ceannaire a dhéanamh d'Éirinn i dtaobh Athrú Aeráide a Chomhrac. 2018. Ar fáil ó: https://www.citizensassembly.ie/en/How-the-State-can-make-Ireland-a-leader-in-tackling-climate-change/Final-Report-on-how-the-State-can-make-Ireland-a-leader-in-tackling-climate-change/Climate-Change-Report-Final.pdf
14. **An Phríomh-Oifig Staidrimh.** Daonáireamh 2016 [an tIdirlíon]. Ar fáil ó: https://www.cso.ie/en/census/census2016reports/
15. **Met Éireann.** Met Éireann - Mórtheagmhais [an tIdirlíon]. Ar fáil ó: http://www.met.ie/climate-ireland/major-events.asp
16. **Met Éireann.** Aeráid na hÉireann [an tIdirlíon]. Ar fáil ó: http://www.met.ie/climate-ireland/climate-of-ireland.asp
17. **Aeráid na hÉireann [an tIdirlíon].** Ar fáil ó: https://www.climateireland.ie/#/
18. **An GCC.** Ensemble réamh-mheastacháin ar shamhail aeráide réigiúnaí d'Éirinn. 2015. Ar fáil ó: http://www.epa.ie/pubs/reports/research/climate/EPA%20159_Ensemble%20of%20regional%20climate%20model%20projections%20for%20Ireland.pdf
19. **Walsh S, Dwyer N.** Gaoth Dhromchla, sa GCC. Stádas Aeráid na hÉireann. 2012. Ar fáil ó: https://www.climateireland.ie/web_resource/resources/status-rep/Surface-Wind.pdf
20. **O'Dwyer B, Alexander PJ.** Essential Climate Information [an tIdirlíon]. Ar fáil ó: https://www.climateireland.ie/web_resource/pdf/localAuthority/essentialClimateInformation.pdf
21. **Coiste na hÉireann um Athrú Aeráide.** 3ú Ráiteas Eolaíochta ar Athrú Aeráide agus Leibhéal na Farraige [an tIdirlíon]. Ar fáil ó: https://www.ria.ie/sites/default/files/climate-change-3rd-scientific-statement.pdf
22. **Carter JG, Cavan G, Connelly A, Guy S, Handley J, Kazmierczak A.** Climate Change and the City: Building Capacity for Urban Adaptation. Progress in Planning. 95:1–66. 2015. Ar fáil ó: http://linkinghub.elsevier.com/retrieve/pii/S0305900614000397
23. **Campbell-Lendrum D, Corvala C. Campbell-Lendrum D, Corvala C.** Climate Change and Developing-Country Cities: Implications For Environmental Health and Equity. Sláinte Uirbeach. 84(1):109–17. 2007.
24. **Hunt A, Watkiss P.** Climate Change Impacts and Adaptation in Cities: A Review of the Literature. Athrú Aeráide. 104(1):13–49. 2011. Ar fáil ó: https://doi.org/10.1007/s10584-010-9975-6
25. **An GCC.** Timpeallacht na hÉireann 2008. 2008. Ar fáil ó: http://www.epa.ie/pubs/reports/indicators/irlenv/
26. **An Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Bainistíocht Mór-Éigeandála.** Creat um Bainistíocht Mór-Éigeandála. 2006. Ar fáil ó: http://mem.ie/wp-content/uploads/2015/05/A-Framework-For-Major-Emergency-Management.pdf
27. **Comhairle Contae Fhine Gall.** Plean Mór-Éigeandála Chomhairle Contae Fhine Gall. 2011. Ar fáil ó: http://www.fingalcoco.ie/media/MAJOR%20EMERGENCY%20PLAN%20Final%20Revision%202011.pdf
28. **An tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra [an tIdirlíon].** Available from: https://www.iucn.org/

**29. An Coimisiún Eorpach. Bonneagar Glas a Thógáil don Eoraip.** 2013. Ar fáil ó: http://ec.europa.eu/environment/nature/ecosystems/docs/green_infrastructure_broc.pdf

**30. Brennan M, Mills G, Ningal T.** Staidéar ar Bhrat Crann Bhaile Átha Cliath. 2017. Ar fáil ó: https://www.researchgate.net/profile/Michael_Brennan/publication/316441902_Dublin_Tree_Canopy_Study_Final_Report/links/58fe8cc7a6fdcc8ed50c85bc/Dublin-Tree-Canopy-Study-Final-Report.pdf

**31. An Coimisiún Eorpach.** Treoirlínte Neamhpháipéir do Bhainisteoirí Tionscadail: Infheistíochtaí Leochaileacha a dhéanamh Seasmhach ó Thaobh na hAaeráide [an tIdirlíon]. Ar fáil ó: https://climate-adapt.eea.europa.eu/metadata/guidances/non-paper-guidelines-for-project-managers-making-vulnerable-investments-climate-resilient/guidelines-for-project-managers.pdf


# TÁBLA FÍORACHA


**Fíor 1** Samplaí de roinnt Réitigh Mhaolaithe agus Oiriúnaithe agus a nAistrithe

**Fíor 2** Comhthéacs Institiúide agus Beartais

**Fíor 3** Cur Chuige Cúig Gharsprioc an CITCÁ, arna oiriúnú do Chomhthéacs Bhaile Átha Cliath

**Fíor 4** Amlíne na dTeagmhas Mór Aeráide i bhFine Gall

**Fíor 5** Báisteach Bhliantúil (1941-2010)

**Fíor 6** Meánteocht Aeir Dromchla (1900-2011)

**Fíor 7** Treochtaí Gaoithe Aerfort Bhaile Átha Cliath (1944-2010)

**Fíor 8** Meánleibhéal Farraige Bliantúil Bhaile Átha Cliath 2000-2016

**Fíor 9** Ceantair ina bhfuil Baol i leith Ardú ar Leibhéal na Farraige iontu faoi Láthair i bhFine Gall mar gheall ar Ardú Tuartha ar Leibhéal na Farraige

**Fíor 10** Limistéir faoi réir Tuile Taoide i bPort Mearnóg, Fine Gall

**Fíor 11** Rioscaí i gCás Tuile Stairiúil i bhFine Gall

**Fíor 12** Limistéir atá i mBaol Tuile Abhann - Abhainn Ghabhra

**Fíor 13** Méideanna Tuile i nDomhnach Bat

**Fíor 14** Láthair na Limistéar Cosanta i nDomhnach Bat

**Fíor 15** Meándlúsanna Ábhair Cháithnínigh Bhliantúil2.5 (Mínábhar Cáithníneach) ag Stáisiúin Aonair in 2016

**Fíor 16** Meándlúsanna Ábhair Cháithnínigh Bhliantúil10 ag Stáisiúin Aonair in 2016

**Fíor 17** Meándlúsanna $NO_2$ Bhliantúil (Dé-ocsaíd Nítrigine) ag Stáisiúin Mhonatóireachta Aonair in 2016

**Fíor 18** Struchtúir le haghaidh Cur i bhFeidhm

**Fíor 19** Rialú Údaráis Áitiúil ar Acmhainní

**Fíor 20** Úsáideoirí Móra Fuinnimh

**Fíor 21** Feidhmíocht Fuinnimh Bhliantúil CCFG i gComparáid leis an tSraith Imeachtaí is Cúis le Toradh 33%

**Fíor 22** Astaíochtaí CCFG 2009-2017, le Sraith Imeachtaí is Cúis leis an Sprioc chun Laghdú 40% a bhaint amach faoi 2030

**Fíor 23** Aonaid Tithíochta Sóisialta CCFG de réir Aoise agus Rátáil RFF, de réir 2016

**Fíor 24** Astaíochtaí Iomlána Gás Ceaptha Teasa do Chontae Fhine Gall in aghaidh na hEarnála

**Fíor 25** An Plean Gníomhaíochta a Shamhlú

**Fíor 26** Sciar de na hAstaíochtaí Iomlána i gContae Fhine Gall

**Fíor 27** Astaíochtaí Iomlána i dtonnaí dé-ocsáid charbóin coibhéiseacha in Earnálacha Éagsúla


# TÁBLA NA dTÁBLAÍ


**Tábla 1** Teagmhais Mhóra Aeráide i mBaile Átha Cliath

**Tábla 2** Tuar ar Athróga Aeráide: Léargas Ginearálta 30 Bliain

**Tábla 3** Maitrís Riosca Teagmhais Adhaimsire

**Tábla 4** Maitrís Riosca is Cúis le hArdú ar Leibhéal na Farraige

**Tábla 5** Maitrís Riosca Tuile

**Tábla 6** Maitrís Scórála Iarmharta

**Tábla 7** Maitrís Riosca i leith Aeráide chun Rioscaí Féideartha Amach Anseo a Shainaithint


**Tábla 8** Maitrís Riosca i leith Athrú Aeráide Fhine Gall

**Tábla 9** Fardal Fuinnimh agus Astaíochtaí 2016 Fhine Gall sa Chonradh Méaraí um an Aeráid agus Fuinneamh

**Tábla 10** Bearta Monatóireachta MST

# GIORRÚCHÁIN

**AC** Aonocsaíd Charbóin
**AE** An tAontas Eorpach
**AÉFS** Anailís Éilimh ar Fhuinneamh Spásúil
**BIÉ** Bonneagar Iompair Éireann
**BMÉ** Bainistíocht Mór-Éigeandála
**BMRCTD** Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte Fhine Gall-Oirthear na Mí
**BMRCTD** Measúnú Riosca agus Bainistíocht i gCás Tuilte Dobharcheantair
**CBS** Coiste Beartais Straitéisigh
**CCFG** Comhairle Contae Fhine Gall
**CFF** Conradh Feidhmíochta Fuinnimh
**CFNA** Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe
**CFPÁ** Coistí Forbartha Pobail Áitiúil
**CFS** Crios Forbartha Straitéisí
**CITCÁ** An Chomhairle Idirnáisiúnta um Thionscnaimh Comhshaoil Áitiúla
**CMCAC** Clár Monatóireachta ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh
**$CO_2$** Dé-Ocsaíd Charbóin
**$CO_2$ coibhéiseach** Dé-Ocsaíd Charbóin Choibhéiseach
**CON** Creat Oiriúnaithe Náisiúnta
**CP** Comhdháil na bPáirtithe
**CPN** Creat Pleanála Náisiúnta
**CSF** Cuideachta Seirbhíse Fuinnimh
**DBM** Difríocht Bhreathnaithe sa Mheán
**DFT** Deimhnithe Fuinnimh Taispeána
**DROLT** Dramhaíl Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre
**DTSB** Dóchúlacht Teagmhais/Sáraithe Bhliantúil
**EDS** An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
**EMD** An Eagraíocht Mheitreolaíochta Dhomhanda
**FBG** Foireann Bhainistíochta Géarchéime
**FCC** Feachtas Conscious Cup
**FV** Fótavoltach
**GCC** An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
**GCT** Gás Ceaptha Teasa
**GLAS** An Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin
**GWh** Gigeavatuair
**KM** Ciliméadar
**LDBSU** Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha
**LRP** Líonraí Rannpháirtíochta Pobail
**M agus T** Monatóireacht agus Tuairisciú
**MCBÁC** Mórcheantar Bhaile Átha Cliath
**MLB** Mórlána Bus
**MLF** Meánleibhéal na Farraige
**MLFB** Meánleibhéal Farraige Bliantúil
**MRST** Measúnú Riosca Straitéiseach i gCás Tuilte
**MST** Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
**MTC** Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol
**$NO_2$** Dé-Ocsaíd Nítrigine
**$NO_x$** Ocsaíd de Nítrigin
**nZEB** Foirgneamh beagnach nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh
**OOP** Oifig na nOibreacha Poiblí
**ORGA** Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide
**PÁEP** Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
**PBRTBD** Pleananna Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte atá Bunaithe i nDobharcheantar
**PCÁ** Plean Ceantair Áitiúil
**PGAA** Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide
**PGAFI** Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh Inbhuanaithe
**PGF** Príomhghníomhaireacht Freagartha
**PGFIAN** Plean Gníomhaíochta Fuinnimh In-Athnuaite Náisiúnta
**PGNÉF** Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh
**PIRAA** An Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide
**$PM_{2.5}$** Ábhar Mín Cáithníneach
**$PM_{10}$** Ábhar Cáithníneach
**PNGA** Plé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide
**PNM** Plean Náisiúnta Maolaithe
**PSÉ** Príomhsheirbhís Éigeandála
**PTF** Príomhtháscaire Feidhmíochta
**RCGAC** An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
**RFF** Rátáil Fuinnimh Foirgnimh
**RITS** An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
**RTBM** An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
**RTPPRÁ** An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
**SCCÉ** Staidéar um Chosaint Chósta na hÉireann
**An SEAI** Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
**$SO_2$** Dé-Ocsaíd Sulfair
**SuDS** Córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe
**T, F agus T** Taighde, Forbairt agus Taispeáint
**$tCO_2$** Tonnaí Dé-Ocsaíd Charbóin
**TCTCBÁC** Tionscadal um Chosaint ó Thuile Cósta Bhaile Átha Cliat
**TMO** Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta
**TNGB** Taighde ar Nuálaíocht Ghnólachtaí Beaga
**ÚÁ BÁC** Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath
**UCD** An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
**ÚMF** Úsáideoir Mór Fuinnimh
**UNESCO** Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe
**ÚNI** An tÚdarás Náisiúnta Iompair
**VOICE** Voice of Irish Concern for the Environment



Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council

Codema
Dublin's Energy Agency